PSI
The Pharmacy Regulator
An Rialtóir Cógaisíochta

Tuarascáil Bhliantúil

2023

Clár Ábhar

Réamhrá

Cé sinn féin, an méid a dhéanaimid agus an fáth a dhéanaimid é 2

Buaicphointí 2023 4

Réamhrá le hUachtarán CCÉ 5

Teachtaireacht ón gCláraitheoir 7

Ár dTorthaí agus ár nGníomhaíocht

Dul chun cinn ar ár straitéis agus ar gclár feabhsaithe 10

Gníomhaíocht chun tacú lenár misean 20

Rialachas agus Cuntasacht

Conas a chinntíomar ardchaighdeáin de rialachas inmheánach 45

Tuarascáil ónár gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca 54

Ár dTuarascáil Bhainistíochta Riosca: Príomhrioscaí agus Éiginnteachtaí 56

Ár dTuarascáil Airgeadais 58

Ráitis Airgeadais

64

Cé sinn féin, an méid a dhéanaimid agus an fáth a dhéanaimid é

Is sinne Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (CCÉ) - an Rialtóir Cógaisíochta, comhlacht poiblí a bunaíodh faoin Acht Cógaisíochta, 2007 le sláinte, sábháilteacht agus folláine othar agus an phobail a chosaint trí chógaiseoirí agus cógaslanna in Éirinn a rialáil. Cé gur comhlacht rialála neamhspleách sinn, oibrímid ar mhaithe le cuspóirí cuntasachta poiblí faoi choimirce an Aire Sláinte. Táimid á rialáil ag Comhairle CCÉ, a gceapann an tAire a 21 ball.

An méid a dhéanaimid

- Cláraímid cógaiseoirí, cúntóirí cógaisíochta agus cógaslanna;
- Leagaimid caighdeáin síos i dtaca le hoideachas agus oiliúint cógaiseoirí, agus cinntímid go dtugann gach cógaiseoir faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) iomchuí;
- Cuirimid dea-chleachtas cógaisíochta chun cinn i measc cógaiseoirí, trí chaighdeáin a ardú agus eolas a roinnt ar mhaithe le leas na n-othar agus an chórais sláinte níos fairsinge;
- Tugaimid faoi obair allamuigh chun measúnú a dhéanamh ar conas a chloíonn cógaslanna leis an dlí cógaisíochta agus cógas agus, nuair is gá, gníomhaímid le dul i ngleic le drochfheidhmíocht agus/nó cleachtais bhaolacha;
- Déanaimid breithniú ar ghearáin fhoirmiúla a rinneadh i gcoinne cógaiseora nó cógaslainne, chomh maith le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm; agus
- Cuirimid comhairle, tacaíocht agus treoir ar fáil don phobal, do ghairm na cógaisíochta agus don Rialtas maidir le cúram, cóireáil agus seirbhís na cógaisíochta in Éirinn.

An fáth a dhéanaimid é

Creidimid go bhfuil an pobal i dteideal súil a bheith le hardchaighdeán de chúram a fháil ó chógaiseoirí agus an t-ardchaighdeán de chúram sin a fháil, agus go n-oibrítear cógaslanna de réir ardchaighdeán. Creidimid gur cheart go mbeadh an pobal in ann iontaoibh a bheith acu i gcónaí as cógaiseoirí agus cógaslanna go ndéanfaidh siad an caighdeán seo cúraim agus seirbhíse a sholáthar. Ba mhaith linn ról tábhachtach a bheith againn chun é sin a éascú agus creidimid gur fearr a dhéantar é sin trí ghlacadh le cur chuige comhoibritheach ina mbíonn baint acu siúd go léir a bhfuil ár dtiomantas acu do chúram agus seirbhísí cógaisíochta ardchaighdeáin a sholáthar.

Creidimidgo bhfuil sé tábhachtach, mar chuid dár bhforbairt leanúnach, agus mar iarracht chun dearbhú leanúnach a sholáthar i limistéar cúraim sláinte, rialála agus poiblí atá ag teacht chun cinn, go leagaimid aidhmeanna straitéiseacha dúshlánacha amach romhainn ionas gur féidir linn tionchar a chruthú dóibh siúd a bhfreastalaímid orthu, cur lenár láidreachtaí agus ár n-éifeachtacht, agus a chinntiú go mbuntacaíonn cumarsáid agus idirchaidreamh lenár n-obair go léir. Tá ár Straitéis Chorparáideach 2021-2024 in ainm is na cuspóirí seo a chur chun cinn.

Tugtar léargas ginearálta sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar conas a rinneamar gach gné dár bhfreagrachtaí reachtúla agus dár straitéis a chur chun cinn. Cuirtear Tuarascáil Bhliantúil CCÉ don bhliain 2023 faoi bhráid an Aire Sláinte i gcomhréir le halt 17(1) de Sceideal 1 leis an Acht Cógaisíochta, 2007. Cumhdaítear sa Tuarascáil an tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Ár bhFís, Misean agus Luachanna

Ár bhFís

Go mbíonn teacht ag an bpobal ar sheirbhísí iontaofa cógaisíochta agus go gcuireann CCÉ go soiléir agus follasach leis an bhfáil a bhíonn ar na seirbhísí siúd agus ar a gcáilíocht.

Ár Misean

Déanaimid sláinte, sábháilteacht agus folláine othar agus an phobail a chosaint trí dhul i mbun gníomh tráthúil agus éifeachtach lena chinntiú go bhfuil cógaiseoirí in Éirinn inniúil agus go bhfuil cógaslanna a n-oibriú ar ardchaighdeáin sábháilteachta agus iontaofachta.

Ár Luachanna

Buntacaíonn ár luachanna leis an mbealach a sholáthraímid ár misean. Treoraíonn siad ár n-iompar, na hionchais a leagaimid amach dúinn féin, agus eispéireas daoine eile a dhéanann idirchaidreamh linn. Cuireann siad fianaise dúinn maidir lenár dtiomantas do chomhionannas agus cearta daonna sa bhealach a shásaímid ár ról.

Cinntíonn ár luachanna go mbainimid amach na cuspóirí a leagaimid amach agus go mbainimid amach na hardchaighdeáin a mbíonn comhlachtaí poiblí agus na fostaithe sa tseirbhís phoiblí a oibríonn leo ag súil leis go mbainimid amach.

Freastal ar an bpobal

Tá sábháilteacht an phobail i gceartlár gach rud a dhéanaimid, agus gníomhaímid leis an tsábháilteacht sin a chinntiú.

Cuirtear gach duine san áireamh

Is mór againn gach duine agus léirímid idir luach agus meas orthu.

Oibriú as lámh a chéile

Oibrímid i gcomhar lenár gcomhghleacaithe agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir.

Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla

Bíonn iompar le slánchúis agus oibiachtúlacht ar bun againn. Bíonn ár ngníomhartha bunaithe ar fhianaise.

Glacadh leis an athrú

Táimid nuálach agus oiriúnaímid chun torthaí a bhaint amach agus chun feabhas leanúnach a dhéanamh.

Buaicphointí 2023

Tionscadal Lucht Saothair Cógaslainne Amach Anseo



D'fhoilsíomar Tuarascáil Faisnéise an Lucht Saothair i Meán Fómhair agus sheolamar an dara suirbhé bliantúil ar an lucht saothair cógaiseoirí i Samhain.

Tuarascáil an HEA ar acmhainn a fhorbairt san ardoideachais do chláir chógaisíochta

Ghlacamar páirt i Sainphainéal Comhairleach an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA) le hathbhreithniú a dhéanamh ar thograí institiúidí chun acmhainn áiteanna acadúla a fhairsingiú don chógaisíocht.

An sainordú um ghníomhú ar son na haeráide agus gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta

D'fhorbraíomar ár gcéad Treochlár Bliantúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, ina léirítear ár dtiomantas leanúnach d'inbhuanaitheacht agus d'astaíochtaí a laghdú.

Seónna Bóthair Réigiúnacha

Chuireamar sraith seónna bóthair réigiúnacha ar siúl i nDeireadh Fómhair 2023, a bhain garsprioc mhór eile amach dúinn inár dtiomantas leanúnach d'idirchaidreamh a dhéanamh le cláraithe. Ba í aidhm na seónna bóthair nuashonruithe a sholáthar ar shaincheisteanna tráthúla, cosúil le róil rialachais cógaisíochta, Tuarascáil Faisnéise an Lucht Saothair, agus ceisteanna maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh.

Samhail FGL do Chúntóirí Cógaisíochta

Forbraíodh tuarascáil ina leagtar amach samhail mholta FGL do chúntóirí cógaisíochta.

Sain-Tascfhórsa chun tacú le róil chógaiseoirí a fhairsingiú

Tugadh cuireadh dúinn cur leis an obair thábhachtach seo i gcomhar le páirtithe leasmhara sláinte. Is é cuspóir an Tascfhórsa chun tacú le cinntí beartais ar leith a sholáthar, a fheidhmeoidh le seirbhísí agus cleachtais a ailíniú ar féidir le cógaiseoirí, agus cógaslanna, iad a sholáthar, le riachtanais na seirbhíse sláinte agus othar.

Ceapacháin leis an gComhairle

Thug cúigear comhaltaí na Comhairle téarmaí oifige chun críche i rith 2023 agus cheap an tAire Sláinte comhaltaí nua comhairle i Meitheamh agus Deireadh Fómhair.

Suirbhé poiblí ar sheirbhísí riaracháin cógas i gcógaslanna

Thugamar faoi shuirbhé leis an bpobal i rith Lúnasa agus Mheán Fómhair 2023 le níos mó a fhoghlaim faoi roinnt de na seirbhísí a úsáideann othair agus an pobal i gcógaslanna.

Samhail FGL do chógaiseoirí

Tugadh faoi thuarascáil ina leagtar amach an toradh agus na moltaí a d'eascair as athbhreithniú.

An Croíchreat Inniúlachta

Seoladh an Creat leasaithe do chógaiseoirí i Meán Fómhair.

Claochlú gnó

Seoladh é an chéad chéim eile dár dtionscadal claochlaithe gnó i Lúnasa. Áiríodh leis seo ardán clárúcháin ar líne chun iarratais ar an Liosta Soláthair Idirlín a líonadh agus liosta cuimsitheach inchuardaithe soláthair idirlín ar líne.

Réamhrá leis an Uachtarán

Tá áthas orm, thar ceann Chomhairle CCÉ, Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais CCÉ a chur i láthair don bhliain 2023 i gcomhréir le ceanglais an Achta Cógaisíochta, 2007.

Mar an rialtóir cógaisíochta, déanann CCÉ rialáil ar gach cógaiseoir agus gnólacht cógaisíochta cláraithe. Déanaimid seo ar mhaithe le leas an phobail, a chiallaíonn go n-oibrímid lena dhearbhú don phobal go mbíonn cógaiseoirí ag obair i gcónaí i leith ardchaighdeáin agus ghairmiúlachta. Déantar na gníomhaíochtaí, an t-aschur agus an dul chun cinn a dhoiciméadú sa tuarascáil bhliantúil in 2023 agus sinn ag tabhairt aghaidh ar ár misean chun sláinte, sábháilteacht agus folláine othar agus an phobail a chosaint.

Rialaíonn an Comhairle an CCÉ agus tá sí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar a fheidhmeanna. Príomhról na Comhairle is ea an treoir straitéiseach a leagan don eagraíocht, faoi mar a léirítear i Straitéis Chorparáideach 2021-2024 reatha, agus lena chinntiú go mbaintear na cuspóirí straitéiseacha seo amach. I rith 2023, rinne Comhairle an CCÉ maoirseacht ar thionscadail agus ar chláir mhóra straitéiseacha oibre a sholáthar agus a thabhair chun críche ar mhaithe le leas an phobail, faoi mar a thugtar cuntas air sa tuarascáil seo.

Bhí áthas orainn i Meán Fómhair 2023 Tuarascáil Faisnéise an Lucht Saothair a sheoladh, an chéad tuarascáil dá samhail don chógaisíocht in Éirinn. Scrúdaíodh sa tuarascáil na saincheisteanna a bhaineann le cógaiseoirí a earcú agus a choinneáil i suíomhanna pobail agus ospidéil araon. Garsprioc mhór é, a sholáthar amharc bonnlíne ar shonraí faoin lucht saothair cógaisíochta agus ar dhearcthaí ó chógaiseoirí i leith na gairme. Tá pleanáil an lucht saothair casta agus baineann go leor tosca léi. Teastaíonn cur chuige comhoibritheach ilpháirtí leasmhair uaithi lena chinntiú go bhfuil dóthain cógaiseoirí ar fáil le freastal ar riachtanais othar agus le glacadh le ról iomlán i bhforbairt an chórais sláinte chomhtháite amach anseo. Cuimsítear sa tuarascáil roinnt gníomhartha do CCÉ a d'fhaomh an Chomhairle. I gcomhoibriú leis an Roinn Sláinte, tá Grúpa Oibre Lucht Saothair Cógaisíochta ilghníomhaireachta á bhunú againn le díriú orthu seo a thabhairt chun cinn agus ar na gníomhartha eile a chuimsítear laistigh den tuarascáil, agus lean an obair seo ar aghaidh isteach in 2024.

Bhí áthas orainn freisin Creat Croí-Inniúlachtaí do Chógaiseoirí leasaithe a sheoladh. Gníomhaíonn an Creat Croí-Inniúlachtaí mar ráiteas tábhachtach i leith an réimse inniúlachtaí a mbíonn súil leis go bhfuil siad ag cógaiseoirí i luathchéimeanna a ngairme beatha. Tacaíonn sé le roinnt feidhmeanna reachtúla agus soláthraítear ann an struchtúr agus an treoir do gach cógaiseoir nuair a dhéantar machnamh ar a riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí.

D'fhaomh Comhairle an CCÉ chomh maith dhá thuarascáil a bhaineann le Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL). Bhain an chéad cheann le samhail chuí FGL do Chúntóirí Cógaisíochta, agus bhain an

dara ceann le hathbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail reatha FGL do chógaiseoirí. Bogfaidh an dá cheann de na tionscadail seo chuig an gcéim um chur i bhfeidhm de réir mar a fhéachaimid lena chinntiú go bhfuil na gairmithe a sholáthraíonn seirbhísí cógaisíochta d'othair agus don phobal ag tabhairt faoin bhfoghlaim agus forbairt chuí laistigh de shamhail chéimnitheach agus nuálach FGL.

Tá Comhairle an CCÉ agus an Roinn Sláinte ag díriú go straitéiseach le tamall fada ar ról cógaiseoirí in Éirinn a fhairsingiú ar mhaithe le leas an phobail. Bhunaigh an tAire Sláinte Sain-Tascfhórsa chun tacú le ról cógaiseoirí in Éirinn a fhairsingiú in Iúil 2023. Leagadh an dualgas ar an Tascfhórsa bealaí a bhreithniú agus a scrúdú inar féidir le cógaiseoirí cur lena scóip reatha chleachtais ar mhaithe le hothair, an pobal agus an córas sláinte níos fairsinge. Tacaíonn Comhairle an CCÉ go tréan leis an tionscnamh seo agus leis na tairbhí féideartha a d'fhéadfaí a bhaint tríd an réimse agus an scóip sheirbhísí a d'fhéadfadh cógaiseoirí a sholáthar i gcóras sláinte comhtháite amach anseo. Aithníonn agus formhuiníonn an Chomhairle chomh maith an rannchuidiú tábhachtach a thugann CCÉ lena chinntiú go mbuntacaíonn creataí agus tacaíochtaí cuí agus comhréireacha rialála le hobair an Tascfhórsa agus le haon bheartais atá dírithe ar an scóip chleachtais do chógaiseoirí a fhairsingiú.

Bhí onóir orm gur ceapadh mé mar Uachtarán ar Chomhairle an CCÉ i Meitheamh 2023. Ba mhaith liom buíochas na Comhairle agus na foirne a chur in iúl do Mhuireann Ní Shúilleabháin, Uachtarán Chomhairle an CCÉ ó Mheitheamh 2021 go Meitheamh 2023, agus buíochas a ghabháil léi as an tseirbhís thiomnaithe agus an lámh chúnta a sholáthair sí le dhá bhliain anuas. Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl, chomh maith, do bhaill na Comhairle agus na Choistí a chríochnaigh a dtéarmaí le bliain anuas as an rannchuidiú agus an saineolas a thug siad d'obair an CCÉ.

Aithním freisin obair ár gCláraitheora agus ár bPríomhoifigigh, Joanne Kissane, ó ghlac sí leis an ról in Eanáir 2023. Tá tionchar á imirt ar fud na heagraíochta ag a tiomantas agus a héifeachtachta mar Chláraitheoir, agus táimid ag súil le hoibriú léi agus leis an eagraíocht in 2024 lenár Straitéis Chorparáideach nua a fhorbairt a réiteoidh an bealach chun cinn do na blianta amach romhainn.

De réir mar a bhogann an earnáil tríd an tréimhse spreagúil seo athraithe, ábhar dearbhaithe agus buíochais dúinn araon tiomantas agus diongbháilteacht chomhsheasmhach na Comhairle, bhaill na gCoistí, fhoireann an CCÉ. Táim ag tnúth le leanúint ag oibriú leis an bhfoireann sanCCÉ chun ár n-obair a thabhairt chun cinn agus leanúint dár gcroí-ról a sholáthar, a bhaineann le hiontaoibh an phobail as an gcógaisíocht a dhearbhú,trí rialáil éifeachtach.



Katherine Morrow

Uachtarán

Teachtaireacht ón gCláraitheoir

De réir mar a chuirimid ár dtuarascáil bhliantúil don bhliain 2023 i láthair, tá áthas orm an deis a ghlacadh machnamh a dhéanamh ar mo chéad bliain sa CCÉ. Chuaigh tiomantas agus dúthracht Chomhairle an CCÉ, na Coistí, ár gcomhghleacaithe sa CCÉ, agus iad siúd uile a chuir lenár n-obair le bliain anuas, go mór i gcion orm ó ceapadh mé i mo ról mar Chláraitheoir in Eanáir 2023.

Ghlac mé leis an ról seo i rith tréimhse inar thit athrú suntasach agus leanúnach amach don CCÉ, agus don chóras agus an tsochaí ina n-oibrímid. Sé mo thuaraim go gcuirfear dlús leis an tréimhse sin athraithe i rith 2024 de réir mar a fhorbraímid ár straitéis chorparáideach nua. Cé go leanann cleachtas na cógaisíochta agus cógaiseoirí de theacht chun cinn, tá ár dtiomantas d'iontaoibh an phobail i gcógaisíocht gan staonadh trí rialáil éifeachtach.

Tugadh chun solais i dTuarascáil Faisnéise an Lucht Saothair, a choimisiúnaigh an CCÉ agus a foilsíodh i Meán Fómhair, go leor de na dúshláin a tugadh faoi deara maidir le cógaiseoirí a earcú agus a choinneáil. Ábhar spreagtha dúinn gur thugamar méadú comhsheasmhach faoi deara ar an líon cógaiseoirí atá cláraithe leis an CCÉ, arb ionann an líon díobh faoi láthair agus breis agus 7,400. I bhfírinne, cuireadh an líon ab airde cógaiseoirí in 2023 lenár gcláir ó bunaíodh iad breis agus 15 bliana ó shin. Sainaithníodh i dTuarascáil Faisnéise an Lucht Saothair, áfach, nach é díreach an líon cógaiseoirí cláraithe a mhéadú an réiteach. Cuimsítear sa tuarascáil sé phríomh-mholadh ina bhfuil sraith gníomhartha, a thugann chun solais go dteastaíonn freagairt ilghníomhaireachta páirtithe leasmhara chun dul i ngleic le saincheist chasta phleanáil an lucht saothair. Tá an CCÉ, anuas ar pháirtithe leasmhara eile ar fud an chórais, tiomanta do ghníomhartha um dhul chun cinn a sainaithníodh, faoi mar is gá, le lucht saothair cógaisíochta inbhuanaithe amach anseo a chinntiú.

Tá uaillmhian láidir ann i measc cógaiseoirí glacadh le ról níos fairsinge i gcóras sláinte comhtháite amach anseo, agus thug níos mó ná 60% díobh siúd a d'fhreagair ár Suirbhé ar an Lucht Saothair le fios go bhfuil siad toiliúil agus gur maith leo scóip a gcleachtais a fhairsingiú. B'fhorbairt mhór in 2023 é bunú an tSain-Tascfhórsa chun tacú le róil chógaiseoirí a fhairsingiú. Ghlac an tAire Sláinte le chéad mholadh an Tascfhórsa i Samhain 2023. Faoin moladh, cuirfear ar chumas cógaiseoirí bailíocht oidis a shíneadh ó shé mhí a fhaide le tréimhse uasta 12 mhí má tá sé sábháilte agus cuí, de réir a mbreithiúnais ghairmiúil, amhlaidh a dhéanamh. Cuirfear ar chumas oideasóirí chomh maith oidis a eisiúint ar feadh a fhaide le 12 mhí. Is é an moladh seo an chéad chéim chun ról cógaiseoirí in Éirinn a fhairsingiú agus é mar chuspóir rochtain othar a fheabhsú, soláthar cúraim sláinte a chuíchóiriú ag an bpointe castachta is ísle, agus cur le torthaí níos fearr d'othair, ar aon dul le prionsabail Sláintecare. Táimid ag tnúth le leanúint de pháirt a ghlacadh sa Tascfhórsa ilpháirtí leasmhair in 2024 chun tacú le seirbhísí a sholáthraíonn cógaiseoirí a fhorbairt agus a fhairsingiú go sábháilte.

Cuid bhunúsach dár sainchúram rialála is ea eolas a sholáthar agus feasacht a mhúscailt ar ár ról agus ár n-obair. Chuireamar i rith 2023 le comhairliúcháin náisiúnta sláinte agus chúraim shóisialta, grúpaí oibre agus le cruinnithe traseagraíochta eile. Lean ár n-idirchaidreamh rialta le ranna rialtais agus le páirtithe leasmhara eile ó limistéir ar fud na n-earnálacha cógaisíochta agus sláinte agus cúraim shóisialta. Ceann de na buaicphointí dúinn mar eagraíocht i rith 2023 a bhí i bhfilleadh ar imeachtaí i bpearsan a chur ar bun. Chuireamar sraith seónna bóthair réigiúnacha ar bun i nDeireadh Fómhair, a sholáthair deis thábhachtach idirchaidreamh agus idirghníomhú a dhéanamh le cláraithe.

Is rí-mhór don CCÉ an ríthábhachtach a ghlacann ár gcomhghleacaithe lenár misean a bhaint amach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil len ár gcomhghleacaithe sa CCÉ as a n-obair dhian, a dtiomantas, agus a ngairmiúlacht. Gabhaim buíochas lebaill an Chomhairle agus na Choistí as a dtacaíocht, agus a dtiomantas leanúnach i rith 2023. Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl, chomh maith, d'Uachtarán Chomhairle an CCÉ, Katherine Morrow, as a tiomantas, a treoir agus a tacaíocht. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach cógaiseoir agus a bhfoirne as a rannchuidiú as cuimse le sábháilteacht othar agus leis an bpobal a chosaint. Leanann siad ag seasamh lena gcáil luachmhar agus a tuilleadh go dian mar sholáthraithe iontaofa cúraim sláinte i bpobail agus i suíomhanna cúraim sláinte ar fud na hÉireann, trí na hardchaighdeáin chúraim agus seirbhísí a sholáthraíonn siad.

Táim ag tnúth le hoibriú leo siúd go léir sa CCÉ agus taobh amuigh de, de réir mar a thugaimid ár n-obair chun cinn agus a leanaimid le haghaidh a thabhairt ar an mbliain dheireanach dár Straitéis Chorparáideach 2021-2024. De réir mar a chomh-oibrímid ar ár gcéad straitéis eile a fhorbairt, tá an teachtaireacht soiléir - tá an córas cúraim sláinte réidh go nglacfaidh cógaiseoirí le ról nua agus fairsingithe chun tacú leis an bpobal agus le hothair. Ní foláir dúinn a chinntiú go mbun-tacaíonn an creat rialála cuí le seirbhísí amach anseo, chun gur féidir cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí a sholáthraítear a dhearbhú d'othair. Tá bunchloch dhaingean leagtha againn ar féidir tógáil uirthi, agus tá muinín agam go nglacfaidh an CCÉ a bpáirt ag tráth cinniúnach borrtha agus forbartha do ghairm na cógaisíochta.

Joanne Kissane.

Joanne Kissane

Cláraitheoir agus Príomhoifigeach

Ár dTorthaí agus ár nGníomhaíocht

Leanaimid le bheith tiomanta go leanúnach d'iontaoibh an phobail as cógaisíocht a chinntiú trí rialáil éifeachtach

Tugtar léargas ginearálta sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar conas a rinneamar gach gné dár bhfreagrachtaí reachtúla agus dár Straitéis Chorparáideach 2021-2024 a chur chun cinn i rith a tríú bliain. Tá trí limistéar straitéiseacha ann faoina ndírímid ar thorthaí straitéiseacha a sholáthar.

Buntacóidh cumarsáid agus idirchaidreamh lenár n-obair go léir

Dul chun cinn ar ár straitéis agus ar gclár feabhsaithe

Cuspóir Straitéiseach 1: Ról na cógaisíochta agus cógaiseoirí sa chóras cúraim sláinte comhtháite amach anseo a thabhairt chun cinn

Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Croí-Inniúlachtaí do Chógaiseoirí

Gníomhaíonn an Creat Croí-Inniúlachtaí mar ráiteas i leith an réimse inniúlachtaí a mbíonn súil leis go bhfuil siad ag cógaiseoirí nuair a thosaíonn siad a ngairm bheatha. Úsáidtear é freisin le struchtúr agus treoir a sholáthar do gach cógaiseoir nuair a dhéantar machnamh ar a riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí. Sheol an CCÉ agus Institiúid Cógaisíochta na hÉireann an Creat Croí-Inniúlachtaí do Chógaiseoirí leasaithe i rith seimineár gréasáin do chógaiseoirí an 13 Meán Fómhair 2023. Anuas air sin, sholáthair an IIOP sraith seónna bóthair ar fud na tíre do chógaiseoirí, a sholáthair eolas ar an gcreat leasaithe a úsáid ar mhaithe le forbairt ghairmiúil leanúnach. Leanann forbairt an chreata leasaithe obair a tosaíodh in 2021, inar tugadh páirtithe leasmhara le chéile leis na hathruithe agus na feabhsúcháin a theastaíonn a shainaithint. D'aontaigh na Scoileanna Cógaisíochta le plean um chur i bhfeidhm ina gcuimseofar an creat leasaithe go hiomlán isteach sa churaclam MPharm faoin mbliain 2025.



Athbhreithniú a dhéanamh ar an tSamhail FGL do Chógaiseoirí

Leanamar in 2023 lenár dtionscadal ilbhliantúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL) do chógaiseoirí le tacaíocht neamhspleách sainchomhairleoireachta. I measc na gcéimeanna a bhí bainteach san athbhreithniú, bhí taighde cuimsitheach deascbhunaithe, comhairliúchán, agus idirchaidreamh le rialtóirí cógaisíochta i ndlínsí eile, anuas ar réimse páirtithe leasmhara ábhartha in Éirinn. Anuas air sin, chuireamar trí ghrúpa fócais ar líne ar bun le cógaiseoirí ó limistéir éagsúla chleachtais. Ba é cuspóir na ngrúpaí fócais aiseolas a bhailiú ar conas a d'fhéadfaí an tsamhail reatha FGL do chógaiseoirí a oiriúnú, a athrú, nó a fheabhsú lena chinntiú go dtacaíonn sé le cleachtas cógaiseoirí amach anseo i ngach suíomh.

Glacadh le tuarascáil ina leagtar amach an toradh agus na moltaí a d'eascair as athbhreithniú agus cheadaigh Comhairle

CCÉ é ag a chruinniú an 14 Nollaig. Tosóimid le hobair ar na moltaí laistigh den tuarascáil a chur i bhfeidhm in 2024.

Samhail FGL do Chúntóirí Cógaisíochta a Fhorbairt

Cheadaigh Comhairle an CCÉ an A Tuarascáil chun tacú le Samhail FGL do Chúntóirí Cógaisíochta a fhorbairt ag a chruinniú an 22 Meitheamh 2023. Tá samhail FGL a mholtar sa tuarascáil, a d'fhorbair Mazars, a sholáthair tacaíocht sheachtrach don tionscadal seo, bunaithe ar thaighde deascbhunaithe agus ar dhul i gcomhairle le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta. Aontaíodh le plean um chur i bhfeidhm in 2023. Rinneamar idirchaidreamh le Cumann na gCúntóirí Cógaisíochta agus le cúntóirí cógaisíochta i rith an tionscadail seo agus leanfaimid le hamhlaidh a dhéanamh in 2024 chun tacú le samhail nua FGL a thabhairt isteach.

Rioscaí a mheasúnú atá ag teacht chun cinn i leith fáil leanúnach a bheith ar an lucht saothair cógaisíochta

Leanamar le hobair ar an tionscadal ilbhliantúil seo in 2023, ar cuireadh tús leis in 2022. Táthar ag tabhairt faoin tionscadal seo le measúnú a dhéanamh ar rioscaí atá ag teacht chun cinn i leith fáil leanúnach a bheith ar an lucht saothair gairmiúil cógaisíochta laistigh de chógaisíocht phobail agus ospidéil in Éirinn agus agus tá gníomhaireacht neamhspleách sainchomhairleoireachta ag tacú leis.

Thionóil an Grúpa Oibre a bunaíodh mar chuid den tionscadal seo trí chruinniú i rith 2023. Daoine aonair atá sa ghrúpa seo ó eagraíochtaí i measc na n-earnálacha sláinte agus cógaisíochta, an Roinn Sláinte, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Scoileanna Cógaisíochta, APPEL (an Chleamhnacht d'Fhoghlaim Cleachtais Cógaisíochta ó Thaithí), Institiúid Cógaisíochta na hÉireann, eagraíochtaí ionadaíocha cógaisíochta , agus cógaiseoir cleachtach ina measc. Ceadaíodh Tuarascáil Faisnéise an Lucht Saothair mar thoradh ar aschur na ngnéithe éagsúla den tionscadal seo.

- Tuarascáil Faisnéise an Lucht Saothair

Sheol an tUasal Robert Watt, Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte, Tuarascáil Faisnéise an Lucht Saothair an 25 Meán Fómhair 2023. Seoladh an tuarascáil sa Roinn Sláinte agus thit sé amach i gcomhthráth le Lá Domhanda na gCógaiseoirí. Is í an tuarascáil an chéad cheann dá cineál don chógaisíocht in Éirinn agus choimisiúnaigh CCÉ í in éagmais aon tionscnaimh straitéiseacha phleanála lucht saothair a bheith ann roimhe sin don chógaisíocht in Éirinn. Ba í aidhm na tuarascála measúnú a dhéanamh ar rioscaí i leith fáil leanúnach a

Katherine Morrow, Uachtarán CCÉ, an tArd-Rúnaí Robert Watt, an Roinn Sláinte agus Joanne Kissane, Cláraitheoir agus Príomhoifigeach CCÉ ag seoladh Thuarascáil Faisnéise an Lucht Saothair

bheith ar an lucht saothair cógaisíochta laistigh de chógaisíocht phobail agus ospidéil agus gníomhartha maolaithe a bheartú lena gcur i bhfeidhm le comhaontú ó pháirtithe leasmhara ábhartha an chórais sláinte agus cógaisíochta.

Forbraíodh na sé mholadh agus na gníomhartha gaolmhara sa tuarascáil tar éis comhairliúchán agus idirchaidreamh forleathan agus trí fhianaise a thriantánú ó athbhreithniú litríochta, suirbhé ar an lucht saothair, agus grúpaí fócais. Rinne an Grúpa Oibre measúnú criticiúil ar na moltaí seo. Ba mhaith linn rannchuidiú suntasach an Ghrúpa Oibre a aithint, a raibh páirtithe leasmhara ina measc a imríonn tionchar ar nó a dhéanann forbairt ar chinntí beartais a bhaineann le ról agus éilimh chógaiseoirí amach anseo sa chóras sláinte.

Ceann de na moltaí laistigh den tuarascáil is ea grúpa ilghníomhaireachta a bhunú atá dírithe ar phleanáil straitéiseach an lucht saothair náisiúnta. Is ar an CCÉ agus an Roinn Sláinte atá an fhreagracht as an ngníomh seo. Sa chomhthéacs seo, beartaímid grúpa um chur i bhfeidhm a thionól in 2024 le dul chun cinn in aghaidh na moltaí sa tuarascáil a chur chun cinn. Táimid ag tnúth le leanúint ag oibriú go comhoibritheach le gach páirtí leasmhar ábhartha de réir mar a dhéanaimid dul chun cinn ar na moltaí agus na gníomhartha a dtugtar cuntas orthu sa tuarascáil.

Sheol an tUasal Robert Watt, Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte, Tuarascáil Faisnéise an Lucht Saothair an 25 Meán Fómhair 2023.

An Bealach um Aithint Cáilíochtaí Tríú Tír a leasú

Caithfidh cógaiseoirí a cháilítear i dtír neamh-AE nó i dtír neamh-LEE ar mian leo cleachtadh in Éirinn aitheantas a fháil ar a gcáilíocht ar dtús amhail a bheith 'cuí chun cleachtadh' sular féidir leo iarratas a dhéanamh chun clárú le CCÉ. Tugtar an Bealach um Aithint Cáilíochtaí Tríú Tír (TCQR) ar an bpróiseas seo. Próiseas ilchéime atá i bhfeidhm ó 2009 atá sa bhealach reatha TCQR d'iarratasóirí ó thríú tíortha. D'aithin Comhairle CCÉ go bhfuil an beartas seo dian ar acmhainní, costasach, agus dochraideach don iarratasóir agus do CCÉ araon. Tá an próiseas á athbhreithniú againn le hé a chuíchóiriú chun tairbhe iarratasóirí, ár bpróisis riaracháin, agus an phobail i gcoitinne. Cheadaigh an Chomhairle beartas leasaithe TCQR in 2019; ach d'imir tosach phaindéim COVID-19 ina dhiaidh sin i Márta 2020 tionchar trom air seo a bhaint amach.

Leasaigh an tAire Sláinte Rialacha CCÉ (Clárúchán) 2023 in 2023. Bhí na leasuithe seo mar chuid d'athbhreithniú leanúnach ar an bpróiseas TCQR agus éascaíonn siad an bealach leasaithe TCQR a

chuireann ar chumas CCÉ cur chuige nua cúig chéim atá dearbhaithe i dtaobh cáilíochta i leith aithint cáilíochtaí a chur i bhfeidhm.

Tá an bealach leasaithe TCQR á chur i bhfeidhm againn faoi láthair, agus táthar ag díriú faoi láthair ar chur chuige nua a fhorbairt i leith an chórais socrúcháin oiriúnaithe trí phróiseas atá dearbhaithe i dtaobh cáilíochta. Tá súil leis go gcuirfear an bealach nua i bhfeidhm roimh dheireadh 2024.

Na caighdeáin chreidiúnaithe do chláir FGL agus cúrsaí do chógaiseoirí a leasú agus tús a chur leis an athbhreithniú ar Chaighdeáin Chreidiúnaithe MPharm.

Cuireadh dul chun cinn ar an athbhreithniú ar na Caighdeáin Chreidiúnaithe do chláir forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) agus do chúrsaí do chógaiseoirí ar fionraí go sealadach in 2023, ar feitheamh thorthaí an athbhreithnithe ar an tsamhail FGL do chógaiseoirí agus ar an tuarascáil athbhreithnithe ghaolmhar a fhoilsiú. Glacadh leis an tuarascáil seo, agus cheadaigh Comhairle CCÉ a moltaí ag a cruinniú i mí na Nollag. Atosófar an tionscadal seo in 2024.

Tosaíodh taighde deascbhunaithe agus cleachtadh tagarmharcála in aghaidh caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta chreidiúnaithe chun buntacú le tionscadal athbhreithnithe ar Chaighdeáin Chreidiúnaithe MPharm in 2023. Tosófar comhairliúchán le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-aiseolas agus a n-eispéiris ar Chaighdeáin Chreidiúnaithe MPharm a bhailiú go luath in 2024.

Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Sláinte maidir le Sláintecare a chur i bhfeidhm.

Áiríodh le Plean Seirbhíse CCÉ 2023 rannpháirteachas le páirtithe leasmhara leis an Roinn Sláinte agus FSS maidir le Sláintecare a chur i bhfeidhm agus cógaisíocht a chomhtháthú. I gcomhthéacs bhunú an tSain-Tascfhórsa chun tacú le ról cógaiseoirí in Éirinn a fhairsingiú, d'aontaigh an Chomhairle leis go mbainfí an t-idirchaidreamh seo amach trí thiomantas CCÉ don bhaint atá aige sa Sain-Tascfhórsa agus don mhéid a chuir sé lena aschur a sholáthar.

Sain-Tascfhórsa chun tacú le róil chógaiseoirí in Éirinn a fhairsingiú

Bhunaigh an tAire Sláinte Sain-Tascfhórsa chun tacú le ról cógaiseoirí in Éirinn a fhairsingiú in Iúil 2023. Leagtar an dualgas ar an Tascfhórsa bealaí a bhreithniú agus a scrúdú inar féidir le cógaiseoirí cur lena scóip reatha chleachtais ar mhaithe le hothair, an pobal agus an córas sláinte níos fairsinge. Déanfaidh an Tascfhórsa measúnú freisin ar roghanna lena chur ar chumas cógaiseoirí oidis a shíneadh do réimse cógas agus tá dualgas air comhairle a thabhairt ar chur chuige cuimsitheach i leith oideasú a éascú ag cógaiseoirí, oideasú san áireamh do mhionbhreoiteacht choiteann.

Is éard atá sa Sain-Tascfhórsa ná ionadaithe ó limistéir ar fud na n-earnálacha sláinte, cógaisíochta, agus oideachais cógaisíochta. Áirítear leis Cláraitheoir agus Príomhoifigeach CCÉ, a fhreastalaíonn ar chruinniú gach coicís den Sain-Tascfhórsa, ar cuireadh tús leis i Lúnasa 2023. Bunaíodh grúpa oibre inmheánach laistigh de CCÉ lenár bhfreagairt agus aon ionchur a theastaíonn chun na cuspóirí agus

an treoir beartais a eascraíonn ó chinntí a rinneadh de bhun moltaí a rinne an Sain-Tascfhórsa a chomhordú.

Tabharfar faoi obair an Tascfhórsa in dhá chéim. Scrúdaíodh sa chéad céim, a thit amach idir Iúil agus Deireadh Fómhair 2023, cógaiseoirí a chumasú chun oidis a shíneadh. Scrúdófar sa dara céim conas is féidir cógaiseoirí a chumasú chun oideasú a dhéanamh laistigh dá scóip chleachtais.

- A chéad mholadh a chur i bhfeidhm

Ghlac an tAire Sláinte i nDeireadh Fómhair le chéad mholadh an Sain-Tascfhórsa, a chumasóidh cógaiseoirí tréimhse bhailíochta oideas áirithe a shíneadh ar feadh a fhaide le 12 mhí, i gcomhréir le critéir shainithe, agus cathain atá sé sábháilte agus cuí amhlaidh a dhéanamh i dtuairim ghairmiúil an chógaiseora. Beidh an cinneadh chun síneadh a dhéanamh faoi réir critéir dhuinelárnacha cosúil le cobhsaíocht reatha chóras cliniciúil an othair, leanúnachas an chúraim agus easpa d'athrú ábhartha.

Mar chuid den ullmhú leis an gcéad mholadh a chur i bhfeidhm go déanach in 2023, rinneamar idirchaidreamh le roinnt príomhpháirtithe leasmhara, cógaiseoirí san áireamh. Tugadh cuireadh do gach cógaiseoir cláraithe ballraíocht de phainéal CCÉ a ghlacadh, agus fuaireamar 104 léiriú spéise.

Chuireamar ceardlann ar líne do chógaiseoirí ar bun an 12 Nollaig leis na huirlisí, na tacaíochtaí agus an t-eolas rialála a fhiosrú, cosúil le treoir, a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun tacú le cógaiseoirí ina gcinnteoireacht nuair a shíntear oidis d'othair. D'fhreastail 21 cógaiseoir ón bpainéal, ar an iomlán, ar an gceardlann agus roghnaíodh iad bunaithe ar a ról, a limistéar cleachtais agus a mblianta taithí agus é mar aidhm ionadaíocht éagsúil a bheith ann. Táimid ag tnúth le hidirchaidreamh breise a dhéanamh lenár bpainéal cógaiseoirí in 2024 mar chuid de ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta amach anseo chun tacú lenár n-obair.

Cuspóir Straitéiseach 2 Samhail rialála níos éifeachtaí a thabhairt chun cinn do chógaslanna pobail

Athchóiriú an Achta Cógaisíochta a thabhairt chun cinn

I ndiaidh gur seoladh páipéar seasaimh CCÉ chuig an Roinn Sláinte i Meitheamh 2022 ar an ngá atá le hathchóiriú an Achta Cógaisíochta, 2007, chasamar leis an Roinn Sláinte i Márta 2023 le comhaontú a dhéanamh leis na chéad chéimeanna eile i gcur chuige an tionscadail. Tugadh cuntas sa pháipéar ar an bhfáth go dteastaíonn athchóiriú suntasach reachtaíochta agus ar na dúshláin a bhíonn roimh CCÉ i dtaobh an tAcht a úsáid i gcleachtas.

Comhaontaíodh leis go leanfadh CCÉ ar aghaidh le hathbhreithniú fianaisebhunaithe a choimisiúnú chun scrúdú a dhéanamh ar athchóiriú ar rialáil cógaslann ar an gcéad dul síos. Rinneamar idirchaidreamh leis an mBord Taighde Sláinte i dtaca le ceisteanna taighde a fhorbairt chun eolas a chur ar fáil don phróiseas athbhreithnithe fianaise agus thosaíomar réamhchleachtadh comhairliúcháin margaidh chun tacú leis an bpróiseas tairisceana foriomlán.

Ár ngníomhartha a thabhairt chun cinn chun cur le dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach 2021-2025

Táimid tiomanta do leanúint lenár bpáirt a ghlacadh i gcabhrú le feabhas a chur ar eolas agus ar fheasacht ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach i measc an phobail agus cláraithe.

D'fhreastalaíomar i bhFeabhra, ar iarraidh an AMRIC (Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtuithe) in FSS agus Institiúid Cógaisíochta na hÉireann (IIOP), ar Lá Cairte Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (CRMÉ). Mar chuid de seo, ghlacamar páirt i seisiún i bpearsan a dhíríonn ar mhaoirseacht fhrithmhiocróbach. Bhí mar aidhm ag an bhfóram comhoibritheach seo cabhrú leis an gclár tábhachtach seo a thabhairt chun cinn agus tús a chur leis an gcomhrá náisiúnta ar chógaiseoirí a chumasú cur le maoirseacht fhrithmhiocróbach.

D'fhreastalaíomar freisin ar roinnt comhdhálacha le linn na bliana a bhain le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach. Áiríodh leo seo comhdháil bheartais ar líne Fhóram Sláinte Westminster inar pléadh 'Na chéad chéimeanna eile chun dul i ngleic le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach' agus Comhdháil Timpeallachta, Sláinte agus Folláine i mBealtaine inar cuireadh seisiún ar bun ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach. D'fhreastalaíomar freisin ar 'an gCruinniú Mullaigh Domhanda Seipsise' i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair agus an chomhdháil 'Comhoibriú Trasna Teorainneacha: cur chuige ildisciplíneach i leith AMS' i nDeireadh Fómhair, inar tugadh le chéile rannpháirtithe ildisciplíneacha ó áiteanna ar fud na Poblachta agus Thuaisceart Éireann a oibríonn ar mhaoirseacht fhrithmhiocróbach agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach a roinn taighde agus forbairtí le déanaí sa limistéar seo.

Roinneamar eolas agus acmhainní i ngach ceann dár nuachtlitreacha in 2023 atá dírithe ar thacú le cógaiseoirí le maoirseacht fhrithmhiocróbach le feabhas a chur ar úsáid shábháilte agus chuí a bhaint as frithmhiocróbaigh agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach a laghdú. Mar shampla, inár nuachtlitir do mhí an Mhárta, thugamar chun solais conas is féidir le cógaiseoirí ballraíocht a ghlacadh den Líonra Maoirseachta Frithmhiocróbaí Cógaiseoirí (PAMS-net) agus é a úsáid, a bhfuil de chuspóir aige tacú le cógaiseoirí i measc na n-earnálacha go léir ag oibriú i dtreo an sprioc choiteann a bhaint amach chun úsáid fhreagrach a bhaint as frithmhiocróbaigh i ngach othar agus teorainn a chur ar theacht chun cinn frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach. Chuireamar eolas, uirlisí agus acmhainní FSS in iúl freisin maidir le maoirseacht fhrithmhiocróbach agus oideasú antaibheathach.

Chuireamar roinnt feachtais dhomhanda feasachta ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach chun cinn a thiteann amach gach bliain, cosúil leis an Lá Eorpach Feasachta ar Antaibheathaigh agus an tSeachtain Dhomhanda Feasachta Frithmhiocróbaí, trínár gcainéil mheán sóisialta.

Ár Ráiteas Riosca Rialála a Oibríochtú

Tá dualgas ar chomhlachtaí rialála rioscaí agus díobhálacha féideartha a aithint agus freagairt dóibh go cuí a bhaineann lenár limistéar cuntasachta, agus inár gcás, é ina chuspóir sláinte agus sábháilteacht othar agus an phobail a chosaint. D'fhaomh Comhairle CCÉ Ráiteas Riosca Rialála in 2019. Agus an ráiteas seo á ghlacadh, tá gealltanas poiblí déanta againn go ndéanfar rialálaí níos rioscabhunaithe dínn agus é mar aidhm measúnú agus maolú a dhéanamh ar rioscaí a bhfuil an fhéidearthacht is mó acu tionchar a imirt ar shábháilteacht othar. Ceadaíonn an cur chuige seo do CCÉ acmhainní a dhíriú níos éifeachtúla agus ceadaíonn sé freagairt níos comhréirí do riosca a sainaithníodh.

In 2023, rinneamar athbhreithniú ar ár gcur chuige faoin tsamhail seo, rinneamar athbhreithniú ar oibriú an Ghrúpa Anailíse Riosca agus Freagartha Rialála agus rinneamar athruithe ar ár gcur chuige i leith riosca rialála. Leantar leis an obair maidir le riosca rialála i gcomhar le hobair an limistéir um Dhearbhú Cógaslanna Pobail chun tacú lenár gcur chuige i leith cigireacht rioscabhunaithe a dhéanamh ar chógaslanna.

Cuspóir Straitéiseach 3: Ár gcumas agus ár bhfeidhmíocht mar eagraíocht rialála a fhorbairt

Ár gClár Claochlaithe Gnó a Thabhairt chun Cinn

Tá ár gClár Claochlaithe Gnó ceaptha bealaí oibre níos fearr a bhaint amach ar fud CCÉ lena chinntiú go gcuirimid barr feabhais ar an úsáid a bhainimid as an teicneolaíocht agus as am agus saineolas comhghleacaithe ar an mbealach is fearr agus is féidir. Ardán nua digiteach a fheidhmeoidh lenár ndearcadh custaiméara aonair a chur in iúl atá mar bhunsprioc inghnóthaithe an chláir seo. Seoladh an chéim is déanaí i Lúnasa. Áiríodh leis seo ardán clárúcháin ar líne chun iarratais ar an Liosta Soláthair Idirlín a líonadh agus Liosta cuimsitheach inchuardaithe Soláthair Idirlín ar líne. Áiríodh le feidhmiúlachtaí eile ón gcéim seo an clár poiblí a chomhtháthú le torthaí ón bpróiseas um fheidhmiúlacht chun cleachtadh agus an tsaoráid le cógaiseoirí stiúrthóra a cheadú iarratas amháin ar chlárú a dhéanamh thar ceann roinnt cógaslann. Rinneamar obair freisin le tríú páirtí neamhspleách in 2023 le measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige agus ar mheastacháin ghaolmhara ar iarracht don chéad chéim eile oibre den Chlár Claochlaithe Gnó, Céim 2: gearáin, buarthaí, agus ceisteanna.



Ár gCórais dhigiteacha nua a úsáid chun tacú lenár gcuspóir agus ár misean rialála

Choimisiúnaíomar saineolas seachtrach in 2023 chun forbairt ár straitéise TFC a fhorbairt chun tacaíocht bhreise a thabhairt do bhaint amach cuspóirí faoin Straitéis Chorparáideach 2021-2024 agus ina dhiaidh sin. Rinneamar faire na fáistine i rith 2023 chomh maith le measúnú ar staid ár mbonneagair TFC faoi láthair. Thit ceardlanna leis an bhfoireann go léir agus idirchaidreamh leis an bainistíocht agus an Chomhairle amach i Samhain, agus riaradh suirbhé le húsáideoirí seachtracha i nuachtlitir Shamhna.

Cabhróidh straitéis TFC a fhorbairt le córas, sonraí agus uirlisí digiteacha nua a úsáid chun tacú lenár misean rialála. Déanfar doiciméadú sa straitéis TFC nua seo ar conas a úsáidfear chun tacú le cur i bhfeidhm spriocanna straitéiseacha agus tionscnaimh feabhsúcháin leanúnaigh agus iad a mhúnlú.

Ár Straitéis Acmhainní Daonna a Chur i bhFeidhm

Leanadh le hobair in 2023 le struchtúr nua eagraíochta a leabú. Fuaireamar cead do phoist bhreise a sainaithníodh faoin tsamhail oibriúcháin nua agus líonamar na poist trí iarrachtaí cuimsitheacha earcaíochta.

Ar aon dul lenár straitéis Acmhainní Daonna, leanadh le tús áite a thabhairt in 2023 d'fhorbairt comhghleacaithe agus le hoiliúint a chur orthu. Thugamar Beartas Oibre Cumaisc isteach agus

thugamar Laethanta Ancaire isteach freisin i rith 2023, a chuireann ar chumas na gcomhghleacaithe go léir teacht le chéile ar an láthair i dTeach CCÉ chun tabhairt faoi thionscnaimh oiliúna agus forbartha agus le deis a sholáthar do chomhoibriú agus do rannpháirtíocht faoin tsamhail oibre cumaisc. Trí shamhail oibre cumaisc oibriú, táimid ag cur chomh maith leis an ngealltanas i gClár an Rialtais agus le gealltanais CCÉ trína Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide le hastaíochtaí a laghdú tríd an laghdú ar chomaitéireacht ag comhghleacaithe CCÉ.

Ár nAthbhreithniú Straitéiseach ar Mhaoiniú a Dhéanamh

Príomhghné dár bplean straitéiseach is ea ár sruthanna cistithe amach anseo a ailíniú. Cinnteoidh an t-ailíniú seo go mbeidh na hacmhainní riachtanacha ar fáil againn chun tabhairt faoinár bhfeidhmeanna rialála i leith an chaighdeáin a mbíonn súil ag an bpobal leis. Cheadaigh an Chomhairle Beartas Cúlchistí nuashonraithe in 2023 mar chuid de thionscadal leanúnach Athbhreithniú Straitéiseach ar Mhaoiniú CCÉ, agus rinne an Coiste Feidhmíochta agus Acmhainní breithniú i Samhain ar na toimhdí a bhuntacaíonn leis an tSamhail an Athbhreithnithe Straitéisigh ar Mhaoiniú.

Ár n-aitheantas reatha 4 réalta leis an bhForas Eorpach um Bainistíocht Cáilíochta (EFQM)

Aithnímid an tábhacht a bhaineann le cáilíocht inár n-obair i dtaobh conas a thugaimid faoinár bhfeidhmeanna, conas a chuirimid ár straitéisí le chéile agus conas a idirghníomhaímid lenár bpáirtithe leasmhara. Anuas ar an aitheantas 4 réalta a bhaineamar amach ón EFQM in 2019, leanaimid leis an EFQM a chur chun cinn ar fud na heagraíochta, agus an cur chuige bainistíochta cáilíochta a leabú isteach inár mbealaí oibre. Leanamar in 2023 le feasacht a mhúscailt i measc na foirne a oibríonn le samhail an EFQM agus chuireamar ceardlann an EFQM ar bun ar cheann dár Laethanta Ancaire, a d'éascaigh ár sainchomhairleoir de chuid an EFQM. Leanaimid le dul chun cinn a dhéanamh i dtaobh ár gcur a phleanáil chun ár ngradam de chuid an EFQM a chothabháil agus a fheabhsú de réir mar a ullmhaímid chun cur isteach air in 2025.

EFQM
Recognised for Excellence
4 Star - 2019

Ár bhfreagairt leanúnach do COVID-19

Lean paindéim COVID-19 le páirt a ghlacadh inár saolta go léir i rith 2023. Leanamar ag oibriú i gcomhar leis an ngairm chógaisíochta agus le páirtithe leasmhara eile chun tacú le foirne cógaslainne ina gcuid oibre chun cúram agus seirbhísí sábháilte agus éifeachtacha a sholáthar.

Tugaimid cuntas sa mhír seo ar roinnt oibre a bhaineann le COVID-19 a raibh baint ag CCÉ inti i rith 2023.

Oiliúint do chógaiseoirí le vacsaíní COVID-19 a riar

Ceadaítear, faoin reachtaíocht, do chógaiseoirí cláraithe a thug faoi oiliúint fhaofa a chuir CCÉ ar siúl vacsaíní áirithe COVID-19 a sholáthar agus a dháileadh. Cheadaíomar oiliúint Oifig Náisiúnta Imdhíonta (NIO) FSS i rith 2023 do sheacht vacsaín nua nó oiriúnaithe COVID-19.

Rinne rannchuidiú luachmhar foireann measúnaithe sheachtrach, ina raibh cógaiseoirí ó shuíomhanna éagsúla ag a raibh an saineolas ábhartha, measúnú ar an oiliúint do vacsaín COVID-19 nua amháin. Thugamar cur chuige rioscabhunaithe nua isteach i Márta i leith an mheasúnaithe ar mhodúil oiliúna na hOifige Náisiúnta Imdhíonta ar vacsaíní COVID-19. Níor theastaigh faomhadh ó fhoireann measúnaithe sheachtrach ó tháirgí áirithe mar gheall air seo. Treoraíonn prionsabail an riosca rialála an cur chuige rioscabhunaithe agus an measúnú seo agus dírítear ann ar cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann modú(i)l oiliúna an NIO le vacsaín COVID-19 nó le vacsaín oiriúnaithe COVID-19. Déantar breithniú chomh maith ar an gcohórt othar beartaithe don vacsaín, i.e., daoine fásta nó leanaí. Forbraíodh uirlis tacaíochta cinnidh rioscabhunaithe chun buntacú leis an bpróiseas measúnaithe riosca.

Baint na cógaisíochta i gcláir vacsaínithe COVID-19 agus an Fhliú

Leanaimid de bheith bainteach i ngrúpa oibre an tsrutha oibre cógaisíochta chun tacú le feachtais náisiúnta vacsaínithe COVID-19 agus an Fhliú. Thug Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le fios faoi dheireadh 2023 gur riar 990 cógaslann phobail vacsaínithe COVID-19 ó tosaíodh feachtas Fhómhar/Gheimhreadh 2023/2024. Riar 1,327 cógaslann vacsaínithe fliú mar chuid d'fheachtas Fhómhar/Gheimhreadh 2023/2024 amhail an 19 Nollaig 2023.

An Clár Vacsaínithe Náisiúnta COVID-19 – an Grúpa Oibre Srutha Oibre Cógaisíochta

Leanamar ag cur leis an gClár Vacsaínithe Náisiúnta COVID-19 – an Grúpa Oibre Srutha Oibre Cógaisíochta i gcaitheamh na bliana. Tacaíonn an grúpa oibre le cláir vacsaínithe náisiúnta COVID-19 agus an fhliú a chomhordú i gcógaslanna pobail, agus le baint a bheith ag cógaiseoirí san áireamh i bhfeachtais teanndáileog agus i gclár vacsaínithe a fhliú shéasúraigh. Déanann FSS cathaoirleacht air agus áirítear leis ionadaithe ón IPU agus ó CCÉ.

Chasamar i Márta le FSS agus leis an IPU chun plé a dhéanamh ar fhorbairtí amach anseo a bheartaítear don chóras Pharmavax, a úsáidtear le riar vacsaíní a chistítear go poiblí a chur i dtaifead laistigh de chógaslanna pobail, agus chasamar i Meán Fómhair leis an Oifig Náisiúnta Imdhíonta

(NIO) chun plé a dhéanamh ar bhaint cógaiseoirí i dtaobh Vacsaín an Fhliú Bheo Chaolaithe a sholáthar laistigh de bhunscoileanna.

Gníomhaíocht chun tacú lenár misean

Anuas ar leanúint le agus tús a chur le tionscadail athraithe agus forbartha straitéisí in 2023, tá dlúthbhaint ag ár bpríomhfheidhmeanna i dtaobh ár bhfreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh. Tuairiscítear ar na leathanaigh seo a leanas an ghníomhaíocht oibríochtúil a thit amach i measc gníomhaíocht chlárúcháin, comhlíonta agus cigireachta rialála, imscrúdú agus breithniú ar ghearáin agus ceisteanna disciplíneacha, caighdeáin ghairmiúla agus rialachas éifeachtach na heagraíochta ar bhonn leanúnach.

Caidreamh le Cláraithe agus Custaiméirí

Táimid freagrach as na próisis aitheantais cáilíochtaí agus clárúcháin a bhainistiú do chógaiseoirí agus na próisis chlárúcháin do chógaslanna agus cúntóirí cógaisíochta in Éirinn, agus le cruinneas na gclár a chinntiú, a chuirimid ar fáil ar líne don phobal. Próiseálaimid gearáin ón tráth a fhaightear iad chun go ndéanann an Coiste Réamhimeachtaí (an PPC) – ár gcoiste scagtha gearán – breithniú orthu. Déileálaimid agus téimid i ngleic freisin, trí idirchaidreamh lenár gcláraithe agus an pobal i gcoitinne, le léiriú buartha agus ceisteanna ginearálta a fhaighimid ar réimse fairsing ábhar.

Clár cógaiseoirí, cúntóirí cógaisíochta agus cógaslann

Caithfidh na cógaiseoirí, na cúntóirí cógaisíochta agus na cógaslanna go léir a bheith cláraithe le CCÉ. Iontráiltear sa chlár ábhartha iad sna limistéir ina sásaíonn siad na riachtanais chun clárú chun cúram, seirbhísí nó cóireáil chógaisíochta a sholáthar don phobal. Caithfidh cláraithe iarratas a dhéanamh ar a gclárú leanúnach gach bliain le stádas cláraithe a choimeád.

Bhí 7,483 cógaiseoir cláraithe ar Chuid A de chlár CCÉ ag deireadh 2023, ar méadú 416 cógaiseoir é seo aníos ó 2022. Ba é seo an méadú ba mhó in aon bhliain amháin ar líonta cláraithe go dtí seo.

Ar an iomlán, tugadh méadú 56% faoi deara in 2023 ar chlárúcháin nua i gcomparáid le 2022. Bhí na méaduithe seo a leanas i gceist leis seo:

- Méadú 19% ar an líon clárúchán nua trínár mbealach náisiúnta.
- Méadú 27% ar iarratasóirí an RA agus in TÉ tríd an mBealach um Aithint Cáilíochtaí Tríú Tír (TQQR), agus
- Méadú 63% ar iarratasóirí neamh-RA agus neamh-TÉ tríd an mBealach TQQR.
- Trí bhealach an AE a tugadh an méadú ba shuntasaí faoi deara, inar tháinig méadú 165% ar chlárúcháin 2022.

Bhí 202 cúntóir cógaisíochta ar an gclár ag deireadh 2023, ar laghdú é seo anuas ó 224 in 2022.

Rinneadh 107 cealú saorálach ón gClár Cógaiseoirí, agus baineadh 19 gcógaiseoir go neamhshaorálach ar chúiseanna cosúil le teip ar iarratas a dhéanamh ar chlárú leanúnach, teip ar a dtáille chlárúcháin bhliantúil a íoc agus teip ina dhiaidh sin ar chur isteach ar chealú saorálach.

Cealaíodh triúr cógaiseoirí ón gClár in 2023 mar thoradh ar smachtbhannaí a d'eascair as gearáin maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh. Chealaigh 16 chúntóir cógaisíochta a gclárú go saorálach in 2023. Cealaíodh clárú 6 chúntóir cógaisíochta, ar an iomlán, go neamhshaorálach.

Bhain 18 gcógaiseoir, ar an iomlán, a gclárú amach arís faoi Alt 61. Áirítear leis seo a gclárú a dhéanamh arís tar éis cealú saorálach agus neamhshaorálach.

Bhí 1,985 gnólacht cógaslainne miondíola, ar an iomlán, ar Chlár CCÉ ag deireadh 2023, ar méadú 4 ghnólacht é seo aníos ó 2022. Baineadh an méadú seo amach tar éis gur cláraíodh agus gur osclaíodh 31 cógaslann nua, agus gur chealaigh 27 cógaslann a gclárú mar gheal gur dúnadh iad. Phróiseálamar freisin 90 athiarratas do chógaslanna a bhí ann ag an tráth sin ar athraíodh a n-úinéireacht nó a láthair i rith na bliana.

Deimhnithe stádais ghairmiúil reatha

Déanaimid Deimhnithe Stádais Ghairmiúil Reatha a eisiúint thar ceann cláraitheoirí a chláraítear i ndlínsí eile. D'eisíomar 61 deimhniú in 2023.

An Cárta Gairmiúil Eorpach (an CGE)

Is nós imeachta leictreonach í meicníocht an CGE, ar féidir le cónaitheoirí an AE a úsáid chun go mbeidh a gcáilíochtaí gairmiúla aitheanta i dtír AE eile. Nuair is mian le cónaitheoir an AE bogadh go agus oibriú i mballstát eile an AE, éascaíonn an stát baile fíorúchán ar chomhad Faisnéise Mhargaidh Inmheánaigh (FMI) an iarratasóra. Déanann an stát óstála ionchasach an cinneadh chun an cháilíocht a aithint. Ní thugann aitheantas cáilíochta teidlíocht uathoibríoch le cleachtadh. Is gá do gach cógaiseoir in Éirinn a bheith cláraithe le CCÉ sula mbíonn siad i dteideal cleachtadh, agus níor cheart clárú le CCÉ ach i ndiaidh aitheantas a fháil ar an gcáilíocht. Fuarthas seacht n-iarratas ar an EPC, ar an iomlán, in 2023 agus faomhadh agus próiseáladh iad.

Nós imeachta na meicníochta foláirimh

Teastaíonn ó nós imeachta na meicníochta foláirimh idir tíortha an AE gur chóir do gach Ballstát faisnéis a thabhairt dá chéile nuair a bhíonn srianta ar ghairmithe i ngairm shláinte nó a bhaineann le leanaí. Beidh foláireamh i bhfeidhm freisin ar ghairmithe a d'úsáid dioplómaí bréagacha chun aitheantas a fháil ar a gcáilíocht. Faightear foláirimh ar bhonn laethúil agus taifeadann CCÉ iad. Déanaimid fiosrú ar na foláirimh sin má bhaineann siad le cógaiseoirí. D'eisíomar seacht bhfoláireamh cógaiseora in 2023 d'údaráis inniúla i dtíortha eile an AE maidir le cógaiseoirí a bhí cláraithe le CCÉ. Eisíodh na foláirimh sin i ngeall ar chúiseanna substainteacha ag baint le cleachtadh an ghairmí a bhí i gceist.

Cógais neamhoidis a sholáthar ar an idirlíon

Táimid freagrach as an Liosta Soláthair Idirlín a chlárú agus a choimeád do chógaslanna agus do mhiondíoltóirí neamhchógaisíochta cláraithe atá bainteach le táirge míochaine neamhoidis a sholáthar ar an idirlíon. Bhí 140 cógaslann agus 176 neamhchógaslann ar an liosta soláthair

idirlín ag deireadh 2023. Tá eolas againn faoi ghníomhaíocht chomhlíonta sa limistéar seo sa mhír Cáilíocht agus Sábháilteacht Chógaisíochta sa tuarascáil seo.

Ceisteanna a Bhainistiú

Ar aon dul lenár ról mar an rialtóir cógaisíochta, freagraíonn CCÉ d'iarrataí ar eolas agus cuireann sé soiléiriú ar fáil do chláraithe, othair agus an pobal i gcoitinne maidir le limistéir a bhaineann lenár sainchúram. Fuaireamar 333 de na ceist siúd, ar an iomlán, i rith 2023. As na ceisteanna a fuarthas anuraidh, fuarthas 39% díobh ó bhaill den phobal, agus fuarthas 45% díobh ó chógaiseoirí. Is ilchineálach don réimse ceisteanna a fhaighimid, agus cuimsítear gach gné dár bhfreagrachtaí iontu. Déanaimid ár ndícheall eolas a chur ar fáil ar ár láithreán gréasáin, Ceisteanna Coitianta san áireamh, mar fhreagairt do cheisteanna a chuirtear go minic orainn.

Measúnú ar bhuarthaí

Tugaimid faoi ghníomh freisin lena chinntiú go ndéantar buarthaí ginearálta a chuirtear in iúl dúinn a athbhreithniú agus go dtéitear i mbun gnímh ina leith, faoi mar is cuí.

Tugann léiriú buartha aníos nuair nach mian le duine gearán foirmiúil a dhéanamh ach gur mian leo rud éigin a chur ar aird CCÉ. Déanann painéal ildisciplíneach ag CCÉ athbhreithniú inmheánach ar gach buairt le measúnú a dhéanamh ar riosca agus cinneadh a dhéanamh faoi cén gníomh a theastaíonn. Fuarthas 135 léiriú buarthaí, ar an iomlán, in 2023, arb ionann sin agus méadú 14% in aghaidh 2022. Bhain 39% de na buarthaí a fuarthas le ceisteanna cleachtais cógaslainne in 2023. Thug baill den phobal tromlach na n-ábhar buartha (78%) chun solais, agus thug cógaiseoirí 16% díobh chun solais.

D'fhéadfaí gearán a dhéanamh de bhuairt, amanna, agus próiseálfar é ag an bpointe sin faoi Chuid 6 den Acht Cógaisíochta, 2007. As na 135 buairt a fuarthas in 2023, rinneadh gearáin fhoirmiúla mar thoradh ar shé cinn díobh. Is féidir teacht ar eolas breise faoi ghearáin fhoirmiúla ar leathanach 32 den tuarascáil seo.

An Méid Caidrimh a rinneadh le Cláraithe agus Custaiméirí

7,483 cógaiseoir ar an gClár

7,067 in 2022 agus **6,845** in 2021

524

cógaiseoir curtha leis an gClár

184 oilte in Éirinn

agus

340 oilte thar lear

Tír inar bhain an cógaiseoir nua cáilíocht amach

1 An Airgintín
1 An Ostair
1 An Bheilg
1 An Bhrasaíl
3 An Bhulgáir
1 An Cholóim
1 An Chróit
2 Poblacht na Seice
4 An Éigipt
3 An Fhrainc
1 An Ghearmáin
7 An Ghréig
11 An Ungáir
3 An India
2 An Iaráin
1 An Iaráic
184 Éire
24 An Iodáil
1 An Iordáin
1 An Laitvia
1 An Liobáin
3 An Liotuáin
6 Málta
3 An Nigéir
46 Tuaisceart Éireann
1 An Phacastáin
1 An Phalaistín
1 Na hOileáin Fhilipíne
16 An Pholainn
51 An Phortaingéil
14 An Rómáin
3 Poblacht na Slóvaice
4 An Afraic Theas
50 An Spáinn
2 an tSúdáin
2 An tSualainn
1 An tSiria
66 An Ríocht

61

Deimhniú Stádais Ghairmiúil Reatha eisithe

202 cúntóir cógaisíochta ar an gClár

224 in 2022 agus

254 in 2021

Cealú

107 cógaiseoir agus **16** chúntóir cógaisíochta tar éis a gclárú a chealú go saorálach

19 gcógaiseoir agus 6 chúntóir cógaisíochta tar éis a gclárú a chealú go neamhshaorálach

1,985 cógaslann ar an gClár

1,981 in 2022 agus **1,968** in 2021

I measc na n-athruithe ar Chlár na gCógaslann, bhí:

117 cealú

31 oscailt nua

6 oscailt nua (athlonnú)

84 oscailt nua (aistriú úinéireachta)

140 cógaslann agus **176** neamhchógaslann cláraithe ar an liosta soláthair idirlín

285 freagairt tugtha do cheisteanna rialála agus cógaisíochta curtha ag cláraithe agus baill den phobal

135 léiriú buartha faighte

79% de bhuarthaí faighte ó bhall den phobal

Catagóirí buarthaí

4 shaincheist iompair/gairmiúlachta

11 iompar (bealach/ meon)

16 shaincheist tráchtála, fógraíochta nó fostaíochta

6 earráid dáiliúcháin (cógas mícheart)

5 earráid dáiliúcháin (dáileog mhícheart)

2 mhí-ionracas

3 shaincheist soláthair éigeandála

14 theip ar sholáthar

19 eile

54 saincheist cleachtais cógaslainne

1 ghairmiúlacht

Buarthaí a fuarthas de réir

2 dhochtúir

106 ball den phobal

1 altra

1 ghairmí eile sláinte

3 eagraíocht eile

22 cógaiseoir

Caighdeáin Ghairmiúla

Táimid freagrach as a chinntiú go bhfuil oideachas agus oiliúint cógaisíochta ar aon dul le dea-chleachtas agus go n-oibríonn sé i leith na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde. Déanaimid seo trí rialacha a fhorbairt rialacha agus trína shocrú go ndéantar cláir oideachais a chreidiúnú do chógaiseoirí agus iad siúd a lorgaíonn bheith ina gcógaiseoirí. Déanaimid monatóireacht freisin ar an gcóras forbartha gairmiúla leanúnaí do chógaiseoirí trí Institiúid Chógaisíochta na hÉireann (an IIOP).

Ceisteanna creidiúnaithe - cáilíocht chun cleachtadh

Clár cúig bliana í an cháilíocht chógaiseora in Éirinn, an chéim Máistir chomhtháite i gcógaisíocht (MPharm) ina gcuimsítear socrúcháin foghlama ó thaithí d'fhaid éagsúla agus ag pointí éagsúla i rith an chláir. Titeann iad seo amach i measc suíomhanna éagsúla cleachtais, cleachtas pobail, ospidéil, an tionscal cógaisíochta, agus cleachtas ina bhfuil ról ag teacht chun cinn.

Tá dualgas orainn cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus a choinneáil faoi athbhreithniú óna n-eascraíonn an cháilíocht ghairmiúil (MPharm), a cheadaíonn do chéimithe cur isteach i gcomhair clárúcháin mar chógaiseoirí in Éirinn. I ndiaidh gur tugadh isteach an próiseas tuairiscithe bhliantúil in 2020, leanann na Scoileanna Cógaisíochta le Tuarascálacha Bliantúla a chur faoi bhráid CCÉ, a sholáthraíonn eolas, i measc rudaí eile, ar conas a leanann na cláir MPharm laistigh dá n-ollscoileanna ag teacht leis na caighdeáin ábhartha chreidiúnaithe ó rinneadh iad a chreidiúnú in 2020. Mar chuid dár rannpháirteachas leanúnach, cuireadh cruinnithe ar siúl i gcaitheamh na bliana leis na trí Scoil Chógaisíochta, anuas ar an gCleamhnacht um Fhoghlaim ó Thaithí Cleachtais Cógaisíochta (APPEL).

Institiúid Chógaisíochta na hÉireann (ICÉ) agus Samhail CCÉ Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL

Bhunaigh CCÉ Institiúid Cógaisíochta na hÉireann (ICÉ) in 2013 chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus bainistíocht an chórais forbartha ghairmiúla leanúnaí (FGL) do chógaiseoirí in Éirinn. Caithfidh cógaiseoirí Ríomh-Phortfóilió a choimeád ina sonraítear a FGL. Roghnaíonn CCÉ iad siúd atá incháilithe lena roghnú ón gClár Cógaiseoirí chun go seoltar sliocht óna Ríomh-Phortfóilió a aghaidh chuig ICÉ lena athbhreithniú. As na 1,329 cógaiseoir a roghnaíodh d'Athbhreithniú Ríomh-Phortfóilió in 2023, shásaigh 1,288, ar an iomlán, na caighdeáin. Tugtar deis amháin eile do chógaiseoirí a dteipeann orthu an caighdeán a bhaint amach leis an Athbhreithniú Ríomh-Phortfóilió a dhéanamh an bhliain dar gcionn. Casann CCÉ le cógaiseoirí a dteipeann orthu an caighdeán a shásamh a theastaíonn ar feadh dhá bhliain i ndiaidh a chéile agus le haon chógaiseoirí a dteipeann orthu páirt a ghlacadh sa phróiseas Athbhreithnithe.

Bíonn gach cógaiseoir atá ag cleachtadh i ról ina bpléitear le hothair a rinneadh a ghairm chun Athbhreithniú Ríomh-Phortfóilió sna blianta roimhe seo incháilithe ansin lena roghnú d'Athbhreithniú Cleachtais. Is éard atá i gceist leis seo ná athbhreithniú agus measúnú ar eolas cliniciúil in aghaidh idirghníomhú caighdeánaithe cógaisíochta.

Thit dhá imeacht Athbhreithnithe Cleachtaidh amach in Aibreán agus i nDeireadh Fómhair 2023, inar ghlac 120 cógaiseoir páirt. Astu seo, léirigh 118 cógaiseoir inniúlacht. Tugtar deis bhreise do chógaiseoirí nach léiríonn inniúlacht i dtosach chun leas a bhaint as tacaíochtaí atá ar fáil agus chun freastal ar dhá imeacht bhreise Athbhreithnithe Cleachtaidh, ar a mhéid.

Comhairliúchán agus rannpháirtíocht i bPlean Oibre an IIOP a fhorbairt

Mar chuid den chonradh a dhéanann maoirseacht ar oibriú an IIOP, caithfear an Plean Oibre Bliantúil a fhorbairt agus súil leis na gníomhaíochtaí a sholáthróidh an IIOP an bhliain dar gcionn. Chuireamar cruinnithe rannpháirtíochta ar bun i dtreo dheireadh 2023 leis an Roinn Sláinte, Grúpa Ríomhshláinte Cógaisíochta na Roinne Sláinte agus le hionadaithe ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na Seirbhísí Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil, Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtuithe, an Oifig Náisiúnta Imdhíonta, Seirbhísí Andúile, an Grúpa Sláinte Ríomhchógaisíocht, an Clár Bainistíochta Drugaí Ospidéil Ghéarmhíochaine agus an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse ina measc. Ba é cuspóir na gcruinnithe rannpháirtíochta riachtanais ionchasacha oiliúna a shainaithint do chógaiseoirí don bhliain 2024. Cheadaigh Comhairle CCÉ an Plean Oibre Bliantúil don bhliain 2024 ina dhiaidh sin ag a cruinniú i mí na Nollag.

Socrúcháin mic léinn in CCÉ

Leanamar in 2023 ag tacú leis an gclár MPharm agus lena shocrúcháin foghlama ó thaithí. Thosaigh beirt mhac léann Máistir Cógaisíochta a fhreastalaíonn ar Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn ag obair le CCÉ ar shocrúchán reachtúil ceithre mhí ina 4ú bliain ó Mheán Fómhair go Nollaig 2023. Thug na mic léinn rannchuidiú luachmhar i rith a socrúcháin le hobair CCÉ tríd an mbaint a bhí acu i ngníomhaíochtaí a thacaigh leis na Foirne Caighdeán Gairmiúil, Beartais Straitéisigh, Taighde agus Cumarsáide, Seirbhísí Corparáideacha agus Dearbhaithe Cógaisíochta Pobail. Bhí baint acu freisin inár gcuir i láthair do mhic léinn MPharm chéad bhliana i measc na dtrí Scoil Chógaisíochta agus chuir siad feachtas feasachta comhshaoil ar bun a bhí dírithe ar chomhghleacaithe CCÉ.

APPEL
An Chleamhnacht um Fhoghlaim ó Thaithí Chleachtadh na Cógaisíochta | Affiliation for Pharmacy Practice Experiential Learning

Cáilíocht agus Sábháilteacht Chógaisíochta

Lorgaímid, trínár ngníomhaíocht rialála, le gairm na cógaisíochta a rialáil in Éirinn agus aird ar an ngá atá le sláinte agus sábháilteacht an phobail a chosaint, a chothú agus a chur chun cinn. Soláthraímid dearbhú poiblí i dtaobh caighdeáin shábháilte chleachtais cógaisíochta, cuirimid cleachtas maith agus sábháilte chun cinn laistigh de chógaslanna agus oibrímid lena chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht, treoirlínte, dea-chleachtas cógaisíochta agus cógas, treoirlínte, agus an Cód Iompair do chógaiseoirí. Déanaimid idirchaidreamh lenár gcláraithe ar bhealaí éagsúla agus trí úsáid a bhaint réimse modhanna. Déanaimid cógaslanna a chigireacht le maoirseacht a dhéanamh ar cheanglais reachtúla a chomhlíonadh. Tugaimid faoi imscrúduithe nuair a fhaighimid eolas a thugann buairt chun solais faoi chleachtas cógaiseora nó cógaslainne nó nuair is gá breithniú a dhéanamh ar cheist ar bhealach níos mionsonraithe tar éis cigireachta. Fad a leanaimid le feabhas a chur ar ár n-éifeachtacht mar rialtóir, déanaimid athbhreithniú ar conas a rialaímid, glacadh le cur chuige rioscabhunaithe san áireamh atá á úsáid anois laistigh dár réimse uirlisí rialála.

Gníomhaíocht chigireachta

Tugaimid cuairteanna clárúcháin cógaslainne nuair atá iarratais ar chlárú againn do chógaslanna nua, nó ar athruithe úinéireachta agus athlonnú cógaslann.

Próiseáladh 85 iarratas céaduaire ar chlárú do chógaslanna in 2023 trí úsáid a bhaint as féindearbhuithe. Thugamar faoi 13 chigireacht oscailte nua agus faoi 19 gcigireacht oscailte nua ar an láthair.

Tugadh faoi 143 cigireacht rioscabhunaithe, ar an iomlán, in 2023, 3 athchigireacht san áireamh i ndiaidh don Chláraitheoir cinneadh a dhéanamh faoi Alt 71 den Acht Cógaisíochta. Luaitear thíos cineál na gcigireachtaí seo:

- Tugtar faoi chigireachtaí rioscabhunaithe tar éis go ndéantar athbhreithniú ar an eolas atá ar fáil do CCÉ agus is féidir leo a bheith dírithe ar limistéar ar leith nó ar oibriú ginearálta na cógaslainne, stair chigireachta/chomhlíonta san áireamh nó nuair a thug ball den phobal nó comhlacht seachtrach buairt chun solais.
- Tugaimid freisin faoi chigireachtaí téamúla, faoi mar a d'fhéadfadh bheith ag teastáil ó thráth go chéile. Déanann na cigireachtaí seo measúnú ar sheirbhísí áirithe eile a sholáthraíonn cógaiseoirí. Thugamar faoi shé chigireacht théamúla vacsaínithe in 2023. Áirítear leis na saghsanna eile de chigireachtaí téamúla cuairteanna cumhdaigh ghairmiúil agus cuairteanna ina measúnaítear comhlíonadh na Treorach maidir le Cógais Fhalsaithe.

Riachtanais maidir le cógais neamhoidis a sholáthar ar an idirlíon a chomhlíonadh

Caithfidh gach cógaslann agus miondíoltóir eile a dhíolann cógais neamhoidis ar líne in Éirinn cláraithe le CCÉ agus go ngníomhaíonn siad i gcomhréir le riachtanais an chláraithe sin. Bhí 140 cógaslann agus 176 miondíoltóir eile cláraithe le liosta soláthair idirlín CCÉ ag deireadh 2023.

Rinneadh iniúchadh ar 175 suíomh gréasáin in 2023 ón Liosta Soláthair Idirlín, agus chuathas ina dhiaidh sin i mbun 20 gníomh comhlíonta maidir le táirgí míochaine neamhoidis a sholáthar ar an

idirlíon, litreacha san áireamh a eisíodh do chógaslanna maidir le riachtanais ábhartha a chomhlíonadh.

Folúntais chógaiseoirí maoirseachta agus stiúrthóra

Leis an Acht Cógaisíochta, 2007, bunaítear róil chógaiseoirí maoirseachta agus stiúrthóra. Déanann sé bainistíocht agus cuntasacht chliniciúil agus ghairmiúil chógaslainne a shuíomh laistigh den dá phríomhról seo i gcomhar le húinéir na cógaslainne.

Ceanglaítear sa reachtaíocht go gcaithfidh cógaiseoir maoirseachta a bheith ceaptha do gach cógaslann agus níl cead ag an duine seo a bheith ag feidhmiú ach i gcógaslann amháin. Is é an cógaiseoir maoirseachta an gairmí atá i bhfeighil ar oibriú na cógaslainne go lánaimseartha, agus ní mór taithí iarchlárúcháin trí bliana a bheith acu lena gceapadh. Tá an duine seo freagrach as gach oibríocht sa chógaslann agus tá caidreamh tuairiscithe acu leis an gcógaiseoir stiúrtha sa chógaslann nó le grúpa cógaslann.

Déanann CCÉ monatóireacht ar na róil rialachais seo a cheapadh agus ar athruithe a thagann orthu, mar is gá iad seo a chur in iúl dúinn. Táimid tar éis a bheith ag déanamh monatóireachta ar fholúntais chógaiseoirí a mhaoirsiú mar chuid dár gcuid oibre rialála leanúnach, ag cuimhneamh ar an méadú ar líon na bhfolúntas le blianta beaga anuas agus ar na dúshláin maidir le hearcú don ról seo. Tá próiseas formhéadaithe forbartha ag CCÉ a dhéanann monatóireacht ar fholúntais i ngach cógaslann agus a fhéachann leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag na folúntais seo do na cógaslanna lena mbaineann a bhainistiú. Mar chuid den phróiseas formhéadaithe, thugamar faoi naoi gcruinniú le cógaiseoirí stiúrtha agus le húinéirí cógaslainne a bhfuil ardlíon folúntais chógaiseoirí stiúrtha acu nó a bhfuil folúntais acu ar feadh tréimhse fhada ama ina gcógaslanna. Is é cuspóir na gcruinnithe seo a chinntiú go bhfuil struchtúr rialachais éifeachtach i bhfeidhm ag na cógaslanna siúd gan cógaiseoir stiúrtha ainmnithe agus go leanann siad de sheirbhísí ardchaighdeáin, sábháilte, éifeachtacha cógaisíochta a sholáthar d'othair agus don phobal.

An Treoir maidir le Cógais Fhalsaithe (FMD)

Tugadh cur chuige comhordaithe agus atá cumasaithe ó thaobh TF isteach sa Treoir maidir le Cógais Fhalsaithe (FMD) ar fud an Aontais Eorpaigh le feabhas a chur ar shábháilteacht othar ríd an slabhra soláthair cógas a chosaint ón mbaol a chruthaíonn cógais fhalsaithe (nó ghóchumtha). Faoi na Rialacháin Tharmligthe ar Ghnéithe Sábháilteachta, tá ról ag CCÉ le heagraíochtaí eile sa Treoir a chur i bhfeidhm in Éirinn, a bhí i gcéim 'úsáid agus foghlaim' ó 2019.

Leanamar le hidirchaidreamh a dhéanamh le cógaslanna, agus le cógaiseoirí a bhfuil poist rialachais acu i rith 2023 le comhlíonadh na Treorach a mhíniú agus a spreagadh. D'úsáideamar an t-idirchaidreamh seo le saincheisteanna níos fairsinge a fhiosrú maidir le conas a oibríonn an cur chuige FMD trí chéile laistigh de chógaslanna Éireannacha agus leis na córais a úsáideann siad ina n-obair laethúil. Leanadh le hionadaíocht a dhéanamh dúinn in 2023 ar an nGrúpa Maoirseachta Gnéithe Sábháilteachta, ar grúpa comhoibrithe ilpháirtí leasmhair é ag a bhfuil ionadaithe ó chomhlachtaí éagsúla, cosúil is an IMVO, an HPRA agus an Roinn Sláinte.

Leanadh leis an idirchaidreamh le cógaslanna maidir le riachtanais FMD in 2023, agus rinneadh measúnú ar riachtanais FMD ag gnáthchigireachtaí agus ag cuairteanna fócais FMD. D'eisíomar 214 ríomhphost do chógaslanna maidir lena leibhéal comhlíonta, nuair a braitheadh gníomhaíocht scanta

agus díchoimisiúnaithe FMD theoranta nó ar bith ar an gcóras ábhartha taisclainne i rith dátaí roghnaithe. Tá rátaí díchoimisiúnaithe FMD d'Éirinn tuairiscithe go comhsheasmhach ag an Eagraíocht Eorpach um Fhíorú Leigheasra, ar ráta atá os cionn 60%, agus baineadh buaic 77.9% amach i mí na Nollag 2023. Tá an ráta comhlíonta seo bunaithe ar shonraí arna gcinneadh ag IQVIA go seasann margadh na hÉireann ag thart ar 107 milliún pacáiste do 2023. Ní chuimsítear feistí leighis nó cógais neamhcheadúnaithe i sonraí IQVIA.

Imscrúduithe

Tugtar faoi imscrúduithe nuair a bhíonn cúis ann a chreidiúint go bhfuil saincheisteanna tromchúiseacha sábháilteachta agus/nó saincheisteanna tromchúiseacha neamhchomhlíonta maidir le cógaiseoir nó cógaslann. Tosaíodh naoi n-imscrúdú agus dúnadh ocht gcomhad imscrúdaithe i rith 2023. Bhí sé comhad déag imscrúdaithe ar oscailt ag deireadh 2023.

Breithniú ag an gCláraitheoir ar thuarascálacha cigireachta

Déanann an Cláraitheoir breithniú ar shaincheisteanna suntasacha a sainaithníodh i rith cigireachta nó imscrúdú faoi Alt 71 den Acht Cógaisíochta, 2007. Feidhm í seo a shannann an Chomhairle don Chláraitheoir. Rinne an Cláraitheoir breithniú ar sheacht dtuarascáil in 2023. Tar éis go ndearnadh breithniú orthu seo:

- Atreoraíodh seacht gcógaiseoir chuig an bpróiseas gearán (faoi Alt 71(1)(b))
- Iarradh ar Chomhairle CCÉ in dhá cheann de na seacht ngearán seo (faoi Alt 71(1)(d)) breithniú foirmiúil a dhéanamh ar iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ina lorgaítear Ordú de bhun alt 45 den Achta Cógaisíochta, 2007 lena gcuirtear clárú an chógaiseora ar fionraí ar feitheamh nósanna imeachta breise faoi Chuid 6 den Acht Cógaisíochta, 2007

Cáilíocht agus Sábháilteacht Chógaisíochta de réir Uimhreacha

Rinneadh **143** iniúchtaí rioscabhunaithe.

3 athchigireacht san áireamh tar éis chinneadh an Chláraitheora faoi Alt 71(1)(d)

19 gcigireacht ar an láthair agus **13** cigireacht nua cógaslainne déanta

cleachtaí siopa rúndiamhair déanta in **2** chógaslann

Imscrúduithe

9 n-imscrúdú tosaithe

8 n-imscrúdú dúnta

16 chomhad ar oscailt ag deireadh 2023

5 Thuarascáil Imscrúdaithe agus **2** Thuarascáil Chigireachta breithnithe ag an gCláraitheoir

Gearáin agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

Mar an rialtóir reachtaíochta atá freagrach as sláinte agus sábháilteacht an phobail a chosaint trí chógaiseoirí agus cógaslanna a rialáil, téimid i mbun gnímh chun dul i ngleic le drochfheidhmíocht ghairmiúil, mí-iompar gairmiúil agus teip ar chomhlíonadh reachtaíochta. Ar cheann de na bealaí a dhéanaimid é seo, tá breathnú ar ghearáin fhoirmiúla a dhéantar i gcoinne cógaiseoirí agus cógaslann faoin Acht Cógaisíochta, 2007. Éisteann ár gCoistí Smachta reachtúla le gearáin. Roinnimid faisnéis agus foghlaim ó ghearáin agus torthaí fiosrúchán ar mhaithe le caighdeáin ghairmiúla a chothabháil agus a sheasamh, chun feasacht a ardú ar chúrsaí sábháilteachta othar agus poiblí ó pheirspictíocht sábháilteachta poiblí de, agus chun comhlíonadh na reachtaíochta cógaslainne agus cógas a chur chun cinn. Tá déileáil go héifeachtach le gearáin i gceartlár ár dtiomantais d'othair agus an pobal a chosaint agus muinín an phobail as cógaiseoirí agus cógaslanna a chothú.

Gearáin fhoirmiúla

Déantar gearáin fhoirmiúla faoi chógaiseoirí agus cógaslanna le CCÉ, den chuid is mó, i scríbhinn. Is féidir leo baint le hiompar, cleachtas, iompraíocht, sláinte chógaiseora nó conas a sholáthraíonn cógaslann seirbhís. Caithfear gearáin fhoirmiúla a phróiseáil go dian ar aon dul le forálacha an Achta Cógaisíochta, 2007.

Fuaireamar 73 gearán foirmiúil nua, ar an iomlán, in 2023, ar méadú 36% é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

An Coiste Réamhimeachtaí

A luaithe a fuair agus a phróiseáil CCÉ gearán, cuirtear faoi bhráid an Choiste Réamhimeachtaí (an PPC) é lena bhreithniú i gcomhréir leis an bpróiseas a leagtar amach san Acht Cógaisíochta, 2007. Déanann an PPC, tar éis an gearán a athbhreithniú, a chur in iúl do Chomhairle CCÉ cibé an bhfuil nó nach bhfuil údar dóthanach ann chun dul i mbun gníomh breise maidir leis an gcógaiseoir agus/nó leis an gcógaslann, ábhar an ghearáin. Is féidir leis an PPC an gearán a sheoladh ar aghaidh ansin go dtí idirghabháil nó go n-éistfear leis os comhair Coiste Fiosrúcháin reachtúil.

Rinne an PPC breithniú in 2023 ar 77 gearán, a ndearnadh breithniú ar chuid díobh i dtosach i mblianta roimhe seo. Astu seo, rinneadh breithniú ar 74% laistigh de sprioc shé mhí an KPI.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na gearáin a breithníodh in 2023, sheol an PPC 29 gearán ar aghaidh go rachfar i mbun gníomh breise ina leith. Astu seo, cuireadh 25 díobh faoi bhráid an Choiste Iompair Ghairmiúil, atreoraíodh trí cinn chuig an gCoiste Sláinte agus atreoraíodh ceann amháin go hidirghabháil.

As na gearáin a breithníodh, chuir an PPC in iúl don Chomhairle nár theastaigh gníomh breise ó 36 gearán agus chomhaontaigh an Chomhairle le comhairle an PPC. Rinneadh ocht ngearán a chur ar athló.

Gearáin a aistarraingt

D'fhéadfadh go roghnódh gearánaí an gearán sin a aistarraingt a luaithe go mbíonn próiseas gearáin tosaithe. D'fhéadfadh seo tarlú ag aon tráth i rith an phróisis. A luaithe a aistarraingíodh gearán,

nuashonróidh an Coiste ábhartha an Chomhairle agus d'fhéadfaidís a mholadh don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- gníomh ar bith breise a dhéanamh, nó
- leanúint ar aghaidh faoi mar a rinne an gearán a aistarraingt.

Aistarraingíodh sé ghearán, ar an iomlán, in 2023. Aistarraingíodh ceithre ghearán, ar an iomlán, roimh an PPC, agus d'aontaigh an Chomhairle leis an PPC nár cheart dul i mbun gníomh breise ar bith maidir leis na gearáin siúd. Aistarraingíodh dhá ghearán roimh an gCoiste Iompair Ghairmiúil (PPC), agus d'aontaigh Comhairle CCÉ freisin leis an gCoiste nár cheart dul i mbun gníomh breise ar bith.

Léargas ginearálta ar Choistí Iompair Ghairmiúil agus Sláinte

Éisteann na Coistí Fiosrúcháin le gearáin in aghaidh cógaiseoirí agus cógaslann, agus tá an Coiste PCC agus Sláinte i gceist leo. Rinne 18 bhfiosrúchán a chur ar bun nó a thosú in 2023, ar críochnaíodh sé cinn déag díobh in 2023. Cuireadh seacht gcinn ar bun go hiomlán go cianda ar líne, thit cúig cinn amach go hiomlán i bpearsan ag Teach CCÉ, agus thit sé cinn amach ar bhealach hibrideach, is é sin, tháinig roinnt páirtithe i láthair i bpearsan roimh an gCoiste, agus tháinig roinnt i láthair ar líne.

Reáchtálann an PCC agus an Coiste Sláinte, ag suí le Measúnóir Dlí neamhspleách, cruinnithe Glaoite Anonn freisin roinnt uaireanta sa bhliain. Déantar breithniú sna cruinnithe seo ar nuashonruithe ar cheisteanna ina bhfuil fiosrúcháin i gceist agus éistear iontu le hiarrataí cosúil le dátaí a shocrú i gcomhair fiosrúchán, iarratais ar atráth, iarratais príobháideachais agus/nó iarratais réamhchéime eile. D'fhéadfadh na Coistí a ordú freisin go bhfuiltear i gcomhréir le hamlíne shonrach chun a chinntiú go bhfuil gearán réidh i gcomhair éisteachta. Thit ceithre chruinniú glaoite anonn den PCC agus ceithre cinn den Choiste Sláinte amach in 2023. Tugadh faoi na glaonna seo go cianda ag baint úsáid as teicneolaíocht físe agus fuaime.

Torthaí éisteachta fiosrúcháin

Éisteadh le 18 bhfiosrúchán, ar an iomlán, a bhain le 22 freagróir os comhair Coiste Fiosrúcháin in 2023. B'ionann seo agus breis agus 31 lá éisteachta. Is ionann seo agus méadú leanúnach ar an bhfad ama a ghlacann sé le fiosrúcháin a chur i gcrích, de bharr chastacht mhéadaithe na ngearán agus an lín freagróirí agus finnéithe atá i gceist. Críochnaíodh 16 fhiosrúchán, ar an iomlán, in 2023, agus ar éisteadh go páirteach leis an dá cheann eile agus cuireadh ar athlá iad go gcuirfear i gcrích go luath in 2024 iad. Thosaigh nó d'éist an PPC le 14 fhiosrúchán, agus thosaigh nó d'éist an Coiste Sláinte le 4 fhiosrúchán.

Baineadh torthaí amach i nach mór gach fiosrúchán a cuireadh i gcrích, nó ghlac an Coiste ábhartha le gealltanas (mar shampla, gan an t-iompar a chur ar bhun arís nó toiliú do smachtú) faoi alt 46 den Acht Cógaisíochta, 2007. Nuair a thugtar cuireadh do ghealltanas agus nuair a ghlactar leis, ní dhéantar aon torthaí in aghaidh an fhreagróra leis an ngearán. I measc na dtorthaí a bhain an Coiste Fiosrúcháin amach (i.e. nuair a chruthaítear na líomhaintí thar aon amhras réasúnta), bhí mí-iompar gairmiúil agus/nó drochfheidhmíocht ghairmiúil agus/nó lagú agus bhain roinnt díobh le ciontuithe in aghaidh na bhfreagróirí. As na 16 fhiosrúchán a cuireadh san áireamh, réitíodh ocht gcinn trí ghlacadh le gealltanas.

Smachtbhannaí agus torthaí a baineadh amach in éisteachtaí um fheidhmiúlacht chun cleachtadh

D’fhéadfaí smachtbhanna amháin nó níos mó a ghearradh ar chógaiseoir nó ar chógaslann i ndiaidh fiosrúcháin. Nuair a chuirtear fiosrúchán i gcrích, déanann an Chomhairle breithniú ar Thuarascáil an Choiste Fiosrúcháin agus déanann sé cinneadh (nuair is ábhartha) ar agus aon smachtbhanna a ghearradh ar an gcógaiseoir nó ar an gcógaslann agus déanann sé aon chinneadh eile a cheanglaítear faoin Acht Cógaisíochta, 2007 maidir leis an ngearán sin.

Rinne an Chomhairle breithniú in 2023 ar 19 dtuairisc ó na Coistí Fiosrúcháin faoi alt 47 den Acht Cógaisíochta, 2007, ar bhain roinnt díobh le fiosrúcháin ar éisteadh leo os comhair Coiste Fiosrúcháin in 2022. As na 19 dtuairisc seo, bhain gealltanais le hocht gcinn agus bhain toiliú do smachtbhanna le sé cinn. Ghearr an Chomhairle 15 smachtbhanna, ar an iomlán, i ndiaidh gur bhreithnigh an Coiste Fiosrúcháin na tuairiscí, agus i gcásanna áirithe, ghearr an Chomhairle smachtbhanna amháin nó níos mó ar fhreagróir. Dheimhnigh an Coiste ábhartha go raibh dhá ghearán gan bhunús tar éis don Chláraitheoir iarratais a dhéanamh gan fianaise a stiúradh, agus rinne an Chomhairle na gearáin seo a dhíbhe i gcomhréir lena hoibleagáid reachtúil amhlaidh a dhéanamh faoi alt 48(1)(a) den Acht Cógaisíochta, 2007. D’eascair torthaí as seacht ngearán in aghaidh cógaiseora agus/nó cógaslainne agus gearradh smachtbhanna amháin nó níos mó ar an gcógaiseoir nó ar an gcógaslann dá bharr. Áiríodh le smachtbhannaí faoi alt 48(1)(b) den Acht Cógaisíochta, 2007 trí cháineadh (3), ceithre iomardú (4), gearradh coinníollacha (2), fionraí ón gclár ar feadh tréimhse shainithe (3), agus trí chealú ar chlárú an chógaiseora/nó na cógaslainne (3). Níor cuireadh aon smachtbhannaí i bhfeidhm maidir le toirmeasc ar athchur ar an gclár.

I gcomhréir le halt 52 den Acht Cógaisíochta, 2007, rinneadh ceithre iarratas leis an Ard-Chúirt le haon smachtbhanna a dheimhniú ina raibh fionraí, coinníollacha agus cealú clárúcháin i gceist, ar bhain roinnt díobh le gearáin a bhreithnigh an Chomhairle go déanach in 2022.

Achomhairc

Faoi alt 51 den Acht Cógaisíochta, 2007, is féidir le cógaiseoir nó cógaslann iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar smachtbhanna a chuir Comhairle CCÉ i bhfeidhm a chealú, agus is féidir leis an Ard-Chúirt cinneadh na Comhairle a dheimhniú nó a athrú. Ní dhearnadh aon iarratais den saghas siúd leis an Ard-Chúirt in 2023; ach tá CCÉ ar feitheamh go fóill le cinneadh (breithiúnas) ón Ard-Chúirt maidir le hiarratas a thit amach go déanach in 2022.

Monatóireacht ar choinníollacha

Déanaimid monatóireacht ar aon choinníollacha a chuirtear i bhfeidhm ar chlárúchán duine a chomhlíonadh mar gheall ar aon torthaí ar fhiosrúchán ar fheidhmiúlacht chun cleachtadh chomh maith le haon ghealltanais a thug cláraí ag aon fhiosrúchán ar fheidhmiúlacht chun cleachtadh. Ciallaíonn seo go ndéanann CCÉ idirchaidreamh leis an gcláraí fad a oibríonn siad leis na torthaí a bhfuil súil leo a bhaint amach de réir na ngealltanas a thug siad nó na gcoinníollacha a bhaineann lena gclárúchán. Rinneamar triúr daoine aonair/trí chógaslann in 2023 a éascú ar gearradh coinníollacha san Ard-Chúirt orthu tar éis gur baineadh torthaí amach ag fiosrúcháin ar fheidhmiúlacht chun cleachtadh le cloí leis na coinníollacha a gearradh a léiriú. Rinneamar idirchaidreamh le agus monatóireacht freisin ar chomhlíonadh triúr daoine aonair a thug gealltanais ag fiosrúcháin ar fheidhmiúlacht chun cleachtadh.

Fionraí eatramhach

Is féidir le Comhairle CCÉ iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt faoi alt 45 den Acht Cógaisíochta, 2007 ar ordú le clárú cógaiseora chláraithe agus/nó cógaslainne cláraithe a ndearnadh gearán ina n-aghaidh a chur ar fionraí láithreach, ar feitheamh réiteach an ghearáin sin. Déantar seo má mheasann an Chomhairle go bhfuil baol ann do shláinte agus sábháilteacht an phobail, atá chomh mór sin gur cheart clárú a chur ar fionraí ar feitheamh an próiseas gearáin a chur i gcrích.

Rinne an Chomhairle dhá iarratas ar fhionraí eatramhach a bhreithniú in 2023 in aghaidh beirt chógaiseoirí. Rinne an Chomhairle an cinneadh sa dá chás leanúint ar aghaidh le hordú a lorg ón Ard-Chúirt a chuireann clárú na gcógaiseoirí ar bhonn eatramhach ar feitheamh na gearáin ina n-aghaidh a réiteach, agus dheonaigh an Ard-Chúirt na horduithe Fionraí eatramhaigh siúd.

Cruinnithe agus éisteachtaí cianda

Thug na Coistí Fiosrúcháin le fios gur fearr leo fiosrúcháin um fheidhmiúlacht chun cleachtadh a chur ar bun i bpearsan ag Teach CCÉ, agus ar an ábhar sin, seo seasamh réamhshocraithe CCÉ nuair a dhéantar fiosrúcháin a sceidealú. Má dhéantar iarratais leis an gCoiste, áfach, fiosrúchán a chur ar bun go hiomlán cianda nó ar bhealach hibrideach, tá an chumhacht ag an gCoiste é seo a éascú faoina Nósanna Imeachta, chomh fada agus, i ngach cás, go bhfuil an sceidealú éisteachtaí cianda i gcomhréir le forálacha an Achta um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020. Suíonn na Coistí Fiosrúcháin anois de ghnáth, áfach, go hiomlán go cianda chun éisteacht le glaonna anall agus le roinnt réamhiarratas agus le hiarratais eile; ar mhaithe le héifeachtúlacht, is gnách go suíonn an Coiste Réamhimeachtaí ar bonn hibrideach.

Cinnteoireacht éifeachtach i ngearáin reachtúla agus i gCoistí Smachta

Leagtar dualgas ar na Coistí Smachta a bunaíodh faoin Acht Cógaisíochta, 2007 breithniú a dhéanamh ar ghearáin reachtúla in aghaidh cógaiseoirí agus cógaslanna cláraithe agus chun cinntí agus moltaí a dhéanamh le Comhairle CCÉ maidir leis na gearáin siúd. Tá siad, de réir an dlí, ar leith agus neamhspleách ó Chomhairle agus Feidhmeannacht CCÉ, agus tromlach tuata atá iontu, agus ceaptar iad trí phróiseas neamhspleách.

Ceapadh deichniúr ball nua den Choiste Smachta chun teacht in ionad iad siúd a chuaigh ar scor, a d'éirigh as, nó a chríochnaigh a dtéarma. Cuirtear oiliúint ionduchtúcháin mhionsonraithe orthu siúd go léir ar a ndualgais agus a bhfreagrachtaí reachtúla agus tá orthu breathnú ar fhiosrúcháin sula suífidh siad le héisteacht le gearáin. Anuas air sin, tá ar gach ball de Choiste Smachta freastal ar sheisiúin oiliúna, a gcuirtear oiliúint sheachtrach neamhspleách ar fáil iontu ar nósanna imeachta cothroma, rialáil ghairmiúil, an próiseas gearán reachtúil agus cinnteoireacht. Chuir CCÉ dhá sheisiún oiliúna ar bun in 2023 don Choiste Réamhimeachtaí agus dhá seisiúin oiliúna do na Coistí Fiosrúcháin.

Tá an oiliúint ionduchtúcháin agus seo mar chuid dár dtiomantas do chinntiú go ndéantar an próiseas gearán reachtúil a bhainistiú go dian i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil agus reachtúil agus go dtacaítear le gach ball den Choiste Smachta ina róil agus go gcuirtear an saineolas agus an tsaintreoir ar fáil dóibh a theastaíonn chun a róil a chomhlíonadh. Deis thábhachtach atá sna seisiúin oiliúna freisin do bhaill de Choiste casadh lena chéile agus a n-eispéiris a roinnt, aon aiseolas ar an bpróiseas a thuairisciú agus tacaíocht meantóireachta a sholáthar do bhaill níos nua.

Gearáin agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh de réir Uimhreacha

73 gearán foirmiúil faighte

53 in 2022 agus **80** in 2021

Catagóirí gearán foirmiúil a tugadh chun solais*

20 saincheist chleachtaidh cógaslainne

16 teip ar sholáthar

6 earráid dáiliúcháin (cógas mícheart)

6 iompar/gairmiúlacht

5 earráid dáiliúcháin (dáileog mhícheart)

5 dháileadh gan oideas bailí

5 eile

3 lagú sláinte

3 iompar (bealach/ meon)

2 cógas as dáta

1 ghairmiúlacht

1 shaincheist soláthair éigeandála

1 mhalartú cineálach

2 shaincheist iolracha

1 saincheisteanna tráchtála/fógraíochta/fostaíochta

*d'fhéadfadh breis agus catagóir amháin a bheith i gceist le gearáin

Gearáin fhoirmiúla a fuarthas de réir foinse

56 ball den phobal

7 Cláraitheoir

4 dochtúir

3 cógaiseoir

1 Comhairle na nDochtúirí Leighis

1 altra

1 gairmí eile sláinte

Gearáin a d'atreoraigh an PPC

25 gearán curtha faoi bhráid an PCC, atreoraíodh **3** ghearán chuig an gCoiste Sláinte agus atreoraíodh **1** ghearán go hidirghabháil

18 fhiosrúchán tosaithe

14 roimh an gCoiste Iompair Ghairmiúil

4 roimh an gCoiste Sláinte

2 cheann de na fiosrúcháin seo curtha ar athlá go gcríochnófar in 2024 iad

Beartas agus Cumarsáid Straitéiseach

Cuid bhunúsach dár ról rialála is ea eolas a sholáthar agus feasacht a mhúscailt ar ár ról agus ár n-obair. Áirítear lenár n-obair suíomhanna beartais a fhorbairt maidir le saincheisteanna beartais straitéisigh, an straitéis náisiúnta rialála agus cúraim sláinte ina measc. Oibrímid i gcomhar le go leor eagraíochtaí eile lasmuigh de CCÉ, i measc limistéir uile ár n-oibre rialála, lenár misean a bhaint amach ar mhaithe le leas an phobail, agus an comhthéacs sláinte níos fairsinge á chur san áireamh.

Oibriú le heagraíochtaí eile

Aithnímid an tábhacht a bhaineann le hoibriú go comhoibritheach le heagraíochtaí eile, agus leanamar ag oibriú i gcomhar lenár n-eagraíochtaí príomhpháirtithe leasmhara i rith 2023. Áiríodh leis seo cur le comhairliúcháin náisiúnta sláinte agus chúraim shóisialta, grúpaí oibre agus le cruinnithe traseagraíochta eile. Déanann CCÉ idirchaidreamh go rialta leis an Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (an HPRA), an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), rialálaithe eile na hearnála sláinte agus cúraim shóisialta, anuas ar na Scoileanna Cógaisíochta, Institiúid Cógaisíochta na hÉireann (an IIOP), Aontas Cógaiseoirí na hÉireann (an IPU), Cumann Cógaiseoirí Ospidéil na hÉireann (an HPAI), Cógaiseoirí Tionscail, Oideachais agus Rialála (PIER), i measc eagraíochtaí eile.

Aighneacht chuig comhairliúcháin sheachtracha

Rinneamar 12 aighneacht in 2023 le comhairliúcháin phoiblí agus iarrataí ar ionchur, nuair a bhí an t-ábhar ábhartha agus tábhachtach dár ról agus dóibh siúd a rialaímid. Ina measc seo, bhí Dréachtbheartas Comhpháirtí Ghlór na nOthar de chuid na Roinne Sláinte, an Dréachtchód Cleachtais ar an Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí, agus na Dréachtchaighdeáin Náisiúnta um Bainistíocht Faisnéise i Sláinte agus Cúram Sóisialta.

Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre seachtracha

Mar chuid dár sainchúram rialála, glacann CCÉ páirt go rialta in agus cuireann sé go rialta le roinnt grúpaí oibre seachtracha.

Thug an Roinn Sláinte cuireadh dúinn i Márta chun freastal ar an ngrúpa páirtithe leasmhara valpróáite sóidiam. Is é aidhm an ghrúpa páirtithe leasmhara seo plé a dhéanamh ar ghníomhartha a rinneadh go dtí seo lena chinntiú go nglactar le clár coiscthe toirchis valpróáite a mhol coiste measúnaithe riosca faireachais cógas na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí i gcleachtas agus go ndéantar maoirseacht ar na gníomhartha a sainaithníodh a chur i bhfeidhm, más gá.

Tugadh cuireadh dúinn in 2023 chun ballraíocht a ghlacadh den Ghrúpa Ríomhshláinte Cógaisíochta, a bhunaigh an Roinn Sláinte, agus d'fhreastalaíomar ar cheithre chruinniú in 2023. Tá an sainchoiste comhairleach seo ceaptha a bheith á úsáid mar fhóram don chomhoibriú agus don rannpháirtíocht, atá ailínithe leis an Straitéis Ríomhshláinte d'Éirinn a chur i bhfeidhm. I measc na ballraíochta, tá an Roinn Sláinte, FSS, an IPU agus cógaiseoirí cleachtaidh. Tá súil ag an ngrúpa soláthar cúraim sláinte otharlárnaigh a bhaineann le cógaisíocht a thabhairt chun cinn agus glacadh le tionscnaimh Ríomhshláinte a chur chun cinn trí chur le comhoibriú reatha coláisteach chun eispéireas agus torthaí othar a fheabhsú go leanúnach.

Ball sinn chomh maith de Ghrúpa Oibre Ró-Oideasaithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis, a phléann straitéisí chun dul i ngleic le ró-oideasú drugaí rialaithe. Tá sa ghrúpa páirtithe leasmhara chomh maith ionadaithe ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis, FSS, an HPRA, an Roinn Sláinte, agus Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann. Dhréachtaigh an grúpa aighneacht leis an Roinn Sláinte ina scrúdaítear an tionchar a imríonn ró-oideasú beinsidhé-asaipíní, Z-dhrugaí agus réamhghabalaine in Éirinn.

Ball freisin den Ghrúpa Oibre um Chosc ar Ródháileoga Intinneach Drugaí Paraicéiteamól-Gaolmhara é CCÉ, a chasann ar a chéile roinnt uaireanta sa bhliain. Is í aidhm an Ghrúpa trí chéile comhoibriú ar ghníomhartha le cosc a chur ar ródháileog drugaí intinneach paraicéiteamól-gaolmhara trí bharr feabhais a chur ar chloí leis an reachtaíocht reatha a chuireann teorainn ar rochtain ar pharaicéiteamól. D'fhreastalaíomar freisin i nDeireadh Fómhair ar fheachtas faisnéise nua a sheoladh ag an Roinn Sláinte ar pharaicéiteamól a dhíol go sábháilte.

Comhoibriú agus idirchaidreamh leis an Roinn Sláinte

Rinneamar comhoibriú agus idirchaidreamh leis an Roinn Sláinte i gcaitheamh na bliana maidir le forbairtí beartais a bhain leis an gcógaisíocht, agus rinneamar tráchtanna a athbhreithniú agus a sholáthar san áireamh ar roinnt ionstraimí reachtúla a bhaineann leis an reachtaíocht cógas, idirchaidreamh maidir le leigheas bithchosúil a ionadú ag cógaiseoirí agus d'fhiosraíomar an t-ábhar a bhaineann le scóip chleachtais cógaiseoirí a fhairsingiú.

Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ar ghanntanais chógas

Táimid tiomanta d'oibriú go comhoibritheach ar ghanntanais chógas mar chuid den chóras cúraim sláinte níos fairsinge lena chinntiú go bhfuil an t-eolas agus an treoir chuí ar fáil maidir le ganntanais chógas.

D'fhreastalaíomar i gcaitheamh na bliana ar roinnt cruinnithe den Ghrúpa Measúnaithe Criticiúlachta Cógas, grúpa ilghníomhaireachta a thionólann FSS, an HPRA agus an Roinn Sláinte chun plé a dhéanamh ar agus freagairt do ghanntanais chógas. Thacaíomar freisin le comhtheachtaireachtaí a fhorbairt do ghairmithe cúraim sláinte agus don phoiblí ar bhearta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu le ganntanais chógas a bhainistiú agus leis an ról tábhachtach a thabhairt chun solais i dtaobh tacú le hothair trí úsáid leanúnach chuí, réasúnach agus shábháilte cógas a chinntiú.

D'fhreastalaíomar i Márta agus i mBealtaine ar chruinnithe páirtithe leasmhara Chreat Ganntanais Chógas an HPRA chun plé a dhéanamh ar mheicníochtaí cumarsáide, fógartha ganntanais agus géaraithe a bhaineann le fáil ar chógais. Ghlacamar páirt i Meitheamh i agus rinneamar cur i láthair mar chuid d'imeacht ilpháirtí leasmhair ar ar fhreastail comhfhreagraithe meáin sláinte chun eolas a chur ar fáil don phobal agus do pháirtithe leasmhara ábhartha faoi conas a choisctear ganntanais chógas, sa chás gur féidir, agus conas a mhaolaítear iad nuair a tharlaíonn siad trí obair an Chreata Ganntanais Chógas. Chomhoibríomar leis an RS, an HPRA, FSS agus an ICGP mar chuid den imeacht.

Comhoibriú le cógaiseoirí, cógaslanna agus le páirtithe leasmhara eile

- Seónna Bóthair CCÉ

Chuireamar sraith cúig sheó bóthair réigiúnacha ar siúl i nDeireadh Fómhair 2023, a bhain garsprioc mhór eile amach dúinn inár dtiomantas leanúnach d'idirchaidreamh a dhéanamh le cláraithe maidir

le tionscnaimh shábháilteachta agus cháilíochta othar.

Ba iad na seónna bóthair na chéad imeachtaí i bpearsan a chuir CCÉ ar bun i ndiaidh na paindéime agus thug siad deis chun plé a dhéanamh ar roinnt ábhair thábhachtacha, róil rialachais cógaisíochta, pleanáil an lucht saothair cógaisíochta agus feidhmiúlacht chun cleachtadh san áireamh. Thit na himeachtaí amach áit i Sligeach, Luimneach, Corcaigh, agus Baile Átha Cliath. Mhol an lucht freastail na himeachtaí as léargas áisiúil ar obair leanúnach CCÉ a sholáthar.

Chuir na himeachtaí ar chumas CCÉ aiseolas a bhailiú ó chógaiseoirí i bpearsan ag gach seó bóthair agus trí cheistneoir iarimeachta. Cuireadh taifeadtaí ar gach cur i láthair ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin CCÉ do na cláraithe agus na páirtithe leasmhara siúd nach bhféadfadh freastal i bpearsan.

Caroline Murphy, Bainisteoir Feidhmiúlachta chun Cleachtadh agus Gnóthaí Dlí, Joanne Kissane, Cláraitheoir agus Príomhoifigeach CCÉ, Laura Irwin, Bainisteoir Cáilíochta agus Sábháilteachta Cógaisíochta agus Dan Burns, Ceann Beartais Straitéisigh, Taighde agus Cumarsáide ag imeachtaí Seó Bóthair CCÉ i nDeireadh Fómhair 2023

- Suirbhé ar sheirbhísí dáileacháin cógas i gcógaslanna

Thugamar faoi dhá shuirbhé le cógaiseoirí agus an pobal idir Iúil agus Meán Fómhair. Bhí seo was mar chuid d'athbhreithniú rialála ar chógais a dháileadh, ach go háirithe, cógais in-insteallta, ag cógaiseoirí i gcógaslanna pobail. Ba é cuspóir na suirbhéanna tuiscint níos fearr a fháil ar an réimse iomlán cógas atá á ndáileadh faoi láthair ag cógaiseoirí i gcógaslanna pobail chun cabhrú linn a dheimhniú an leor an creat rialála reatha chun tacú le cógaiseoirí seirbhísí sábháilte, comhsheasmhacha agus ardchaighdeáin dáileacháin cógas a sholáthar d'othair agus don phobal. Fuaireamar 614 freagairt ón suirbhé ar chógaiseoirí agus 159 ón suirbhé ar an bpobal, nár luadh ainmneacha le ceachtar díobh. Cuirfear torthaí an tsuirbhé san áireamh mar chuid d'athbhreithniú foriomlán rialála CCÉ ar chógais a dháileadh i gcógaslanna pobail.

Cainéil chumarsáide

Tacaítear inár Straitéis Cumarsáide le hidirchaidreamh éifeachtach a dhéanamh le gach príomhpháirtí leasmhar. Tá sé ceaptha a chinntiú go mbíonn sábháilteacht othar i gcroílár ár gcumarsáide agus feasacht agus tuiscint ar ról CCÉ a chruthú. Aithnímid gur foinse thábhachtach eolais é ár suíomh gréasáin a thacaíonn lenár misean agus a fhreastalaíonn ar riachtanais pháirtithe leasmhara. Leanamar le linn na bliana ag ullmhú d'athfhorbairt an tsuímh gréasáin, agus soláthraíodh forbróir rathúil suíomh gréasáin chun cabhrú linn freastal níos fearr ar riachtanais ár gcustaiméirí agus an bealach a sholáthraímid teacht ar eolas a fheabhsú. Seolfar ár suíomh gréasáin nua comhaimseartha agus solúbtha CCÉ in 2024.

Leanamar le húsáid a bhaint as ár n-ardáin mheán sóisialta mar bhealach breise le heolas a roinnt faoinár ról agus faoi nuashonruithe rialála agus sláinte poiblí. D'eisíomar ceithre nuachtlitir CCÉ freisin do chláraithe agus dóibh siúd go léir a dhéanann suibscríobh lenár nuashonruithe a fháil. Cuirtear treoir chleachtais cógaisíochta, nuashonruithe rialála, fógraí cógas agus sábháilteachta, agus nuashonruithe eile ábhartha gairmiúla agus sláinte poiblí ar fáil sa nuachtlitir. Déantar gach nuachtlitir a chartlannú ar shuíomh gréasáin CCÉ.

Sholáthraíomar nuashonruithe ríomhphoist dár gcláraithe ar ábhair éagsúla i gcaitheamh na bliana. Ina measc seo, bhí treoir maidir le vacsaíní agus eolas a sholáthar, nuashonruithe tábhachtacha ar chógais, cuirí go imeachtaí Seó Bóthair CCÉ agus deiseanna chun cur lenár n-obair, cosúil leis an dara suirbhé bliantúil ar an lucht saothair agus léiriú spéise do chógaiseoirí páirt a ghlacadh i gceardlann an tSain-Tascfhórsa.

D'fhreagraíomar iarratais mheáin, thacaíomar le freastal meán ag cruinniú poiblí agus ag fiosrúcháin phoiblí na Comhairle, d'eisíomar preaseisiúintí, scríobhamar ailt d'fhoilseacháin sheachtracha, agus d'fhreagraíomar 32 ceist pharlaiminte, agus d'fhreagraíomar iarrataí eile chun teacht ar eolas ó pháirtithe leasmhara éagsúla i gcaitheamh na bliana.

Beartas agus Cumarsáid Straitéiseach de réir Uimhreacha

4 nuachtlitir eisithe dár gcláraithe agus dár síntiúsóirí

32 freagairt tugtha ar cheisteanna parlaiminte

1 chomhairliúchán poiblí curtha ar siúl ar Rialacha Clárúcháin le hathbhreithniú a éascú ar an mBealach um Aithint Cáilíochtaí Tríú Tír

12 aighneacht chuig comhairliúcháin sheachtracha

i Comhairliúchán poiblí HIQA ar na Dréachtcaighdeáin Náisiúnta um Bainistíocht Faisnéise i Sláinte agus Cúram Sóisialta (Eanáir)

ii Cuireadh comhairliúchán páirtithe leasmhara Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar bun ar Dhréachtrialacha um Inniúlacht Ghairmiúil a Chothabháil agus Treoirlínte lena ngabhann. (Feabhra)

iii Ceistneoir faoi Rialáil an Mhargaidh Táirgí de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (an OECD) ar an Trádáil Mhiondíola maidir le cógais oidis agus neamhoidis a mhiondíol. (Feabhra)

iv Comhairliúchán Poiblí na Roinne Sláinte ar an Dréachtbheartas um Chomhpháirtithe Ghlór na nOthar (PVP) (Márta)

v Sholáthraíomar nótaí tráchta agus breathnóireacht tosaigh don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ar nuashonruithe beartaithe ar na riachtanais íosta oiliúna do chógaiseoirí mar chuid den obair a bhí á déanamh ar leibhéal Choimisiún an AE. (Aibreán)

vi Rioscaí Straitéiseacha don Mheasúnú Priacail Náisiúnta 2023 do Roinn an Taoisigh (Aibreán).

vii Dréachtchaighdeáin dhigiteacha inniúlachta sláinte agus riachtanais Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann (NMBI) do chláir oideachais fochéime altranais agus cnáimhseachais (Bealtaine).

viii Ráiteas Straitéise 2023-2025 na Roinne Sláinte.

ix Comhairliúchán Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) ar an Dréachtchód Cleachtais um an Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí (Meitheamh).

x Suirbhé ar Bhailiú agus Athúsáid Sonraí Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO - rannán den Roinn Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe) agus Athchóirithe.

xi Nóta tráchta chun tacú le chéad thuarascáil mheasúnaithe Thionscnamh Treochtaí Cothaithe Cíche an Domhain (WBTi), a d'fhorbair an Croíghrúpa do WBTi Éireann. (Samhain)

xii Grúpa Oibre na Roinne Sláinte agus Grúpa Oibre na Straitéise Cógaisíochta ar Athbhreithniú Reachtaíocht Chógaisíochta an AE - Limistéar Beartais 1 - Slándáil an tSoláthair / Ganntanais. (Nollaig)

Seirbhísí eagraíochta

Tacaíonn seirbhísí eagraíochta le CCÉ agus a fhoireann le haghaidh a thabhairt ar ár bhfeidhmeanna agus an bealach a sholáthar do dhaoine eile idirchaidreamh a dhéanamh linn agus ár seirbhísí a úsáid.

Acmhainní Daonna

Príomhcholún dár Straitéis Acmhainní Daonna is ea infheistiú inár bhfoireann agus bealaí foghlama agus forbartha a chur i bhfeidhm. Chuireamar réimse éagsúil cláir oiliúna ar fáil in 2023 a bhí ríthábhachtach chun scileanna agus eolas ár lucht saothair a fheabhsú. Áiríodh leis na cláir seo Láimhsiú, EFQM, Garchabhair Oibre, Maor Dóiteáin, Feasacht ar LADT+, Déileáil le Custaiméirí agus Cásanna Deacra, AsIAm – Feasacht ar Uathachas, an RGCS, Bainistíocht Struis, Róil Foirne Belbin, agus Oiliúint d'Oifigigh Sábháilteachta, anuas ar oiliúint croíscileanna.

Thugamar córas Faisnéise Acmhainní Daonna isteach in 2023 freisin chun tacú le gach comhghleacaí agus le héifeachtúlachtaí níos fearr a thabhairt isteach laistigh den Fhoireann Acmhainní Daonna agus don eagraíocht níos fairsinge.

Ba bhliain ghnóthach é don Fhoireann Acmhainní Daonna mar gheall ar an líon feachtais earcaíochta chun tacú go hiomlán leis an struchtúr eagraíochta nua agus sinn ag leanúint i gcomhthráth lenár dtiomantas dfhorbairt agus d'fholláine ár lucht saothair.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Leanamar in 2023 le monatóireacht agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár gcórais agus ár bpróisis inmheánacha le teicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide cuí a chur i bhfeidhm chun tacú le teicneolaíocht, oibríochtaí, agus seirbhísí a sholáthar.

Leanamar freisin le bearta a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil leibhéal cuí córais slándála TFC i bhfeidhm, ag féachaint le le feabhsú leanúnach a dhéanamh orthu agus ar leibhéil slándála mhéadaithe a bhaint amach. Tugadh faoi cheithre thástáil leochaileachta agus tástáil amháin bréagionsaithe i rith 2023.

Dhúnamar 1,270 ticéad tacaíochta in 2023. Próiseáladh 30 aistriú fostaí freisin do thosaitheoirí, aistrithe agus fágálaithe in 2023.

Tugadh faoi anailís ar bhearnaí ar Chaighdeáin Bhonnlíne an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála in 2023 agus cuireadh na moltaí ón gcleachtadh sin san áireamh i dtionscnaimh forbartha don bhliain 2024. Tugadh faoi chleachtadh boird freagartha teagmhais freisin le ceannaire tionscail ar a bhfuil meas lena chinntiú go leanann ár seasamh slándála de bheith cothrom le dáta, agus cuirfidh na torthaí uaidh sin eolas ar fáil do nuashonruithe ar ár mBeartas agus ár bPlean Leanúnachais Gnó.

Claochlú Gnó

Gheallamar eagraíocht lúfar agus ardfheidhmíochta a fhorbairt chun gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar ár misean gan stró agus cuspóirí straitéiseacha agus forbartha CCÉ a bhaint amach. Ar cheann de na príomhrudaí a chuireann ar ár gcumas tabhairt faoin gcuspóir seo é an Clár

Claochlaithe Gnó. Cinnteoidh an t-aschur ó na tionscnamh seo go bhfuil an teicneolaíocht cheart ag CCÉ le buntacú lenár bpróisis chun ár n-acmhainní a uasmhéadú de réir mar a thugaimid ár samhail athchóirithe rialála chun cinn.

Rialachas Faisnéise

Tosaíodh obair i nDeireadh Fómhair 2023 ar Thionscadal Rialachais Faisnéise CCÉ. Mar chuid den tionscadal seo, nuashonraíodh go leor beartas, Beartas Bainistíochta Taifead agus Sceideal Coinneála Taifead CCÉ san áireamh. Thugamar Beartas Deisce Glaine isteach lena chinntiú go ndéantar comhaid ina gcuimsítear faisnéis phearsanta agus rúnda a choimeád go slán i gcónaí. Tugadh Deimhnithe Millte Leictreonaigh isteach freisin chun cabhrú leis an bpróiseas a chuíchóiriú.

Bhunaíomar ráithe thaifead a thosaigh i nDeireadh Fómhair agus a lean ar aghaidh go dtí deireadh na bliana. Spreagadh na comhghleacaithe go léir i rith an ama sin comhaid chruachóipe agus chóipe boige a bhaint i gcomhréir le Sceideal Coinneála CCÉ. Leanfaidh an tionscadal i rith 2024, nuair a thosóimid ag obair ar chomhaid a choimeádtar faoi láthair as an láthair.

An sainordú um ghníomhú ar son na haeráide agus gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta

Leagtar amach i Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide an rialtais cuspóirí do chomhlachtaí poiblí, laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2030 ina measc. D'fhorbraíomar ár gcéad Treochlár Bliantúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, faoi na riachtanais faoi Shainordú, ina léirítear ár dtiomantas leanúnach d'inbhuanaitheacht agus d'astaíochtaí a laghdú agus do chinntiú go ndéanaimid dceannaireacht a thabhairt le dea-shampla, mar chomhlacht earnála poiblí, i leith gníomhaíochtaí um ghníomhú ar son na haeráide.

Agus an plean seo á fhorbairt, bhunaigh CCÉ a bhonnlíne lenár ndul chun cinn i dtreo spriocanna an tSainordaithe a thomhas, agus leas á bhaint as ár sonraí tuairiscithe, iniúchadh ar phróisis reatha, agus as ceardlann rannpháirtíochta foirne ar fud na heagraíochta. Úsáideadh an bhonnlíne seo, anuas ar dhul chun cinn CCÉ i dtreo ár gcuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide go dtí seo, lenár 'bearnaí go dtí an sprioc' a ríomh agus deiseanna a shainaithint do ghníomh breise.

Éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa

Táimid tiomanta do gach iarracht a dhéanamh agus is féidir le bheith tíosach ar fhuinneamh agus bearta cuí caomhnaithe agus athchúrsála a oibriú. Áitíonn pearsanra CCÉ 1,920m2 de spás oifige atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Rinneamar 396,765 kWh d'fhuinneamh a ídiú in 2023 ina raibh 177,900 kWh de leictreachas agus 218,865 kWh de ghás. I gcomparáid leis sin, rinneamar 386,496 kWh d'fhuinneamh a ídiú in 2022 ina raibh 154,850 kWh de leictreachas agus 231,646 kWh de ghás.

Is ionann seo agus méadú bliain ar bhliain 2.7% ar úsáid fuinnimh, agus méadú 156% ar leictreachas agus laghdú 6% ar ghás in 2023. Ba é an chúis a bhí leis an méadú ar leictreachas gur oibrigh an fhoireann ar bonn hibrideach, tar éis gur oibrigh siad go cianda roimhe sin mar gheall ar COVID-19, anuas ar líon méadaithe cruinnithe Coiste agus Comhairle agus fiosrúchán á gcur ar bun ar an láthair. Ba é ba chúis leis an laghdú ar úsáid gáis na bearta coigilte fuinnimh a cuireadh i bhfeidhm i rith 2023 chun tacú le spriocanna fuinnimh agus spriocanna CO2 earnála poiblí 2030.

In 2022, chruthaigh CCÉ 88,598 kg CO2 d'astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh, ina raibh 41.2% bainteach le gás agus 58.8% le fuinneamh, arb ionann sin agus laghdú 10.6% ar astaíochtaí ó 2021. Is ionann an luach seo laghdú thart ar 43,000 kg CO2 a theastaíonn chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí 2030 a bhaint amach faoin Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide, mar a dtugtar cuntas breise air i dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide CCÉ. Foilseofar sonraí astaíochtaí don bhliain 2023 ar shuíomh gréasáin CCÉ in 2024. Tuairiscítear astaíochtaí gás ceaptha teasa go siarghabhálach trí úsáid a bhaint as Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe Earnála Poiblí an SEAI, agus foilsítear sonraí nuashonraithe astaíochtaí ar shuíomh gréasáin CCÉ ar bhonn leanúnach.

Rialachas agus Cuntasacht

Conas a chinntíomar ardchaighdeáin de rialachas corparáideach

Tá ról le glacadh ag foireann agus sealbhóirí oifige uile CCÉ i dtaobh dea-rialachas CCÉ a chinntiú, comhlíonadh na gceanglas reachtúil san áireamh a bhfuil sé faoina réir, chomh maith le treoirlínte an Rialtais agus trédhearcacht maidir leis an mbealach a thugaimid faoinár bhfeidhmeanna. Tá CCÉ freagrach don phobal agus tá sé cuntasach leis an Aire Sláinte agus an tOireachtas as tabhairt faoina sainchúram rialála. Cloímid lenár gCreat Rialachais Chorparáidigh, ár gCóid Chleachtais (dár gComhairle, Coistí, agus foireann), anuas ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Comhlíonaimid an tAcht Cógaisíochta, 2007, an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Comhlacht é CCÉ faoi choimirce na Roinne Sláinte. Tionóladh trí chruinniú rialachais le hoifigigh na Roinne Sláinte i rith 2023, agus tugadh miontuairiscí na gcruinnithe siúd do Chomhairle CCÉ.

Straitéis Chorparáideach 2021-2024

Aithnítear inár Straitéis Chorparáideach 2021-2024 an tábhacht a bhaineann le cumarsáid agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara éifeachtach chun buntacú lenár bpríomhchuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. D'aontaigh Comhairle CCÉ i Márta le síneadh bliana a chur le tréimhse a Straitéise Corparáidí. Rinneadh seo ar an mbunús go raibh na cuspóirí straitéiseacha agus an clár forbartha uaillmhianach agus gur sholáthair siad dóthain treoir straitéiseach do bhliain bhreise. Aithníodh chomh maith an tionchar a d'imir COVID-19 ar chuspóirí a chur i bhfeidhm laistigh den amfhráma bunúil.



Anuas ar thacú le comhlíonadh agus é a chur chun cinn, tá dualgas orainn a chinntiú go mbíonn an pobal ar an eolas ar na seirbhísí agus na caighdeáin ar féidir leo súil a bheith leis go mbainfidh cógaiseoirí agus cógaslanna amach. Tá ár gcur chuige i leith oibre ceaptha a chinntiú go mbíonn sábháilteacht othar, atá i gcroílár ár gcumarsáide, agus leanaimid le dícheal a dhéanamh feasacht agus tuiscint ar ár ról a mhéadú.

Comhairle CCÉ

Tá CCÉ á rialáil ag Comhairle ina bhfuil 21

comhalta, agus ní cógaiseoirí an tromlach díobh. Ceapann an tAire Sláinte gach comhalta den Chomhairle. Anuas ar inghlacthacht riosca agus ar threo straitéiseach CCÉ a leagan amach, tá dualgas muiníne ar gach ball den Chomhairle i leith pháirtithe leasmhara uile CCÉ. The Comhairle CCÉ freagrach chomh maith as a chinntiú go bhforbraítear beartais agus buan-nósanna imeachta oibriúcháin CCÉ, anuas ar acmhainn an lucht saothair agus pleanáil ceannaireachta. Leagann sí cuntasacht ar an gCláraitheoir as a bhfeidhmíocht. Tá Comhairle CCÉ cuntasach leis an Aire Sláinte agus an tOireachtas, as tabhairt faoi na dualgais seo. Thionóil Comhairle CCÉ deich gcruinniú, ar an iomlán, in 2023.foilsítear clár agus miontuairiscí chruinnithe poiblí na Comhairle ar shuíomh gréasáin CCÉ.

B'ionann 2023 agus deireadh téarmaí oifige roinnt comhaltaí den Chomhairle, agus tar éis dul i gcomhairle leis an Roinn Sláinte agus tar éis próiseas toghcháin, rinne an tAire ceapacháin nua leis an gComhairle. Tar éis glaonna ar léiriú spéise, rinne Comhairle CCÉ ceapacháin le Coistí Comhairleacha agus Smachta CCÉ faoi mar a theastaigh. Aithnítear obair agus tiomantas chomhaltaí reatha agus iarchomhaltaí na Comhairle agus Coiste.

Liostaítear na comhaltaí uile de Chomhairle CCÉ a raibh oifig acu i rith 2023 thíos ar leathanach 46, anuas ar thaifid freastail, táillí agus costais a íocadh.

Comhaltaí Chomhairle CCÉ in 2023

Comhalta na Comhairle (amhail an 31 Nollaig 2023)	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu ar líne	Táillí a íocadh in 2023	Costais a íocadh in 2023
An tUasal Katherine Morrow *	9/10	0	€9,947.60	€150.71
An tUasal Joan Peppard *	5/5	0	€4,143.46	€267.60
An tUasal Rory O'Donnell *	9/10	0	€7,695.00	€5,230.50
An tUasal John Given *	6/10	2	-	€2,353.82
An tUasal Mark Jordan *	6/10	3	€7,695.00	€903.43
An tUasal Dorothy Donovan **	7/10	3	€7,695.00	-
An tUasal Gráinne Power **	9/10	0	-	-
An tUasal Geraldine Crowley **	6/10	1	-	-
An tUasal Geraldine Campbell **	9/10	0	€7,695.00	€1,669.56
An tUasal Seán Reilly *	9/10	2	€7,695.00	-
An tUasal Marie Louisa Power *	7/10	0	-	€787.65
An tUasal Peter Dennehy **	7/10	0	€7,695.00	-
An Dr Paula Barry Walsh **	8/10	0	€7,695.00	-
An Dr Ann McGarry **	10/10	0	€7,695.00	-
An tUasal Emily Kelly *	5/5	0	€4,143.46	-
An tUasal Martin Sisk **	4/5	0	€4,143.46	-
An An Dr Cyril Sullivan **	3/5	0	€4,143.46	€362.58
An tOllamh Laura Sahm *	4/5	1	-	€640.38
An tUasal Martin Higgins **	5/5	2	€4,143.46	-
An Dr Denis O'Driscoll *	3/5	0	€4,143.46	-
An tUasal Richard Hammond S.C. **	1/1	0	€10,35.86	-
Comhaltaí na Comhairle a raibh oifig acu i gcuid den bhliain 2023 ach nach bhfuil oifig acu a thuilleadh:				
An tUasal Roy Hogan *	2/5	0	€3,551.54	-
An tUasal Ann Sheehan **	3/5	0	€3,551.54	€3,209.18
An tOllamh Brian Kirby *	5/5	0	€3,551.54	-
An tUasal Muireann Ní Shúilleabháin *	4/5	0	€5,524.62	€3,835.32
An tUasal Paul Turpin **	3/5	0	€3,551.54	-

*Cógaiseoirí arna gceapadh ag an Aire Sláinte de réir alt 10(3)(f) agus (g) den Acht Cógaisíochta, 2007

*Neamhchógaiseoirí arna gceapadh ag an Aire Sláinte de réir alt 10(3)(a) go (e) den Acht Cógaisíochta, 2007

[1] Is éagsúil líon iomlán na gcruinnithe ar ar freastalaíodh de réir dátaí ceapacháin, athcheapacháin, agus téarma oifige a chríochnú.

[2] Tá íocaíocht táillí ar aon dul le fad an téarma oifige i rith 2023. Comhaltaí na Comhairle

[3] Costais chomhiomlána a íocadh go dtí an 31 Nollaig 2023. Níor íocadh táillí in 2023 le Comhaltaí na Comhairle a bhí fostaithe san earnáil phoiblí.

Coistí CCÉ

Cuireann Coistí Comhairleacha CCÉ comhairle agus tacaíocht ar fáil don Chomhairle maidir le feidhmiú a feidhmeanna. Tá ceithre Choiste Chomhairleacha ag CCÉ:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- An Coiste Feidhmíochta agus Acmhainní
- An Coiste Beartais Rialála agus Ghairmiúil
- An Coiste Sainchuspóirí

Baill den Chomhairle, den chuid is mó, atá inár gCoistí Comhairleacha. Cuimsítear sa Choiste Iniúchóireachta agus Riosca comhaltaí seachtracha a cheaptar lena saineolas a chur ar fáil i limistéir an chomhlíonta, an airgeadais, na bainistíochta riosca agus an rialachais. Casann gach Coiste i gcaitheamh na bliana agus tuairiscíonn siad le Comhairle CCÉ ar an obair faoinar thug siad. Foilsítear clár agus miontuairiscí chruinnithe an Choiste Chomhairligh ar láithreán gréasáin CCÉ.

Tá trí Choiste Dhisciplíneacha ag CCÉ freisin faoi mar a cheanglaítear faoi théarmaí an Achta Cógaisíochta, 2007. Tá cuntas ar a gcuid oibre sa mhír Gearáin, Fiosrúcháin agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh den tuarascáil seo. Tá i measc bhallraíocht an Choiste Smachta cógaiseoirí agus neamhchógaiseoirí ar féidir leo réimse taithí a chur ar fáil ar bhreithniú gearán. Ceaptar iad trí phróiseas foirmiúil agus cuirtear oiliúint fhorleathan orthu.

Mar chuid dá ról agus dá rannchuidiú éifeachtach leanúnach leis na próisis reachtúla um fheidhmiúlacht chun cleachtadh, thug comhaltaí an Choiste Smachta agus na Comhairle faoi roinnt gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha i rith 2023, oiliúint san áireamh maidir le nósanna imeachta an Choiste, cásdlí le déanaí i rialáil ghairmiúil, agus saincheisteanna comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe i gcinnteoireacht.

Comhaltaí Choiste Comhairleach CCÉ in 2023

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Comhalta den Choiste	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
An tUasal Geraldine Campbell	4/4
An tUasal Liam Burke	4/4
An tUasal John Given	3/4
An tUasal Peter Dewhurst	3/4
An Dr Paula Barry Walsh	4/4
An Dr Cyril Sullivan	1/1
An tUasal Ciara Lynch	3/3
An tUasal Graham Knowles	2/2

An Coiste Sainchuspóirí

Comhalta den Choiste	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
An tUasal Katherine Morrow	5/5
An tUasal Geraldine Campbell	6/6
An tUasal Rory O'Donnell	5/5
An Dr Ann McGarry	3/3
An tUasal Muireann Ní Shúilleabháin	4/4
An tUasal Paul Turpin	4/4

An Coiste Feidhmíochta agus Acmhainní

Comhalta den Choiste	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
An Dr Ann McGarry	5/5
An tUasal Seán Reilly	3/5
An tUasal Emily Kelly	1/1
An tUasal Denis O'Driscoll	1/1
An tUasal Martin Sisk	1/1
An tUasal Martin Higgins	0/1
An tUasal Paul Turpin	3/3
An tUasal Geraldine Crowley	3/4
An tUasal Fintan Foy	2/3
An tUasal Roy Hogan	3/3
An tUasal Mark Jordan	2/4
An tUasal Avril Ryan	1/3

An Coiste Beartais Rialála agus Ghairmiúil

Comhalta den Choiste	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
An tUasal Katherine Morrow	3/3
An tOllamh Brian Kirby	2/3
An tUasal Ann Sheehan	2/3
An tUasal Gráinne Power	6/7
An tUasal Marie Louisa Power	7/7
An tUasal Peter Dennehy	3/7
An tUasal Dorothy Donovan	7/7
An tUasal Rory O'Donnell	2/2
An tUasal Mark Jordan	1/2
An tOllamh Laura Sahm	2/2
An tUasal Geraldine Crowley	2/2

Comhlíonadh

Mar chomhlacht poiblí, comhlíonann CCÉ réimse reachtaíochta agus treoracha Rialtais. Cuirtear eolas ar fáil sa mhír seo dár dtuarascáil faoi conas a shásaímid na riachtanais siúd.

An tAcht um Thús Áite do Leanaí

Cé nach 'daoine faoi shainordú', mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 í foireann CCÉ, táimid tiomanta do chinntiú go seastar le prionsabail an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 ar fud na heagraíochta, agus i ngairm na cógaisíochta, mar gheall go bhfuil siad ag teacht lená sainchúram chun sláinte agus sábháilteacht an phobail a chosaint. Tá beartas um chosaint leanaí i bhfeidhm ag CCÉ lena fhoireann agus a shealbhóirí oifige a threorú. Tá teagmhálaí ainmnithe, agus leas-teagmhálaí ainmnithe againn freisin, le maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an bheartais, agus le gníomhú mar an bpointe teagmhála chun buarthaí um chosaint leanaí a thabhairt le fios. Tá ar chomhghleacaithe uile CCÉ clár ríomhfhoghlama Tusla a chríochnú: Tús Eolais maidir le Tús Áite do Leanaí

Cairt Chustaiméirí

Leagtar amach i gCairt Chustaiméirí CCÉ cineál agus cáilíocht na seirbhíse ar féidir le custaiméirí súil a bheith acu leo nuair a dhéanann siad idirghníomhú le comhghleacaithe CCÉ. Tá seo bunaithe ar dhá phrionsabal déag na seirbhíse ardchaighdeáin do chustaiméirí a úsáideann Ranna Rialtais. Leanamar in 2023 le dícheall a dhéanamh feidhmiú in aghaidh na gcaighdeán a leagtar amach sa Chairt Chustaiméirí agus le limistéir le haghaidh feabhsú leanúnach a shainaithint. Cuirimid fáilte roimh aiseolas uathu siúd go léir a dhéanann idirchaidreamh linn.

Cosaint Sonraí

Is é CCÉ an rialaitheoir sonraí maidir leis an eolas pearsanta a choimeádaimid faoi chláraithe, othair, ár bhfostaithe, agus páirtithe eile. Úsáidimid eolas pearsanta lena chur ar ár gcumas ár bhfreagrachtaí a shásamh ar mhaithe le leas an phobail mar an gcomhlacht rialála do chógaiseoirí agus cógaslanna in Éirinn. Caitear leis an eolas pearsanta go léir a sholáthraítear do CCÉ faoi rún daingean, coimeádtar go slán é agus caitear leis i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS), an tAcht Cógaisíochta, 2007. Fuaireamar 20 iarraidh ar shonraí a roinnt agus ceithre iarratas duine ar a shonraí in 2023. Rinneamar bainistiú freisin ar shé shárú ar shonraí in 2023.

Comhlíonadh Chiorclán 1/2020 Astaíochtaí d'Aerthaisteal Oifigiúil a Sheach-Chur

Leanann CCÉ le comhlíonadh Chiorclán 1/2020, nósanna imeachta chun astaíochtaí a sheach-chur a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil, a chinntiú. Rinne CCÉ 0.117 CO2 tonna astaíochtaí CO2, ar an iomlán, a sheach-chur in 2023, ónar eascair íocaíocht seach-chuir €5.69. Rinne CCÉ 3.397 CO2 tonna

astaíochtaí CO2, ar an iomlán, d'aerthaisteal eachtrach, a sheach-chur in 2022, ónar eascair íocaíocht seach-chuir €319.28.

An tAcht um Eitic in Oifig Poiblí

Faoi faoi fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, tá ar bhaill na Comhairle agus roinnt baill foirne CCÉ leasanna ábhartha a nochtadh. Foilsítear nochtadh leasa bhaill na Comhairle ar shuíomh gréasáin CCÉ. Iarrtar ar ráitis bhliantúla leasanna ó gach ball Comhairle CCÉ mar gheall gur stiúrthóirí ainmnithe iad, faoin reachtaíocht eitice, agus nach mór na ráitis bhliantúla seo a sheoladh ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Tá ar aon bhall foirne CCÉ a mheastar a bhfuil post ainmnithe fostaíochta acu freisin ráiteas nochta leasa a líonadh má tá leasanna le nochtadh acu, ar a gceapadh agus gach bliain ina dhiaidh sin.

Saoráil Faisnéise

Eagraíocht fhorordaithe é CCÉ faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (SF), 2014. Déanaimid a mhéid eolas agus is féidir a fhoilsiú ar bhealach oscailte agus inrochtana ar bhonn rialta ar ár láithreán gréasáin, agus aird ar phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta. In 2023, chinntíomar gur chomhlíonamar an reachtaíocht trí fhreagairt ar bhealach tráthúil d'iarrataí SF agus tuairisciú ar ár n-idirchaidreamh leis an reachtaíocht. Fuaireamar naoi n-iarraidh ar shaoráil faisnéise in 2023 agus ní bhfuaireamar aon iarrataí ar athbhreithniú inmheánach.

Sláinte agus sábháilteacht

Comhlíonann CCÉ a fhreagrachtaí reachtúla faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007. Lorgaímid timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a sholáthar d'fhoireann uile CCÉ, ar an láthair ag Teach CCÉ, nuair a bhítear ar cuairt ag cógaslanna, nó nua a bhítear g oibriú go cianda ó bhaile. Déantar seo trí oiliúint sábháilteachta a sholáthar, tabhairt faoi mheasúnuithe riosca, agus saintrealamh a sholáthar, nuair is gá. Comhlíonaimid ár bhfreagrachtaí sábháilteachta do dhaoine eile freisin, iad siúd ina measc a fhreastalaíonn ar Theach CCÉ. In 2023, mar chuid de Bheartas Oibre Cumaisc CCÉ a thabhairt isteach, soláthraíodh measúnuithe eirgeanamaíocha do gach comhghleacaí a bhí ag oibriú go cianda. Leantar le trealamh agus tacaíochtaí eirgeanamaíocha a chur ar fáil do gach comhghleacaí.

Cuireann Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Inbhuanaitheachta comhairle ar an bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin maidir le ceisteanna sláinte agus sábháilteachta agus gníomhaíonn sé mar fhóram neamhspleách inar féidir leis an bhfoireann aon bhuarthaí sábháilteachta a thabhairt chun solais.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

I gcomhréir lenár n-oibleagáid dhlíthiúil faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 go 2021, foilsíonn CCÉ cáipéisí atá dírithe ar an bpobal, cosúil lenár dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta, i nGaeilge. Dóibh siúd a lorgaíonn eolas ar phróiseas gearán oifigiúil CCÉ, tá eolas ar fáil i

nGaeilge agus i mBéarla air. Déanfaimid idirchaidreamh i nGaeilge leo siúd ar mian leo cumarsáid a dhéanamh linn i nGaeilge. D'fhreastalaíomar i rith 2023 ar nuashonruithe eolais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 chun ullmhú do thosach feidhme céimnithe na gceanglas nua a lorgaíonn soláthar eolais agus seirbhísí i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí a mhéadú.

Nochtadh Cosanta

Foráiltear san Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 d'oibrithe a chosaint ó phionós a ghearradh orthu mar gheall ar nochtadh a dhéanann siad a chreideann siad atá ar mhaithe le leas an phobail. Tugadh athruithe nua isteach in 2022 ar na riachtanais tuairiscithe maidir le nochtadh cosanta a thuairisciú. Foilseoidh CCÉ tuarascáil ar leith a bhaineann lena oibleagáidí faoin reachtaíocht faoin 31 Márta 2024.

Íocaíochtaí Prasa

Foilsímid tuarascálacha ráithiúla ar ár láithreán gréasáin ar chomhlíonadh na reachtaíochta um íoc pras cuntas againn agus cuirimid iad seo faoi bhráid na Roinne Sláinte go ráithiúil. In 2023, íocadh 48% dár gcreidiúnaithe laistigh de 15 lá agus íocadh 30% sa bhreis díobh laistigh de 30 lá.

Tuarascáil an Ghrúpa Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe

CCÉ Comhionannas, éagsúlacht, agus Ionchuimsiú (EDI) Cuimsítear i nGrúpa Oibre CCÉ um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (EDI) baill foirne ó gach leibhéal den eagraíocht, agus tá sé ar bun le ceithre bliana anuas. Bunaíodh an Grúpa Oibre chun comhairle a chur ar an bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin (ELT) maidir leis na luachanna arna leagan amach i Ráiteas Comhionannais Éagsúlachta agus Ionchuimsithe CCÉ a chur i bhfeidhm, chomh maith lena dhualgais reachtúla maidir le cearta daonna agus comhionannas.

Déanann an Grúpa Oibre feasacht i measc chomhghleacaithe CCÉ a chur chun cinn ar á n-oibleagáidí CÉI mar chomhlacht poiblí agus cabhraíonn sé le CCÉ de bheith ina ionad oibre níos ionchuimsithí agus níos éagsúla. Nuashonraíodh ballraíocht an Ghrúpa Oibre in 2023 tar éis léiriú spéise a rinne CCÉ do chomhghleacaithe. D'eagraigh an Grúpa Oibre clár cainteanna agus seisiún eolais i gcaitheamh na bliana chun feasacht agus tuiscint a mhúscailt ar ábhair chomhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe. Ina measc seo, bhí cur i láthair ag LADT+ Éireann (LGBT Ireland) lenar áiríodh eolas ar roinnt de na saincheisteanna a imríonn tionchar ar bhaill an phobail LADTAIA+, go háirithe baill níos aosta an phobail agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith rompu agus iad ag teacht ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Eagraíodh cur i láthair freisin ó Charthanas Uathachais na hÉireann, AsIAm. Dhírigh seo ar fheasacht a mhúscailt ar uathachas agus ar bhealaí a thabhairt chun solais inar féidir le CCÉ tacú le fostaithe ar a bhfuil uathachas agus ar ionad oibre a dhéanamh de CCÉ ina dtacaítear níos mó leis an uathachas.

Thug an Grúpa faoin dara suirbhé bliantúil ar fhoireann CCÉ ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú. Is é cuspóir na suirbhéanna seo tuiscint níos fearr a fháil ar éagsúlacht laistigh de CCÉ anuas ar thuairimí a bhailiú ó chomhghleacaithe faoina ndearcthaí ar CCÉ mar ionad oibre éagsúla agus ionchuimsitheach. Cuirfear torthaí an tsuirbhé be i gcomparáid le torthaí agus moltaí 2022 agus déanfaidh an Grúpa Oibre moltaí lena mbreithniú ag an ELT. Leanann an Grúpa le bealaí a lorg le feabhas a chur ar leibhéil chomhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe sa CCÉ, anuas ar an

mbealach a dhéanann sé idirchaidreamh lena pháirtithe leasmhara, baill den phobal agus an ghairm chógaisíochta san áireamh.

Alt 42 den Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí

Foráiltear do Dhualgas na hEarnála Poiblí faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 agus ceanglaítear go lorgaíonn comhlachtaí idirdhealú a dhíbirt, comhionannas deiseanna agus caithimh a chur chun cinn, agus cearta daonna a fhoirne agus a pháirtithe leasmhara a chosaint.

Mar chuid dár dtiomantas leanúnach don Dualgas a shásamh, tugann foireann uile CCÉ faoi chúrsa ríomhfhoghlama Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, Comhionannas sa tSeirbhís Phoiblí. Lorgaíonn CCÉ a chinntiú go leanfaimid le comhionannas agus cearta daonna a leabú inár n-obair agus sa bhealach a dhéanaimid idirchaidreamh lenár bpáirtithe leasmhara.

Chuige seo, d'fhreastail foireann CCÉ in 2023 ar cheardlann intí ar an Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí, a d'éascaigh duine dár mball Comhairle, Geraldine Campbell. Ba é cuspóir na ceardlainne seo conas a dhéanaimid an dualgas a chomhtháthú isteach ár n-obair a thuiscint níos fearr. Cheadaigh sé do chomhghleacaithe a fhiosrú agus a shainaithint conas a imríonn ár n-obair tionchar ar chomhionannas agus ar chearta daonna. Leis an obair seo a chur chun cinn níos mó, is é ceann de na gníomhaíochtaí a leagtar amach i bPlean Seirbhíse CCÉ 2024 tabhairt faoi mheasúnú foirmiúil ar shaincheisteanna ceart daonna agus comhionannais a bhaineann le feidhmeanna agus cuspóir CCÉ.

An tAcht um Míchumas

Leagtar san Acht um Míchumas, 2005 oibleagáid reachtúil ar eagraíochtaí seirbhíse poiblí tacaíocht agus rochtain a sholáthar ar sheirbhísí agus áiseanna do dhaoine faoi mhíchumas. I gcomhréir leis an oibleagáid a leagtar ar gach comhlacht poiblí, cuirimid chun cinn agus tacaímid le fostaíocht daoine faoi mhíchumas. Bhain CCÉ an sprioc íosta amach in 2023 gur daoine faoi mhíchumas iad 3% díobh siúd atá fostaithe. Leis na riachtanas sin a shásamh, cuirimid ar chumas na foirne go léir a gcuid oibre a dhéanamh ar bhonn comhionann trí na tacaíochtaí agus an freastal riachtanach go léir a sholáthar.

Tuarascáil ónár gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca

Déanann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca CCÉ maoirseacht ar agus cinntíonn sé iomláine rialachas, iniúchadh inmheánach, iniúchadh seachtrach, agus rialuithe airgeadais CCÉ, agus déanann sé measúnú ar rioscaí a bhféadfadh CCÉ bheith nochta dóibh agus ar mhaolú na heagraíochta ar na rioscaí sin.

Faoi mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, gníomhaíonn Coiste Iniúchóireachta agus Riosca CCÉ go neamhspleách le dearbhú a sholáthar do pháirtithe leasmhara uile CCÉ.

Déanann sé é seo trína chinntiú go bhfuil rialuithe gnó, tuairiscithe airgeadais, agus rialuithe inmheánacha daingean, agus go bhfuil a chreat dearbhaithe oiriúnach don fheidhm.

Déanann an Coiste monatóireacht freisin ar chomhlíonadh CCÉ an dlí, faoi mar a bhaineann sé le comhlachtaí poiblí, agus fhorálacha an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Tá clár iniúchtaí inmheánacha i gcreat dearbhaithe CCÉ a chuirtear faoi bhráid an Choiste lena mbreithniú agus lena bhfaomhadh.

Chas an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar a chéile in 2023 i seisiúin dhúnta leis an iniúchóir inmheánach agus rinne sé breithniú ar thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí ar na limistéir oibríochtúla seo a leanas:

- Próisis Chigireachta Cógaisíochta CCÉ,
- Próisis Chlárúcháin ar Líne CCÉ,
- Anailís ar Bhearnaí Cibearshlándála CCÉ,

Fuair an Coiste tuarascálacha rialta ó Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin CCÉ ar dhul chun cinn i dtaca le moltaí a chur i bhfeidhm a rinneadh in iarthuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí, anuas ar nuashonruithe ar staid airgeadais ráithiúil CCÉ agus ar chruinnithe faisnéise ar staid airgeadais ráithiúil CCÉ agus ar an mbainistiú a dhéanann sé ar rioscaí rialála reatha. Chas an Coiste chomh maith leis na hIniúchóirí Seachtracha i seisiún dúnta an 15 Márta 2023, ar cheadaigh sé tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais deireadh bliana 2022 CCÉ dá éis.

Fuair an Coiste chomh nuashonruithe freisin ó Oifigeach Cosanta Sonraí agus ó Cheapaí Sláinte agus Sábháilteachta CCÉ ag gach ceann dá chruinnithe.

Lean an Coiste le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 ar fud na heagraíochta, de réir mar a lorgaíonn CCÉ lena bheartais agus a bhuan-nósanna imeachta oibriúcháin a thabhairt chun comhlíonta cheanglais an Achta.

Ag gach ceann dá chruinnithe, rinne an Coiste athbhreithniú ar chlár rioscaí corparáideacha CCÉ le Príomhoifigeach Riosca CCÉ, agus thug sé faoi ghrinnscrúdú ar na cláir rioscaí Limistéar/Clár Gnó in 2023:

- Clár Rioscaí an Chláir Claochlaithe Gnó
- Clár Rioscaí Seirbhísí Corparáideacha
- Clár Rioscaí Dearbhaithe Cógaslanna Pobail
- Clár Rioscaí Soláthair Clár agus Rialachais

Tugadh faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an Choiste in 2023, agus tá an Coiste sásta go bhfuil sé ag oibriú go héifeachtach. Phléigh an Coiste chomh maith deiseanna oiliúna agus forbartha breise chun tacú leis ina chuid oibre.

Bhí an Coiste sásta in 2023 le hiomláine chreat dearbhaithe CCÉ agus chreid sé gur leor é le bonn a sholáthar do Chomhairle CCÉ le cinnteoireacht fheasach a dhéanamh bunaithe air.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar an litir bhainistíochta iniúchóireachta seachtraí agus tá sé sásta leis an bhfreagairt a fuair sé ó Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin CCÉ. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca faoin tuairim, faoi láthair, go bhfuil córais leordhóthanacha bhainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm, a chinntíonn go sásaíonn CCÉ a oibleagáidí dlíthiúla.

I dtaca liom féin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an iarbhall den Choiste, an tUasal Graham Knowles as a obair dhian agus a thiomantas, ónar bhain CCÉ agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca araon tairbhe ollmhór.



An tUasal Geraldine Campbell

Cathaoirleach

Coiste Iniúchóireachta agus Riosca CCÉ

Ár dTuarascáil Bhainistíochta Riosca: Príomhrioscaí agus éiginnteachtaí

Féachann Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (CCÉ) trína Chreat Bainistíochta Riosca le tionchar na rioscaí dá nochtar a íoslaghdú nó a dhíchur, ag cinntiú go gcomhlíonann sé a cuspóirí straitéiseacha agus go gcosnaíonn sé a chroíphróisis agus a fheidhmeanna, agus ar an gcaoi sin ag comhlíonadh ionchais a chuid páirtithe leasmhara.

Tá Comhairle CCÉ freagrach as córas rialaithe inmheánaigh CCÉ, agus tá sé curtha ar an eolas ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i dtaobh a éifeachtúlachta. Tá an Chomhairle freagrach as inghlacthacht riosca CCÉ a shocrú agus, le cúnamh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht bhainistíocht riosca na heagraíochta.

Mar chomhlacht poiblí ar a bhfuil an dualgas sábháilteacht an phobail agus othar a chosaint, lorgaíonn CCÉ le rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chumas na heagraíochta tabhairt faoina sainchúram reachtúil.

Taifead ar na príomhrioscaí a bhfuil an eagraíocht nochta dóibh atá i gclár rioscaí corparáideacha CCÉ ag aon tráth amháin. Oibríonn Foireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin CCÉ go dlúth le foireann agus páirtithe leasmhara CCÉ leis na rioscaí siúd a shainaithint agus a mheasúnú agus le comhaontú a dhéanamh ar bhearta maolaithe atá le cur i bhfeidhm le hiad a bhainistiú. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Chomhairle athbhreithniú ar na rioscaí seo. Rinne an Chomhairle breithniú freisin ar chineál agus méid na rioscaí a bhfuil sé toiliúil a ghlacadh chun cuspóirí straitéiseacha CCÉ a bhaint amach agus déanann sé athbhreithniú ar an gclár rioscaí ag cruinnithe Comhairle.

Seo thíos achoimre ar na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a raibh CCÉ nochta dóibh amhail an 31 Nollaig 2023:

1. Lean an Chomhairle le machnamh fairsing ar an easpa rialacha maidir leis an gceist a bhaineann le hasláithreacht shealadach cógaiseoirí i ngnólacht cógaisíochta miondíola, a d'fhéadfadh titim amach nuair a bhíonn cúntóir cógaisíochta cláraithe ag oibriú i rith na hasláithreachta sin, faoi mar a fhoráiltear faoin Acht Cógaisíochta. Leis an riosca seo a mhaolú, bheartaigh an Chomhairle dréachtsraith rialacha reachtúla don Aire Sláinte in 2019, a bhí faoi chaibidil ag Athbhreithniú Breithiúnach, a tugadh chun críche, ina dhiaidh sin. Tá an Chomhairle faoin tuairim go gcruthaíonn an easpa rialacha baol go fóill don phobal agus do CCÉ, agus lean siad in 2023 le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gceist seo.
2. Braitheann CCÉ ar theicneolaíocht mar phríomhchumasóir i dtaobh sholáthar ár bhfeidhmeanna. Glacann CCÉ le rioscaí a bhaineann le héifeachtacht oibríochtúil agus le rochtain agus eispéireas úsáideora de bharr córais TFC atá ag dul in aois fad a bhíonn bonneagar nua á fhorbairt, agus le riosca atá roimh leanúnachais gnó CCÉ, sa chás go gcuirfeadh cibearghníomhaíocht mhailíseach isteach air seo. Leis na rioscaí seo a mhaolú, chuaigh CCÉ i mbun beart a chinntíonn go dtugtar faoi nuashonruithe agus tástáil leanúnach

ar an gcóras, go mbunaítear plean leanúnachais gnó agus go bhfuil bogearraí frithvíreas agus bonneagar cibearshlándála i bhfeidhm.

3. Leanann CCÉ le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-eascróidh ganntanais acmhainní as moilleanna ar fhoireann oiriúnach a earcú, agus ar an tionchar féideartha ar chumas CCÉ soláthar ag tráth athraithe laistigh den eagraíocht. Tá CCÉ ag tabhairt faoi bhearta chun úsáid a bhaint as painéil earcaíochta, sa chás gurb oiriúnach agus tabharfaidh sé faoi athbhreithniú ar an tsamhail reatha oibriúcháin lena chinntiú go bhfuil sé ag oibriú chomh héifeachtach agus is féidir.
4. Tá freagracht ar CCÉ le hoibriú éifeachtach an Achta Cógaisíochta a chinntiú, chun dul i mbun gníomhartha cuí i gcomhréir lena shainchúram agus le hiomláine an chórais rialála cógaisíochta a chothú ar mhaithe le leas an phobail. Rinne CCÉ scrúdú ar an tsamhail rialála a bhaineann leis an ngné rialaithe de chógaslanna ospidéil agus tá iarracht a déanamh aige soiléireacht a chruthú maidir leis an gceist seo.
5. Leanann Comhairle le athbhreithniú a dhéanamh ar an líon cógaslann atá á n-oibriú gan cógaiseoir ainmnithe maoirseachta a bheith iontu, a sháraíonn an tAcht Cógaisíochta, 2007. Chun tuiscint iomlán a fháil ar an riosca agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm, choimisiúnaigh an Chomhairle tionscadal a bhí le déanamh in 2023 le súil a chaitheamh ar thosca a imríonn tionchar ar an lucht saothair cógaisíochta. Anuas air sin, chuir CCÉ próiseas géaraithe i bhfeidhm chomh maith do chógaslanna ar theip orthu an tAcht Cógaisíochta, 2007 a chomhlíonadh.

Ár dTuarascáil Airgeadais

Rinne Crowe Ireland iniúchadh ar Ráitis Airgeadais 2023 CCÉ. Cuimsítear sleachta ó na Ráitis Airgeadais seo thíos, anuas ar thráchtaireacht faoi fheidhmíocht airgeadais CCÉ don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

Ioncam

Ba é an t-ioncam iomlán in 2023 €8.363m, atá ina mhéadú 3.8% i gcomparáid leis an ioncam €8.058m a fuarthas in 2022. Cuireann CCÉ a mhaoiniú féin ar fáil dó féin go príomha trí dhá phríomhfhoinse ioncaim: ioncam ón táille chlárúcháin agus riaracháin agus cistiú ón Roinn Sláinte do sheirbhísí Institiúid Chógaisíochta na hÉireann (ICÉ).

Ba é an t-ioncam iomlán ó tháillí in 2023 €7.763m, atá ina mhéadú €305,000 i gcomparáid leis an ioncam ó tháillí a fuarthas in 2022. Ba é ba chúis leis an méadú an t-ardú ar líon na n-iarratas a fuarthas maidir le cáilíochtaí cógaiseoirí a aithint ó iarratasóirí AE/an LEE agus iarratasóirí neamh-LEE ar luach €121k agus méadú ar an ioncam ó tháillí iarratais clárúcháin leanúnaigh cógaiseoirí €118,000.

Bailítear tromlach na dtáillí clárúcháin i Samhain agus Nollaig gach bliain agus scaoileadh leo i rith na tréimhse ioncaim infheidhme. Ba é an t-ioncam iarchurtha a d'eascair as (táillí réamhíoctha) a bhí á choimeád an 31 Nollaig 2023 €6.134m (€6.024m in 2022) agus léirítear é san airgead tirim atá á choimeád ag an dáta sin sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Fuarthas cistiú €0.600m in 2023 ón Roinn Sláinte maidir le hInstitiúid Cógaisíochta na hÉireann (IIOP). Is ionann an tarraingt anuas €0.600 agus leithdháileadh iomlán cistí ón Roinn Sláinte don bhliain 2023.

Costas oibríochtaí

Tháinig méadú €1.167,000 in 2023 aníos go €9.196m ar chostas iomlán oibríochtaí, i gcomparáid le €8.029m sa bhliain roimhe sin. Bhí seo was mar gheall ar thosca éagsúla, an infheistíocht leanúnach san áireamh sa chóras clárúcháin ar líne nua (REGIE) agus coigeartuithe lenar aontaíodh go náisiúnta ar phá seirbhíse poiblí, i gcomhréir leis an gComhaontú Seirbhíse Poiblí, *Ag Dul ó Neart – Comhaontú Seirbhíse Poiblí Nua, 2021-2022 (Building Momentum – A New Public Service Agreement),* anuas ar chostais mhéadaithe mar gheall ar bhoilsciú. Ar na limistéir seo a leanas a tháinig na méaduithe ba shuntasaí ar chaiteachas: dlí, sainchomhairleoireacht, an bealach um aithint cáilíochtaí tríú tír a bhainistiú agus costais phá.

D'údaraigh an Chomhairle na Cúlchistí Ioncaim agus Caiteachais Chomhdhlúite a úsáid le roinnt tionscadal a chistiú arbh fhiú €639,000 iad, agus caitheadh €542,000 den tsuim sin in 2023. As an €542,000, caitheadh €198,000 ar thionscadail straitéiseacha faoi mar a shainmhínítear faoin gCúlchiste Cuspóirí Straitéiseacha agus €344,000 ar an Tionscadal Claochlaithe Gnó. Úsáideadh an Cúlchiste Rollach

um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh chomh maith le caiteachas €187,000 a bhain le feidhmiúlacht chun cleachtadh a chistiú in 2023.

Costais phá

Níor sáraíodh an leibhéal foirne buana lánaimseartha a d'fhaomh an Roinn Sláinte in 2023. Ba é an meánlíon foirne ar an bpárolla i rith na bliana 46. D'fhostaigh CCÉ acmhainní sealadacha in 2023, is é sin, foireann gníomhaireachta, lena chur ar cumas CCÉ leanúint lean oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh. Ba iad na costais phá iomlána, ÁSPC fostóra, costais phinsin agus costais foirne sealadaí san áireamh in 2023, €4.132m, ar laghdú €0.542m é seo ar chostas 15% ar chostas €3.590m 2022.

I gcomhlíonadh Sceideal 1, fomhír 14 den Acht Cógaisíochta, 2007, faomhann an tAire Sláinte rátaí pá foirne le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe, do ghráid na hearnála sláinte agus earnála sibhialta. Níor íoc CCÉ aon bhónais, ragobair nó íocaíochtaí feidhmíochta in 2023, i gcomhréir le treoir na Roinne Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe.

I gcomhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, nochtar costais tuarastail an Chláraitheora, mar a d'fhaomh an tAire Sláinte le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe, sna ráitis airgeadais bhliantúla.

Nochtar costais taistil agus chothaithe, costais taistil idirnáisiúnta san áireamh, sna ráitis airgeadais bhliantúla agus déantar scrúdú orthu trí iniúchóireacht inmheánach ar bhonn tréimhsiúil.

Costais neamhphá

Ba iad na costais neamhphá iomlána in 2023 €5.064m (2022: €4.881m). Ba iad na mórghnéithe:

	2023 €m	2022 €m
• Táillí dlí	1.025	0.895
• Costais dlí agus eile na Comhairle/Coistí	0.309	0.265
• Clódóireacht, postas agus páipéarachas	0.119	0.097
• Costais fuinnimh	0.105	0.085
• Táillí sainchomhairleoireachta, gairmiúla, costais sainchomhairleoireachta san áireamh ar thionscadail	0.301	0.105
• An Bealach um Aithint Cáilíochtaí Tríú Tír	0.306	0.179
• Costais TFC	0.537	0.631
• Deisiúcháin, cothabháil agus costais réadmhaoine eile	0.228	0.188
• Dímheas	0.316	0.279
• Árachas	0.112	0.099
• An Institiúid Chógaisíochta (ICÉ)	1.233	1.172

D'oibrigh an IIOP ar feadh bliain féilire iomlán in 2023 agus tharraing sé €1.233m dá leithdháileadh iomlán buiséid oibriúcháin €1.231m anuas. Rinne cistiú €600,000 a fuarthas ón Roinn Sláinte an tsuim seo a sheach-chur.

Lean CCÉ le húsáid a bhaint as a mBeartas faofa Soláthair agus as plean soláthair bliantúil 2023 lena chinntiú gur baineadh an luach is fearr ar airgead amach agus gur chuireamar an srian ba mhó agus ab fhéidir ar chostais.

Torthaí airgeadais 2023 in aghaidh an bhuiséid

Tugtar cuntas sa tábla thíos ar an ioncam oibriúcháin agus ar na torthaí caiteachais don bhliain 2023 in aghaidh bhuiséad bunúil 2023. Fágtar idirbhearta a bhaineann le caipiteal as an áireamh ó na figiúirí seo, a chuirtear san áireamh sa Chlár Comhardaithe.

Torthaí don bhliain 2023 ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin in aghaidh an bhuiséid bhunúil mar a thuairiscítear sna Cuntais Bhainistíochta

	Buiséad Tosaigh	Toradh	Athraitheas	Athraitheas
	€	€	€	%
Ioncam iomlán	8,250,229	8,363,462	113,233	1%
Caiteachas				
Costais phá	4,537,277	4,080,651	(456,626)	-10%
Costais neamhphá	4,866,264	5,115,443	249,179	5%
Caiteachas Iomlán	9,403,541	9,196,094	(207,447)	-2%
(Easnamh) / barrachas ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(1,153,312)	(832,632)	(320,680)	28%
Ioncam ó ús	59,800	72,076	12,276	21%
(Easnamh) / barrachas	(1,093,513)	(760,556)	332,957	-30%
Cistiú ó chúlchistí	693,302	728,324	35,021	5%
(Easnamh) / barrachas coigeartaithe don bhliain	(400,210)	(32,232)	367,978	-92%

An Ráiteas ar an staid airgeadais

Léirítear i Ráiteas ar an Staid Airgeadais CCÉ amhail an 31 Nollaig 2023 gurbh ionann na sócmhainní iomlána agus €18.962m níos mó ná na dliteanais iomlána, i gcomparáid le €25.023m an 31 Nollaig 2021. Is ionann seo agus glansócmhainní CCÉ, Teach CCÉ san áireamh. Rinneadh athluacháil ar an réadmhaoin an 5 Deireadh Fómhair 2023. Aithnítear an caillteanas athluachála €5.300m sa Chúlchiste Athluachála, a laghdaigh an Cúlchiste anuas go €6.114m.

Léirítear é sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar seo a leanas:

	2023 €m	2022 €m
Cúlchistí comhdhlúite	10,348	11.109
Cúlchiste athluachála	6.114	11.414
Cúlchiste ainmnithe dlí	2.500	2.500
Cúlchistí deiridh	18.962	25.023

Ba é an t-iarmhéid airgid thirim sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais an 31 Nollaig 2023 €5.468m. Ní áirítear leis an tsuim seo luach €13.183m d'airgead tirim a infheistíodh i nótaí an Státchiste le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus a rangaítear mar shócmhainní infheistíochta faoin Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Bhain an t-airgead tirim buaic amach ag an bpointe sin mar gheall gur íoc formhór na gcláraithe a dtáillí (ioncam iarchurtha) roimh ré don bhliain dar gcionn. Ba é luach an ioncaim iarchurtha seo €6.134m (€6.024m in 2021). Áirítear leis na sócmhainní infheistíochta €5.414m de chistí aoisliúntais.

Áirítear leis na sócmhainní airgid thirim agus infheistíochta na ceangaltais seo a leanas:

	2023 €m	2022 €m
Ioncam iarchurtha (aisíoc táillí)	6.134	6.024
Cistí na scéime aoisliúntais reachtúla foirne	5.943	5.586
Cúlchiste ainmnithe dlí	2.500	2.500
Leibhéal íosta cúlchistí comhdhlúite – 50% den ioncam ó tháillí	3.882	3.729
An t-airgead tirim iomlán a gealladh	18.459	17.839
Airgead tirim neamhshrianta	0.191	1.338
	18.650	19.177

Baineann ciste scéim aoisliúntais reachtúil foirne CCÉ €5.943 milliún le 'Scéim Aoisliúntais Chumann Cógaiseoirí na hÉireann 2016', a bunaíodh go foirmiúil an 10 Márta 2016, nuair a shínigh an tAire Sláinte I.R. 136 de 2016 le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus a ghlac leis na Rialacha do na

Rialacháin um Chomhaltaí na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Réamhbheitheacha, 2014 (I.R. Uimh. 582 de 2014).
Scéim le sochar sainithe is ea í sin chun sochair aoisliúntais a bhronnadh do, nó maidir le, baill foirne. Ina ainneoin sin, coimeádtar cistí na scéime i gcuntais taisce ainmnithe ar feitheamh fhaomhadh na meicníochta maoinithe don scéim. Leanann CCÉ le hidirichaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Sláinte agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe leis an gceist seo a thabhairt chun cinn.

Luann na hIniúchóirí, Crowe Ireland, i dtuarascáil an iniúchóra neamhspleách, ina dtuairim féin, go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí CCÉ amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a bhrabús don bhliain 2023. Chuir siad nóta béime ar ábhar san áireamh, áfach, maidir le cóireáil cuntasaíochta na Scéime Aoisliúntais, ar na cúiseanna a luaitear san alt thuas.

Tá tuairim acu freisin gur ullmhaíodh na torthaí don bhliain mar ba chuí i gcomhréir le Sceideal 1, mír 16 den Acht Cógaisíochta, 2007 agus leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 'an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann'.

Tá siad faoin tuairim freisin go léirítear sa Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha sna ráitis airgeadais comhréireacht CCÉ le ceanglais alt 1.9 (iv) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016. Deimhníonn siad freisin go bhfuair siad gach faisnéis agus míniúchán riachtanach chun cuspóirí an iniúchta agus go bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta. Ina dtuairim, ba leor taifid chuntasaíochta CCÉ lena ligean dóibh na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart.

Thug Crowleys DFK, 4 Cé an Lapaigh, Corcaigh, T12 RW7D faoi ghníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí don bhliain 2023 do CCÉ.

Rinne Crowe Ireland, Teach na Mara, Plás Chlann Liam, Baile Átha Cliath 2 an t-iniúchóir seachtrach a ghabháil de láimh. D02FY24.

Oifig chláraithe CÉ:
Teach CCÉ, 15-19 Sráid na bhFíníní
Baile Átha Cliath 2, D02 TD72
Guthán: +353 1 2184000
Facs: +353 1 2837678
Ríomhphost: info@psi.ie
Láithreán gréasáin: www.psi.ie

Ráitis Airgeadais

2023

PSI

The Pharmacy Regulator

An Rialtóir Cógaisíochta

Clár Ábhar

Tuarascáil na Comhairle	69
An Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle	70
Tuarascáil leis an Uachtarán	71
An Ráiteas ar na Córais Rialaithe Inmheánaigh	73
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách	76
An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	80
An Ráiteas ar an Staid Airgeadais	81
An Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais	82
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	83

Eolas faoin gComhairle

Uachtarán	An tUasal Muireann Ní Shúilleabháin (go dtí an 17 Meitheamh 2023) An tUasal Katherine Morrow (ceaptha an 22 Meitheamh 2023)
Leas-Uachtarán	An tUasal Joan Peppard (ceaptha an 22 Meitheamh 2023)
Comhaltaí na Comhairle	An tUasal Rory O'Donnell An Dr Paula Barry Walsh An tUasal Geraldine Campbell An tUasal Geraldine Crowley An tUasal Peter Dennehy An tUasal Dorothy Donovan An tUasal Fintan Foy (go dtí an 17 Meitheamh 2023) An tUasal John Given An tUasal Roy Hogan (go dtí an 17 Meitheamh 2023) An tUasal Mark Jordan An tOllamh Brian Kirby (go dtí an 17 Meitheamh 2023) An tUasal Graham Knowles (go dtí an 17 Meitheamh 2023) An Dr Ann McGarry An tUasal Gráinne Power An tUasal Marie Louisa Power An tUasal Seán Reilly An tUasal Avril Ryan (go dtí an 17 Meitheamh 2023) An tUasal Ann Sheehan (go dtí an 17 Meitheamh 2023) An tUasal Paul Turpin (go dtí an 17 Meitheamh 2023) An tUasal Emily Kelly (ceaptha an 18 Meitheamh 2023) An tUasal Denis O'Driscoll (ceaptha an 18 Meitheamh 2023) An tOllamh Laura Sahm (ceaptha an 18 Meitheamh 2023) An tUasal Martin Higgins (ceaptha an 18 Meitheamh 2023) An tUasal Martin Sisk (ceaptha an 18 Meitheamh 2023) An Dr Cyril O'Sullivan (ceaptha an 18 Meitheamh 2023) An tUasal Joan Peppard (ceaptha an 18 Meitheamh 2023) An tUasal Richard Hammond (ceaptha an 13 Samhain 2023)
Cláraitheoir	An Dr Lorraine Horgan (Cláraitheoir Eatramhach go dtí an 8 Eanáir 2023) An tUasal Joanne Kissane (ceaptha an 9 Eanáir 2023)
An Cheannoifig	Teach CCÉ 15-19 Sráid na bhFíníní Baile Átha Cliath 2
Iniúchóirí	Crowe Ireland

	40 Bóthar Mespil Baile Átha Cliath 4
Baincéirí	Banc na hÉireann Faiche an Choláiste Baile Átha Cliath 2
	Bainc-Aontas Éireann Cuideachta Phoiblí Theoranta 18 An Fhaiche Mhór Contae na Gaillimhe
	Bainc-Aontas Éireann Cuideachta Phoiblí Theoranta 1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2
	GBCN Duga an Chisteáin Cé an Phoirt Thuaidh Baile Átha Cliath 1
Aturnaetha	Aturnaetha Fieldfisher (Aturnaetha McDowell Purcell á chorprú) Foirgneamh Chéipil Mainistir Mhuire Baile Átha Cliath 7
	Aturnaetha O'Connor, 8 Sráid an Chláir Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil na Comhairle

Cuireann an Chomhairle i láthair a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

Príomhghníomhaíochtaí

Comhlacht reachtúil neamhspleách é Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (CCÉ), a bunaíodh faoin Acht Cógaisíochta, 2007. Tá CCÉ á rialáil ag Comhairle ina bhfuil 21 comhalta a cheapann an tAire Sláinte. Tá Uachtarán, Leas-Uachtarán agus 19 gcomhalta eile Comhairle sa Chomhairle, ina bhfuil tromlach comhaltaí tuata (neamhchógaiseoirí).

Tá Cóid Iompair ag CCÉ don Chomhairle agus do chomhaltaí agus fostaithe an Choiste Chomhairligh. Cuireann CCÉ na caighdeáin is airde de nochtadh agus trédhearcacht i bhfeidhm maidir le leasanna atá ag an bhfoireann agus ag comhaltaí na Comhairle agus Coistí.

Is iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí CCÉ:

- Cógaiseoirí, cúntóirí cógaisíochta agus cógaslanna a chlárú;
- Feabhas a chur ar ghairm na cógaslainne, a chinntiú san áireamh go bhfuil na cógaiseoirí go léir ag tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach;
- Caighdeáin a leagan síos le haghaidh oideachas agus oiliúint cógaisíochta;
- Cláir oideachais a chreidiúnú don ghairm chógaisíochta ar leibhéil éagsúla;
- Dearbhú cáilíochta ar chaighdeáin, agus cleachtas cógaisíochta a fhorbairt;
- Cigireacht agus forfheidhmiú, agus ionchúisimh a dhéanamh;
- Gearáin agus ceisteanna disciplíneacha a láimhseáil, smachtbhannaí a chur i bhfeidhm san áireamh;
- Comhairle a sholáthar don Rialtas ar chúram, cóireáil agus seirbhís na cógaisíochta in Éirinn.

Rialú Inmheánach

Tá an Chomhairle freagrach as córais rialaithe inmheánaigh CCÉ. Ní féidir leis na córais sin ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán, a thabhairt in aghaidh míshonrú nó caillteanas ábhartha.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag CCÉ ina bhfuil seachtar comhaltaí, a chas lena chéile ceithre huaire i rith 2023. Tá an Coiste freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna rialaithe inmheánaigh, sa mhullach ar aon saincheisteanna eile a thugann na hIniúchóirí Inmheánacha, na hIniúchóirí Seachtracha agus comhaltaí Coiste chun solais.

Beartas Luach Saothair

Nochtar an luach saothair agus na costais taistil a íocadh le comhaltaí Coiste sna nótaí leis na ráitis airgeadais. Ní íoctar luach saothair le haon chomhaltaí Comhairle earnála poiblí, faoi mar a ordaigh an tAire Sláinte

Íocann CCÉ a fhoireann i gcomhréir le scálaí tuarastail comhdhlúite na Roinne Sláinte agus le scálaí tuarastail na Státseirbhíse.

Torthaí airgeadais

Léirítear sna torthaí airgeadais don bhliain 2023 easnamh oibriúcháin (€832,632) (2022: barrachas €29,211), a ranníoc leis an easnamh iomlán don bhliain airgeadais (€760,556) (2022: barrachas €35,089). Is ionann an t-ioncam don bhliain, €8.363m, agus méadú 3.8% ar ioncam €8.058m 2022.

I dtaobh caiteachas bliantúil tuairiscthe, tháinig méadú €1.168,000 aníos go €9.196m in 2023 ar an gcaiteachas oibriúcháin i gcomparáid le 2022 (€8.029m), ar méadú 15% é seo. Ar aon dul leis an Straitéis Chorparáideach 2021-2024, lean CCÉ lena infheistíocht sa chlár claochlaithe gnó agus ina chuspóir straitéiseach chun níos mó éifeachtúlachta thabhairt isteach ina bhealaí oibre. Faoi mar a rinneadh in 2022, rinneadh na coigeartuithe lenar aontaíodh go náisiúnta ar phá seirbhíse poiblí a chur i bhfeidhm in 2023, i gcomhréir leis an gComhaontú Seirbhíse Poiblí, Ag Dul ó Neart – Comhaontú Seirbhíse Poiblí Nua, 2021-2023, anuas ar an méadú dá dheasca ar chostais phá.

Príomhrioscaí agus éiginnteachtaí

Laistigh den reatha timpeallacht there is a réimse of straitéiseach, corparáideach agus gnólacht leibhéal rioscaí which are go gníomhach a bhainistiú ar bhonn leanúnach. Áirítear leo seo tús áite a thabhairt d'acmhainní le haghaidh a thabhairt ar shainordú reachtúil agus gairmiúil dlíthiúil CCÉ, leanúint d'éifeachtúlacht agus cáilíocht a bhaint amach sa rialáil, i bhforbairt ghairmiúil agus oideachas, bainistíocht airgeadais, gníomhaíochtaí cigireachta agus forfheidhmithe, agus a chinntiú go ndearnadh idirghníomhú cuí agus éifeachtach le rialálaithe agus cláraithe eile, anuas ar a chinntiú go leantar le rialachas maith a oibriú.

Tá dóthain cúlchistí airgid thirim ag CCÉ agus níl súil aige le haon riosca maidir le sreabhadh airgid go gairid amach anseo.

Leabhair Chuntas

Tá an Chomhairle freagrach leabhair chuí chuntais a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid agus feidhmíocht airgeadais CCÉ. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní CCÉ a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath. Coimeádtar leabhair chuntas CCÉ ag Teach CCÉ, 15/19 Sráid na bhfíníní, Baile Átha Cliath 2.

Forbairtí Amach Anseo

Níl súil ag an gComhairle aon athruithe suntasacha a dhéanamh i gcineál an ghnó go gairid amach anseo.

Imeachtaí iarchláir comhardaithe

Níor tháinig aon chúinsí nó imeachtaí eile aníos i ndiaidh dheireadh na bliana, óna dteastaíonn coigeartú ar, nó nochtadh i, na ráitis airgeadais nó sna nótaí leo ó dheireadh na bliana.

An ráiteas ar fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta

Deimhníonn gach duine de na daoine ar Comhalta na Comhairle iad ag dáta faofa na tuarascála seo an méid seo a leanas:

I. a mhéid agus is eol don Chomhairle, ní ann d'aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta nach bhfuil iniúchóirí CCÉ ar an eolas uirthi; agus
II. chuaigh Comhalta na Comhairle i mbun na mbeart go léir ba cheart dóibh mar Chomhalta na Comhairle chun iad féin a chur ar an eolas ar aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus lena dheimhniú go bhfuil iniúchóirí CCÉ ar an eolas ar an bhfaisnéis sin.

Iniúchóirí

Ceapadh Crowe Ireland mar iniúchóir na heagraíochta in 2021, i gcomhréir le Sceideal 1, mír 16(2) den Acht Cógaisíochta, 2007.

D'fhaomh an Chomhairle an tuarascáil seo an 21 Márta 2024 agus síníodh í thar a ceann.

An tUasal Katherine Morrow
Uachtarán

An tUasal Joan Peppard
Leas-Uachtarán

An Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023

The an Chomhairle freagrach as an tuarascáil seo agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le dlí agus rialacháin na hÉireann.

Ceanglaítear i Sceideal 1, mir 16 den Acht Cógaisíochta, 2007 ar an gComhairle na ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí, roghnaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le Caighdeán 102 'an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais' atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais ("an creat um thuairisciú airgeadais ábhartha").

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ag an gComhairle, ceanglaítear uirthi:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin siúd a shainaithint, agus an t-éifeacht agus na cúiseanna a bhíonn le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin siúd; agus
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh CCÉ i mbun gnó.

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go gcoimeádann CCÉ nó go gcuireann CCÉ faoi deara go gcoimeádtar taifid chuí chuntasaíochta ina dtugtar míniú agus cuntas ceart ar idirbhearta CCÉ, a chumasaíonn, ag aon tráth, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus barrachas nó easnamh CCÉ a dheimhniú le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Comhairle Mír 16 den Acht Cógaisíochta, 2007 a chomhlíonadh agus a chumasaíonn na ráitis airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach, chomh maith, as sócmhainní CCÉ a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

Thar ceann na Comhairle an 21 Márta 2024:

An tUasal Katherine Morrow

Uachtarán

An tUasal Joan Peppard

Leas-Uachtarán

Tuarascáil leis an Uachtarán ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

I gcomhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ba mhian liom a dheimhniú:

I. Ní dhearna aon fhorbairtí lena mbaineann tábhacht tráchtála difear d'oibríochtaí leanúnacha CCÉ in 2023.

II. Táthar ag tabhairt faoi gach nós imeachta cuí le haghaidh tuairisciú airgeadais, iniúchóireacht inmheánach, taistil, soláthair agus diúscairtí sócmhainne. Bhí cás amháin neamhchomhlíonta na bprionsabal soláthair in 2023 i gceist inar mhó an caitheamh iarbhír faoi chonradh chun seirbhísí a sholáthar do bhulc-chló agus do bhulcphostas deimhnithe clárúcháin agus cláir eile dhleachta ná an teorainn chaithimh agus teorainn soláthair an AE arna bhfógairt. Tháinig an neamhchomhlíonadh seo aníos de bharr gur gá a chinntiú nach gcuirtear isteach ar an tseirbhís chun deimhnithe clárúcháin a bhulc-chló agus a sheoladh sa phost ar bhulcbhonn go dtí gur cuireadh próiseas soláthair iomaíoch i gcrích agus gur cuireadh conradh nua i bhfeidhm. Cheadaigh an Cláraitheoir síneadh an chonartha.

III. Tugtar cuntas freisin sa Chreat Rialachais Chorparáidigh air go gcomhlíonann CCÉ nósanna imeachta diúscartha do shócmhainní faoi mar a dtugtar cuntas air i sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Luaitear san Acht Cógaisíochta, 2007 gur féidir aon bharrachas tar éis sócmhainní a dhiúscairt a leithdháileadh ar oideachas, taighde nó aon chuspóir poiblí eile a fhorbairt a bhaineann le cógaisíocht.

IV. Cuireadh ráiteas ar na Córais Rialaithe Inmheánaigh san áireamh mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

V. Tá Cóid Iompair don Chomhairle agus do chomhaltaí an Choiste Chomhairligh agus d'fhostaithe CCÉ i bhfeidhm agus táthar ag cloí leo.

VI. Táthar ag cloí le beartas an Rialtais maidir le pá na bPríomhfheidhmeannach agus gach fostaí de chuid Comhlacht Stáit. Cloíonn CCÉ freisin le treoirlínte an Rialtais maidir le táillí Chomhaltaí na Comhairle a íoc.

VII. Táthar ag cloí leis na Treoirlínte maidir le Breithmheas agus Bainistíocht Tograí Caiteachais Chaipitiúil san Earnáil Phoiblí.

VIII. Cuireann CCÉ maoiniú ar fáil dó féin go príomha maidir le tromlach mór a chaiteachais. Leithdháiltear deontas bliantúil €600,000 na Roinne Sláinte trí CCÉ chun seirbhísí a pháirtchistiú a sholáthraíonn Institiúid Chógaisíochta na hÉireann (ICÉ). Tá nósanna imeachta mionsonraithe maoirseachta i bhfeidhm idir CCÉ agus an Roinn, agus tá socruithe conartha agus rialachais i bhfeidhm idir CCÉ agus soláthraí seirbhíse ICÉ, ina sonraítear go n-úsáidtear an cistiú sin ar mhaithe le clár shonracha agus fhaofa oibre a bhaineann le tionscnaimh agus oiliúint ar mhaithe le sláinte phoiblí. Comhlíonann CCÉ a straitéis luacha ar airgead, agus socruithe cuí rialachais agus soláthair, nuair is infheidhme, ar aon dul leis an gCód Caiteachais Phoiblí agus le nósanna imeachta soláthair do chomhlachtaí poiblí.

IX. Comhlíonann CCÉ a Chiorclán 25/2016 maidir leis an bPrótacal chun Eolas a sholáthar do Chomhaltaí an Oireachtais ag Comhlachtaí Stáit.

X. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir le halt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Cuimsítear sonraí faoi nochtadh cosanta a rinneadh le CCÉ in 2023 i dTuarascáil Bhliantúil CCÉ.

XI. Chuaigh CCÉ i mbun beart lena chinntiú go gcomhlíonann a chórais agus a phróisis Cód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, seachas i gcás an dliteanais phinsean (Ceanglais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais Mhír 1.4 (ix)), faoi mar a nochtar sna Ráitis Airgeadais. D'fhorbair CCÉ straitéis luacha ar airgead mar chuid dá Phlean Corparáideach Soláthair a chumhdaíonn an tréimhse 2021-2024. 71

XII. Táthar ag cloí le riachtanais maidir le beartas taistil an Rialtais ar gach bealach, lena n-áirítear nósanna imeachta le monatóireacht, tuairisciú agus forfheidhmiú a dhéanamh ar rialacha agus riachtanais ábhartha maidir le taisteal eachtrach ag fostaithe CCÉ nó chomhaltaí na Comhairle, faoi mar a dtugtar cuntas air sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

XIII. Comhlíonann CCÉ a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

XIV. Níl aon idirbhearta amach ón gclár comhardaithe nó aon teagmhais shuntasacha iarchlár comhardaithe ag CCÉ faoi láthair.

XV. Ní ann d'aon díospóidí dlíthiúla ag CCÉ faoi láthair le comhlachtaí Stáit eile.

XVI. Níl aon fhochuideachtaí ag CCÉ ar gá dóibh tuairisciú a dhéanamh orthu.

Is ionann an Chothromaíocht Inscne i mballraíocht na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2023 agus:

Bhí [11] chomhalta bhaineanna (52.4%) agus [10] gcomhalta fhireanna (47.6%) ag an gComhairle, agus ní raibh aon phoist folamh. Baineann an Chomhairle sprioc an Rialtais, go ndéantar ionadaíocht íosta 40% de gach inscne i mballraíocht Bhoird Stáit amach, dá bharr.

Rinneadh ocht gceapachán nua agus dhá athcheapachán leis an gComhairle in 2023.

Úsáidtear na bearta seo a leanas le cothromaíocht inscne ar an gComhairle a choimeád agus tacú léi:

- Cuimsítear athbhreithniú ar an meascán inscne, éagsúlachta agus scileanna laistigh den Chomhairle i bpróiseas measúnaithe bliantúil na Comhairle.
- Tugtar comhdhéanamh na Comhairle chun solais sna haighneachtaí leis Aire maidir le ceapacháin agus athcheapacháin leis an gComhairle.

D'fhaomh Comhairle CCÉ an tuarascáil seo go foirmiúil an 21 Márta 2024 agus shínigh an tUachtarán é:



_____

An tUasal Katherine Morrow
Uachtarán
An 21 Márta 2024

An Ráiteas ar na Córais Rialaithe Inmheánaigh don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann na Comhairle, aithním á bhfreagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh in CCÉ, agus próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil an córas sin éifeachtach. Tugtar san fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus Creat Rialachais Chorparáidigh CCÉ.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhú go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Chuaigh an Chomhairle i mbun beart lena chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna éagsúla Coiste chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint.
- Freagrachtaí, cumhachtaí, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta maidir le gníomhaíocht a shainmhíniú agus a dhoiciméadú go soiléir.
- Cultúr tréan cuntasachta a fhorbairt ar gach leibhéal den eagraíocht.
- Nósanna imeachta a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear Iniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha a cheapadh a oibríonn i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus tuairisciú a dhéanamh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.
- Ag oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí agus institiúidí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann ar fheidhmeanna CCÉ agus go dtacaítear le straitéisí CCÉ lena oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

Bhunaigh an Chomhairle próisis freisin chun rioscaí i leith na heagraíochta a shainaithint agus a mheasúnú. Déantar seo ar roinnt bealaí, an méid seo a leanas ina measc:

- Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá roimh CCÉ a shainaithint.
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtitfidh na rioscaí a shainaithnítear amach.
- Measúnú a dhéanamh ar chumas CCÉ chun na rioscaí a thiteann amach a bhainistiú agus a mhaolú.
- Tabhairt faoi athbhreithnithe rialta ar phleananna agus cuspóirí straitéiseacha, atá gearrtéarmach agus fadtéarmach araon, agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a chruthaítear trí na pleananna siúd a thabhairt chun cinn.
- Spriocanna bliantúla agus níos fadtéarmaí a leagan amach do gach limistéar den eagraíocht, agus tuairisciú rialta a dhéanamh ina dhiaidh sin ar na torthaí a bhaintear amach.
- Rioscaí a chur faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus na Comhairle ag gach cruinniú lena chinntiú go bhfuil an creat bainistíochta riosca ag oibriú go héifeachtach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat faisnéis rialta bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, leithdheighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta ina measc. Áirítear leis, ach go háirithe:

- Córas mionsonraithe buiséadta ag a bhfuil buiséad bliantúil a dhéanann an Chomhairle a athbhreithniú agus a chomhaontú.
- Athbhreithniú rialta ag an gCoiste Feidhmíochta agus Acmhainní, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Chomhairle ar chuntais bhainistíochta ráithiúla, a thugann le fios feidhmíocht in aghaidh an bhuiséid lena gcomhaontaítear agus a sholáthraíonn míniú ar imeachtaí suntasacha ón mbuiséad.
- Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Ceanglaítear i Sceideal 1, mir 16 den Acht Cógaisíochta, 2007 ar an gComhairle ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, ina dtugtar léiriú fíor agus cóir ar ioncam, caiteachas, sócmhainní agus dliteanais CCÉ.
- Bhí ról maoirseachta ag an gCoiste Feidhmíochta agus Acmhainní in 2023 chomh maith maidir le feidhmíocht na heagraíochta in aghaidh an phlean agus acmhainní le torthaí a bhaint amach, cistiú an Phlean Seirbhíse bhliantúil agus maoiniú agus infheistíochtaí straitéiseacha san áireamh, ar aon dul leis an Straitéis Chorparáideach 2021-2024.
- Dul i ngleic le himpleachtaí airgeadais rioscaí móra gnó trí theorainneacha údaraithe a leagan síos agus dualgais a leithdheighilt.
- Beartas agus nósanna imeachta soláthair a bhunú lena chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte soláthair de réir mar a leag an Oifig um Sholáthar Rialtais amach.

Rinneadh athbhreithniú ar na rialúcháin seo a leanas in 2023:

- Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Feidhmíochta agus Acmhainní, agus an Chomhairle athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta ráithiúla agus míníodh imeachtaí suntasacha ón mbuiséad.
- Rinne an Chomhairle athbhreithniú, faomhadh agus foilsiú ar Chuntais Bhliantúla don bhliain 2022 agus tugadh míniú ar dhifríochtaí suntasacha.
- Ar aon dul le córas rialaithe inmheánaigh CCÉ, faoi mar a bhforáiltear dó i bPleananna Iniúchóireachta Inmheánaí CCÉ, thug na hIniúchóirí Inmheánacha faoi athbhreithnithe sna limistéir seo a leanas:
    - Próisis Chigireachta Cógaisíochta CCÉ,
    - Próisis Chlárúcháin ar Líne CCÉ,
    - Anailís ar Bhearnaí Cibearshlándála CCÉ.

Níor eascair aon laigí i rialú inmheánach as caillteanais ábhartha, teagmhais nó éiginnteachtaí ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais nó i dTuarascáil an Iniúchóra ar na ráitis airgeadais. Táthar ag tabhairt faoi na bearta cuí a mhol na hIniúchóirí Inmheánacha agus leagtar freagracht as gach moladh a chur i bhfeidhm ar an mbainisteoir ábhartha agus sanntar amlíne le haghaidh cur i bhfeidhm. Tuairiscítear cur i bhfeidhm moltaí iniúchóireachta inmheánaí leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ag gach cruinniú.

Níor tugadh aon sáruithe le fios don bhliain 2023. Bhí gach gné den chóras rialaithe i mbun oibre. Níor sainaithníodh aon chaillteanais nó calaois ábhartha in 2023.

Comhlíonann CCÉ rialacha agus treoirlínte soláthair reatha de réir mar a leag an Oifig um Sholáthar Rialtais amach. Measadh go raibh cás amháin neamhchomhlíonta in 2023 nár cloíodh leis na rialacha agus na treoirlínte agus tugtar cuntas níos mionsonraithe air sa Tuarascáil leis an Uachtarán sna Ráitis Airgeadais.

Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann CCÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag an mbainistíocht shinsearach laistigh de CCÉ atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Tá an Chomhairle sásta maidir le héifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar an bhfaisnéis agus na dearbhuithe a sholáthraítear. D'fhaomh agus d'athbhreithnigh Comhairle CCÉ an Ráiteas seo na gCóras Rialaithe Inmheánaigh go foirmiúil an 21 Márta 2024 agus shínigh Uachtarán Chomhairle CCÉ é thar a ceann.

An tUasal Katherine Morrow

An 21 Márta 2024

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha le Comhairle CCÉ

Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (CCÉ) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, ina gcuimsítear an Ráiteas ar Ioncam, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí gaolmhara. Dlí na hÉireann agus FRS 102 ('an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann') atá sa chreat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú.

Inár dtuairim:

- tugtar sna ráitis airgeadais a ghabhann leis seo léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí CCÉ amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a thorthaí don bhliain dar críoch an tráth sin;
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais a ghabhann leis seo i gcomhréir le FRS 102, 'an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann';
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais a ghabhann leis seo i gcomhréir le ceanglais an Achta Cógaisíochta, 2007; agus
- léirítear sa Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha ar leathanaigh 73-75 comhréireacht CCÉ le ceanglais alt 1.9 (iv) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 agus tá sé ag teacht leis an eolas a bailíodh i rith ár n-iniúchta.

An Bunús don tuairim

Thugamar faoinár n-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) (CIIanna) (Éire)) agus leis an dlí infheidhme. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd sa mhír 'Freagrachtaí Iniúchóirí as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais' dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gcomhlacht i gcomhréir le ceanglais eiticiúla a bhaineann lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, an Caighdeán Eiticiúil a d'eisigh Údarás Maoirseachta Cuntasaíochta agus Iniúchóireachta na hÉireann (IAASA) san áireamh, agus chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na riachtanais seo.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuaireamar chun bunús a sholáthar dár dtuairim.

Béim na ceiste – cur chuige an phinsin scoir

Agus ár dtuairim á cruthú againn, nach bhfuil cáilithe, rinneamar breithniú ar leordhóthanacht an nochta i Nóta 20 leis na ráitis airgeadais a bhaineann leis an gcur chuige cuntasaíochta do shochair scoir. Níor cuireadh CCÉ ar an eolas ar conas is fearr cistí na scéime pinsin le sochar sainithe a riar mar gheall nár cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an mheicníocht chistithe don scéim go fóill. Cuireadh an scéim pinsin san áireamh sna ráitis airgeadais amhail agus gur scéim le ranníocaíochtaí

sainithe a bhí inti. Dá gcuirfí an scéim pinsin i gcuntas faoi faoi Mhír 28 de FRS 102, d'aithneofaí an gnóthachan/caillteanas achtúireach sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus d'aithneofaí barrachas/easnamh shócmhainní na gcistí i dtaobh a dliteanas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar shócmhainn nó dliteanas.

Conclúidí ar bhonn gnóthas leantach

Nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-iniúchadh, bhaineamar an tátal as go bhfuil an úsáid a bhaineann CCÉ as an mbonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú cuí.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le hamhras suntasach, ar bhonn aonair nó i dteannta a chéile, faoi chumas CCÉ leanúint de bheith mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse ar a laghad dhá mhí dhéag ón dáta a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na Comhairle maidir le gnóthas leantach sna míreanna ábhartha den tuarascáil seo.

Eolas eile

Tá an Chomhairle freagrach as an eolas eile. Is éard atá san fhaisnéis eile an fhaisnéis a chuirtear san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas sna ráitis airgeadais agus i dTuarascáil an Iniúchóra dár gcuid. Ní chumhdaíonn ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas a mhéid agus a luaitear go sainráite inár dtuarascáil, ní léirímid aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh an iniúchta a rinneamar ar na ráitis airgeadais, táimid freagrach as an bhfaisnéis eile a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má shainaithnímid an neamh-chomhsheasmhacht nó an míshonrú soiléir ábhartha siúd, tá orainn a dheimhniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainimid an tátal as, bunaithe ar an obair a rinneamar, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orainn sin a thabhairt le fios.

Níl aon rud le tabhairt le fios againn ina leith seo.

Ábhair a gCeanglaítear orainn Tuairisciú a dhéanamh orthu i Sceideal 1, Mír 16 den Acht Cógaisíochta, 2007

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasaimid a theastaíonn chun críocha ár n-iniúchta.
- Inár dtuairim, ba leor taifid chuntasaíochta CCÉ lena ligean dóibh na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart.
- Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair a gceanglaítear orainn tuairisciú a dhéanamh orthu trí eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint ar an gcomhlacht agus ar a thimpeallacht a fuarthas i gcaitheamh an iniúchta, níor shainaithníomar aon mhíshonruithe ábhartha i dTuarascáil na Comhairle.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir lenár n-oibleagáid faoi Sceideal 1, mír 16 den Acht Cógaisíochta, 2007 a cheanglaíonn orainn tuairisciú duit mura ndéantar, inár dtuairim, nochtadh ar luach saothair agus idirbhearta na Comhairle a shonraítear sa dlí.

Freagrachtaí na Comhairle agus na nIniúchóirí faoi seach

Faoi mar a dtugtar míniú níos cuimsithí air i Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle, tá an Chomhairle freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith sásta go dtugtar léiriú fíor agus cóir iontu, agus as an rialú inmheánach sin a dheimhníonn an Chomhairle is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

Nuair atá na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá an Chomhairle freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, a nochtann, de réir mar is infheidhme, ceisteanna a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus úsáid á baint as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta mura mbeartaíonn an Chomhairle an eagraíocht a leachtú nó chun deireadh a chur le hoibríochtaí, nó mura mbíonn aon rogha réalaíoch eile ann ach amhlaidh a dhéanamh.

Freagrachtaí an Iniúchóra as Iniúchadh a dhéanamh ar na Ráitis Airgeadais

Is iad ár gcuspóirí chun dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, agus Tuarascáil Iniúchóra a eisiúint ina gcuimsítear ár dtuairim. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhú, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir le CIIanna (Éire) i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir le CIIanna (Éire), déanaimid breithiúnas agus leanann amhras a bheith orainn i gcaitheamh an iniúchta. Déanfaimid an méid seo a leanas, chomh maith:

- Na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais a shainaithint agus a mheasúnú, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaimid agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighimid fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar dár dtuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh inmheánacha, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht rialú inmheánach na heagraíochta.

- Meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus oiriúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair a rinne an Chomhairle.
- Tátal a bhaint as oiriúnacht na húsáide a bhain an Chomhairle as an mbonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas na heagraíochta a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainimid an tátal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orainn aird a thabhairt i dTuarascáil an Iniúchóra a d'fhoilsíomar ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orainn ár dtuairim a bhunathrú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta Thuarascáil an Iniúchóra a d'fhoilsíomar. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh an Chomhairle deireadh le leanúint mar ghnóthas leantach.
- Meastóireacht a dhéanamh ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaimid cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithnímid i rith ár n-iniúchta.

Cuspóir ár nOibre Iniúchóireachta agus an té a bhfuil Freagracht orainn ina leith

Déantar an tuarascáil seo le Comhairle CCÉ, agus leo siúd amháin. Tugadh faoinár n-obair iniúchóireachta d'fhonn go bhféadfaimis a lua leis an gComhairle na ceisteanna siúd a gceanglaítear orainn a lua leo i dTuarascáil an Iniúchóra agus ar chuspóirí ar bith eile. A mhéid a cheadaítear sa dlí, ní ghlacaimid le haon fhreagracht i leith duine ar bith seachas an Chomhairle as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí a chruthaíomar.



Shaw McClung

le haghaidh agus thar ceann

Crowe Ireland
Cuntasóirí Cairte agus Gnóthas Iniúchóireachta Reachtúla
40 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4
An 27 Márta 2024

An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023	2022
		€	€
Ioncam	3	8,363,462	8,057,712
Costais oibriúcháin		(9,196,094)	(8,028,501)
Barrachas/(easnamh) oibriúcháin		(832,632)	29,211
Ús Infhaighte	9	72,076	5,878
Barrachas/(easnamh) roimh chánachas		(760,556)	35,089
Cánachas	11	-	-
Barrachas/(easnamh) don bhliain airgeadais		(760,556)	35,089

Ullmhaíodh an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ar an mbonn gur oibríochtaí leanúnacha iad na hoibríochtaí go léir.

Tá na nótaí ar leathanaigh ó 83 go 102 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An Ráiteas ar an Staid Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2023	2022
		€	€
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	12	13,460,301	18,805,196
Sócmhainní infheistíochta	13	13,182,685	12,000,000
Sócmhainní reatha		**26,642,986**	**30,805,196**
Féichiúnaithe	15	229,580	192,400
Airgead sa bhanc agus ar láimh	16	5,467,540	7,176,843
		5,697,120	**7,369,243**
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	18	**(13,377,904)**	**(13,151,681)**
Glansócmhainní reatha/(dliteanais)		**(7,680,784)**	**(5,782,438)**
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		**18,962,202**	**25,022,758**
Cúlchistí			
Cúlchiste Athluachála	19	6,113,635	11,413,635
Cúlchiste Ainmnithe Dlí	19	2,500,000	2,500,000
Cúlchistí comhdhlúite	19	10,348,567	11,109,123
Cúlchistí Deiridh		**18,962,202**	**25,022,758**

D'fhaomh agus d'údaraigh an Chomhairle na ráitis airgeadais lena n-eisiúint an 21 Márta 2024. Sínithe thar ceann na Comhairle:

An tUasal Katherine Morrow

Uachtarán

An tUasal Joan Peppard

Leas-Uachtarán

An 21 Márta 2024

An Ráiteas ar Shreafaí Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

		2023		2022
	€	€	€	€
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin				
Barrachas/(easnamh) don bhliain airgeadais	(760,556)		35,089	
Dímheas ar shócmhainní inláimhsithe	315,987		278,790	
Ús a fuarthas	(72,076)		(5,878)	
Laghdú/(méadú) ar fhéichiúnaithe	(37,180)		(11,832)	
Méadú/(laghdú) ar chreidiúnaithe atá dlite laistigh de bhliain amháin	226,223		940,764	
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		**(327,602)**		**1,236,933**
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta				
Íocaíochtaí as sócmhainní seasta inláimhsithe	(271,092)		(256,823)	
Íocaíochtaí as sócmhainní infheistíochta	(1,182,685)		(4,800,000)	
Ús a fuarthas	72,076		5,878	
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		**(1,381,701)**		**(5,050,945)**
Glanlaghdú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		**(1,709,303)**		**(3,814,012)**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana airgeadais		**7,176,843**		**10,990,855**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana airgeadais		**5,467,540**		**7,176,843**
A bhaineann le:		**5,457,540**		**7,176,843**
Airgead sa bhanc agus ar láimh				

Tá na nótaí ar leathanaigh ó 83 go 102 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023

1. Beartais Chuntasaíochta

1.1. Caighdeáin chuntasaíochta agus bonn an ullmhúcháin a chomhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbonn gnóthas leantach agus i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil a mionathraíodh le hearraí áirithe ar luach cóir a chur san áireamh. Is é an creat um thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú FRS 102 (‘an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann’) a d’eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, seachas i gcás na scéime aoisliúntais, mar gheall nár cuireadh forálacha Mhír 28 de FRS 102, Cuntasaíocht do Shochair Fostaithe, i bhfeidhm.

Caithfear meastacháin áirithe cuntasaíochta criticiúla a úsáid le ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealach a chomhlíonann FRS 102. Ceanglaíonn sé ar an gComhairle freisin breithiúnas a thabhairt nuair a chuirtear beartais chuntasaíochta na heagraíochta i bhfeidhm (féach nóta 2).

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in euro, arb é airgeadra feidhmeach na heagraíochta. Slánaítear suimeanna airgid sna ráitis airgeadais seo go dtí an € is gaire.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil a mionathraíodh le hearraí áirithe ar luach cóir a chur san áireamh. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm:

1.2. Ioncam

Aithnítear ioncam sna ráitis airgeadais sa bhliain lena mbaineann an t-ioncam. Déantar ioncam, a mhéid agus a fhaightear é roimh ré, a iarchur agus a aithint sa tréimhse ábhartha ina soláthraítear seirbhísí do na hiarratais seo ar chlárúchán nó ina ngearrtar táillí dóibh.

1.3. Sócmhainní seasta inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe faoin tsamhail chostais ar a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais charntha lagaithe. Áirítear le costais stairiúla caiteachas atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thabhairt go dtí an láthair agus go mbainfidh sí an bhail amach a theastaíonn go mbeidh sí in ann oibriú ar an mbealach a bheartaíonn an bhainistíocht.

Cuireann CCÉ an costas a bhíonn ar chuid den earra sin a athsholáthar nuair a thabhaítear an costas sin, má bhíonn súil leis go gcuirfidh an chuid athsoláthair tairbhí incriminteacha ar fáil do CCÉ amach anseo, le suim ghlanluacha earra le sócmhainní seasta. Gearrtar deisiúcháin agus cothabháil ar bhrabús nó caillteanas i rith na tréimhse ina dtabhaítear iad.

Gearrtar dímheas, seachas mar a luaitear thíos, d’fhonn costas sócmhainní a leithdháileadh lúide a luach iarmharacha thar a saolré úsáideach, agus modh na líne dírí á úsáid: Seo a leanas réimse na saolréanna úsáideacha measta:

Dímheas

Cuirtear dímheas ar fáil ar an mbonn seo a leanas:

Réadmhaoin ruílse	-	Ní dhéantar dímheas air
Trealamh oifige agus feistis	-	12.5% Líne dhíreach Trealamh ríomhaire agus
bogearraí	-	33.3% Líne dhíreach Portráidí, boinn agus
suaitheantas	-	Ní dhéantar dímheas orthu
Leictreachas	-	5% Líne Dhíreach
Meicniúil agus Ardaitheoir	-	5% Líne dhíreach Athchóirithe – Closamhairc
	-	12.5% Líne dhíreach Córas Clárúcháin agus CRM
ar Líne	-	20% Líne dhíreach

Déantar athluacháil ar an réadmhaoin ruílse faoi úinéireacht CCÉ idir gach trí agus cúig bliana leis an luach reatha margaidh a chur sna áireamh. Rinneadh athluacháil ar an réadmhaoin an 5 Deireadh Fómhair 2023.

Cé gur gá dímheas córasach bliantúil a dhéanamh de ghnáth ar réadmhaoin agus aird ar Mhír 17 de FRS 102 maidir le Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh, creideann an Chomhairle gur cuí don bheartas gan dímheas a sholáthar ar an réadmhaoin ruílse. Is cruinne a léirítear a luach do CCÉ sa bheartas lenar glacadh ina ndéantar athluacháil ar an réadmhaoin mar gheall go bhfuil beartas agus cleachtas ag CCÉ ina ndéantar cothabháil agus deisiúcháin rialta chun go leanann an réadmhaoin leis an gcaighdeán feidhmíochta a measadh roimhe seo a bhaint amach agus go bhfuil an luach iarmharach measta ábhartha.

Déantar athbhreithniú gach bliain ar luach tugtha anonn sócmhainní seasta inláimhsithe i dtaobh lagú i dtréimhsí má thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an luach tugtha anonn inghnóthaithe.

1.4. Athluacháil ar shócmhainní seasta inláimhsithe

Tugtar réadmhaoin ruílse anonn ar an tsuim athluacháilte, ar luach cóir ag dáta na hathluachála, lúide aon chaillteanais charntha lagaithe ina dhiaidh sin. Tugtar faoi athluachálacha rialta a dhóthain lena chinntiú nach éagsúil ó thaobh cúrsaí ábhartha de don tsuim ghlanluacha ón tsuim sin a d'fhéadfaí a dheimhniú trí úsáid a bhaint as luach cóir ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais.

Deimhnítear luachanna córa ó fhianaise atá bunaithe ar an margadh faoina dtugann luachálaithe atá cáilithe go gairmiúil.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais athluachála sa Chúlchiste Athluachála, mura sáraíonn caillteanais na gnóthachain a aithníodh roimhe seo nó mura léirítear iontu ídiú soiléir sochar geilleagrach, agus aithnítear na caillteanais farasbairr sa chás sin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

1.5. Bearnúchán sócmhainní seachas ionstraimí airgeadais

Déanann CCÉ measúnú ag deireadh gach tréimhse thuairiscithe ar cibé acu an dtugtar nó nach dtugtar le fios in aon chor go bhfuil méid in-aisghabhála sócmhainne níos lú ná a luach tugtha anonn. Má thugtar sin le fios, laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne anuas go dtí a méid in-aisghabhála, a mbíonn caillteanas bearnaithe mar thoradh air. Aithnítear caillteanais bhearnúcháin láithreach sa chuntas brabúis agus caillteanais, seachas caillteanais ar shócmhainní seasta inláimhsithe a athluacháladh roimhe seo, a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile comhionann le haon mhéadú athluachála a aithníodh roimhe seo ar ghnáthscair maidir leis an tsócmhainn sin.

Nuair nach mbaineann na cúinsí a thuilleadh is cúis le bearnú sócmhainne, aisiompaítear an bearnú tríd an gcuntas brabúis agus caillteanais, seachas i gcás bearnúchán ar shócmhainní inláimhsithe a athluacháladh roimhe seo, a gcaitear leo mar mhéaduithe athluachála a mhéid agus gur aithníodh an athluacháil i ngnáthscair.

Is é suim inghnóthaithe na sócmhainní seasta inláimhsithe, dea-thola agus sócmhainní seasta doláimhsithe eile an tsuim is mó den luach cóirluach lúide an costas ar an tsócmhainn a dhíol agus a luach úsáide. Is é luach úsáide na sócmhainní seo luach reatha na sreafaí airgid a bhfuil súil lena bhaint ó na sócmhainní siúd. Deimhnítear seo trí thagairt do luach reatha sreafaí airgid amach anseo an aonaid giniúna airgid thirim lena mbaineann na sócmhainní.

1.6. Sócmhainní infheistíochta

Luacháiltear sócmhainní infheistíochta ar an gcostas is ísle agus ar an nglanluach inréadaithe.

1.7. Féichiúnaithe

Tomhaistear féichiúnaithe gearrthéarmacha ar phraghas an idirbhirt, lúide aon lagú.

1.8. Ionstraimí airgeadais

Ní iontrálann CCÉ isteach ach in idirbhearta bunúsacha ionstraime airgeadais óna n-eascraíonn sócmhainní agus dliteanais airgeadais a aithint, cosúil le cuntais trádála agus eile atá infhaighte agus iníoctha.

Tomhaistear sócmhainní agus dliteanais airgeadais atá iníoctha nó infhaighte laistigh de bhliain amháin, suimeanna iníoctha nó infháltais trádála de ghnáth, i dtosach agus ina dhiaidh sin, ar shuim neamhlascainithe an airgid thirim nó agus breithniú eile á chur san áireamh, a mheastar a íocadh nó a fuarthas.

Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais a sheach-chur agus cuirtear an ghlansuim i láthair sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais nuair is ann do cheart is féidir a fhorfheidhmiú chun na suimeanna a aithnítear a fhritháireamh agus nuair a bhíonn sé de rún réiteach a dhéanamh ar ghlanbhonn nó chun an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a réiteach go comhuaineach.

1.9. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Is ionann airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus sócmhainní bunúsacha airgeadais agus áirítear leo airgead ar láimh, éarlaisí ar coimeád le bainc, infheistíochtaí leachtacha gearrthéarmacha eile ag a bhfuil bunaibíochtaí trí mhí nó níos lú, agus rótharraingtí bainc.

1.10. Creidiúnaithe

Tomhaistear féichiúnaithe gearrthéarmacha ar phraghas an idirbhirt. Tomhaistear dliteanais airgeadais eile, iasachtaí bainc san áireamh, i dtosach ar luach cóir, glan ar chostais idirbhirt, agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin ar an gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain.

1.11. Pinsin

Scéim Aoisliúntais Chumann Cógaiseoirí na hÉireann 2016

Shínigh an tAire Sláinte I.R. 136 de 2016 le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an 10 Márta 2016, agus a ghlac leis na Rialacha do na Rialacháin um Chomhaltaí na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Réamhbheitheacha, 2014 (I.R. Uimh. 582 de 2014) agus tháinig Scéim Aoisliúntais Chumann Cógaiseoirí na hÉireann 2016 i bhfeidhm chun sochair aoisliúntais a dheonú do, nó maidir le, baill foirne atá incháilithe do bheith mar bhall den scéim seo.

Gearrtar ranníocaíochtaí CCÉ leis an scéim ar an Ráiteas ar Ioncam sa tréimhse lena mbaineann siad. Níor ceadaíodh meicníocht chistithe don scéim seo go fóill agus tá cistí na scéime á mbailiú agus á gcoimeád ar éarlais dá bharr ag CCÉ. Níor cuireadh forálacha Mhír 28 FRS 102, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, i bhfeidhm.

Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí

Tháinig Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013, faoi mar a bhforáiltear dó san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Foráiltear san Acht do scéim aonair d'iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí. Bailíonn agus aisíocann CCÉ ranníocaíochtaí don scéim seo leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe.

1.12. Fabhrú pá saoire

Aithnítear dliteanas arb ionann é agus aon teidlíocht do phá saoire nár úsáideadh atá fabhraithe ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus tugtar anonn é go dtí tréimhsí amach anseo. Déantar é seo a thomhas ar chostas tuarastail neamhlascainithe na teidlíochta saoire amach anseo a fabhraíodh ar an dóigh sin ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais .

1.13. Ioncam ó ús

Aithnítear ioncam ó ús sa Ráiteas ar Ioncam ag baint úsáide as m

1.14. Cúlchistí comhdhlúite

Cheadaigh an Chomhairle Beartas Cúlchistí nua in 2022 mar chuid d'Athbhreithniú Straitéiseach ar Mhaoiniú CCÉ. Is éard atá sa bheartas nua cur chuige i leith cúlchistí comhdhlúite, a imfhálaíonn an Cúlchiste Ainmnithe Dlí agus a chomhdhlúthaíonn na cúlchistí uile eile mar Chúlchistí Comhdhlúite amháin singil neamhdhifreáilte téarma acmhainne.

Le leordhóthanacht na riachtanas cúlchiste a chinntiú do riachtanais áirithe a sainaithníodh, cosúil lena bheith cumhdaithe ag na uasteorainneacha a dtugtar cuntas orthu thíos, d'aontaigh an Chomhairle Comhaontaítear go socraítear suim na tairsí íosta do gach cúlchiste (gan an Cúlchiste Athluachála a áireamh) ar leibhéal 50 faoin gcéad de láimhdeachas/ioncam ó tháillí. Cinnteoidh seo go gcuirtear cistiú leordhóthanach ar leataobh do theagmhais a sainaithníodh.

D'aontaigh an Chomhairle leis na teorainneacha ar na cúlchistí seo agus leanfar le hathbhreithniú bliantúil a dhéanamh orthu lena chinntiú go leanann siad de bheith oiriúnach don fheidhm.

Tá an méid seo a leanas i gceist leis na cúlchistí comhdhlúite:

- Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais
- Cúlchiste Cuspóirí Straitéiseacha
- Cúlchiste Infheistíochta i dTeicneolaíocht Amach Anseo
- Cúlchiste Cothabhála Foirgneamh
- Cúlchiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

1.15. Cúlchiste ainmnithe dlí

Bhunaigh CCÉ cúlchiste ainmnithe laistigh dá chúlchistí, a chuir an Chomhairle ar leataobh do chuspóir ar leith, is é sin, don chostas a bhíonn ar aon chásanna dlí amach anseo a d'fhéadfadh teacht aníos do CCÉ. Ní féidir caiteachas a áireamh go díreach in aghaidh cúlchistí ainmnithe ach cuirtear san áireamh é tríd an Ráiteas ar Ioncam. Déantar aistriú ansin ón gCúlchiste Ioncaim agus Caiteachais, faoi mar is cuí.

1.16. Cánachas

Leasaíonn Alt 35 den Acht Airgeadais, 2004 an Sceideal leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 le Cumann Cógaiseoirí na hÉireann a chur san áireamh sa liosta comhlachtaí urraithe neamhthráchtála Stáit a cháilítear do dhíolúine ó fhorálacha cánach áirithe Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

2. Breithiúnais agus príomhfhoinsí éiginnteachta i dtaobh meastacháin

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, bíonn ar an gComhairle breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do bheartais a chur i bhfeidhm agus na suimeanna a thugtar le fios le haghaidh sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus costas.

Déantar measúnú leanúnach ar bhreithiúnais agus meastacháin agus bunaítear iad ar eispéiris stairiúla agus tosca eile, ionchais i leith imeachtaí amach anseo ina measc a chreidtear atá réasúnta faoi na cúinsí.

-

Measann an Chomhairle gurb iad na meastacháin agus na toimhdí cuntasaíochta thíos a **meastacháin agus a breithiúnais ríthábhachtacha:**

Gnóthas Leantach

D'ullmhaigh CCÉ buiséid ar feadh tréimhse ar a laghad dhá mhí dhéag ó dháta faofa na ráiteas airgeadais, a léiríonn nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas CCÉ a dhliteanais a shásamh de réir mar a bhíonn siad dlite, agus chun leanúint mar ghnóthas leantach.

Bíonn ionchas réasúnta ag CCÉ, ag an tráth a faomhadh na ráitis airgeadais, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag CCÉ chun leanúint ar aghaidh lena oibríochtaí. Ar an gcúis seo, leanann CCÉ ag glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

3. Ioncam

Baineadh ioncam iomlán CCÉ óna phríomhghníomhaíocht faoinar tugadh go hiomlán in Éirinn.

	2023	2022
	€	€
Clárú cógaiseoirí	2,909,812	2,710,217
Gnólachtaí miondíola cógaslainne (GMC) a chlárú	4,552,936	4,478,206
Táillí riaracháin agus costais eile chlárúcháin	270,256	228,604
Soláthar Idirlín	30,458	40,685
Cistiú na Roinne Sláinte do sheirbhísí Institiúid Chógaisíochta na hÉireann (ICÉ)	600,000	600,000
	8,363,462	**8,057,712**

4. Barrachas oibriúcháin

Ríomhtar an barrachas oibriúcháin don bhliain tar éis an méid seo a leanas a ghearradh:

	2023	2022
	€	€
Dímheas sócmhainní seasta	315,987	278,790
Costais phinsin eile	529,485	442,426
Luach saothair iniúchta (CBL san áireamh)		
- Táillí iniúchta	18,077	31,094
	863,549	**752,310**

5. Fostaithe

5.1. Meánlíonta

	2023	2022
Oifig agus bainistíocht	**46**	**43**

5.2. Luach saothair comhiomlán

B'éard a bhí i gceist lena gcomhluach saothair:

	2023	2022
	€	€
Pá agus tuarastail	3,016,129	3,058,915
Costais árachais shóisialaigh	308,361	254,208
Costais phinsin	554,418	442,425
	3,878,908	**3,755,548**

Anailís déanta mar seo a leanas

Arna chaipitliú ina shócmhainní	154,065	165,308
Costais sa bhliain	3,724,843	3,590,240
	3,878,908	**3,755,548**

5.3. Anailís ar chostais tuarastail foirne os cionn €60,000:

Tá líon na bhfostaithe a raibh a sochair fostaíochta laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 mar seo a leanas:

	2023	2022
Idir €60,000 agus €70,000	6	4
Idir €70,000 agus €80,000	8	7
Idir €80,000 agus €90,000	4	3
Idir €90,000 agus €100,000	2	2
Idir €100,000 agus €110,000	1	-
Idir €110,000 agus €120,000	3	2
Idir €120,000 agus €130,000	-	-
	24	**18**

5.4. An Príomhphearsanra Bainistíochta

Seo a leanas luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta:

	2023	2022
	€	€
Pá agus tuarastail	565,688	474,423
Liúntais	323	12,197
Costais phinsin eile	122,404	109,131
	688,415	**595,751**

5.5. Luach saothair an Chláraitheora

Tá luach saothair an Chláraitheora curtha san áireamh in pá agus tuarastail, mar seo a leanas:

	2023	2022
	€	€
Iar-Chláraitheoir	-	4,506
Costais phinsin eile	-	751
Cláraitheoir Eatramhach	4,977	114,881
Costais phinsin eile	301	28,720
Cláraitheoir Reatha	114,191	-
Costais phinsin eile	19,482	
	138,951	**148,858**

6. Costais Foirne Eile

6.1 Taisteal agus Cothú Foirne

	2023	2022
	€	€
Intíre	21,691	12,635
Idirnáisiúnta	275	7,177
	21,966	**19,812**

6.2 Caiteachas ar Fháilteachas

	2023	2022
	€	€
Fáilteachas foirne	3,191	861
	3,191	**861**

7. Luach Saothair Chomhaltaí na Comhairle/Coiste

	2023	2022
	€	€
Luach saothair chomhaltaí na Comhairle/Coiste	213,648	206,889
	213,648	**206,889**

8. Taisteal agus cothú bhaill na Comhairle/Choistí

	2023	2022
	€	€
Intíre	44,295	28,586
Idirnáisiúnta	-	6,117
	44,295	**34,703**

9. Ús infhaighte

	2023	2022
	€	€
Ús bainc infhaighte	72,076	5,878
	72,076	**5,878**

10. Costais sainchomhairleoireachta agus dlí

10.1 Costais sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta anseo an costas a bhí ar sainanailís agus ar chomhairle a chuireann le cinnteoireacht nó le déanamh beartais agus ní áirítear caiteachas ar fheidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe.

	2023	2022
	€	€
Feabhsú gnó	55,432	5,658
Tionscadail straitéiseacha	198,116	48,364
	253, 548	**54,022**
Costais sainchomhairleoireachta a caipitlíodh	29,213	-
Costais sainchomhairleoireachta a gearradh ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Tuillimh Choimeádta	224,335	54,022
	253,548	**54,022**

10.2 Costais agus socraíochtaí dlí

Tugtar sa tábla thíos miondealú ar shuimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus idir-réiteach agus imeachtaí eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair CCÉ.

	2023	2022
	€	€
Táillí dlí	977,494	856,819
Socraíochtaí íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	32,042	-
	1,009,536	**856,819**

Baineann costais dlí go príomha le gníomhaíochtaí CCÉ a eascraíonn as Cuid 6 den Acht Cógaisíochta, 2007. Áirítear leis táillí a bhaineann le comhairleoirí seachtracha, abhcóidí, finnéithe (finnéithe saineolaí agus fíriciúla), measúnóirí dlí agus táillí dlí tríú páirtí.

B'ionann na táillí dlí in 2023 agus €,891 (2022: €856,819) (2020: €438,270) lena n-áirítear freisin táillí a bhaineann le comhairle a fuarthas maidir le gníomhaíochtaí eile a eascraíonn as an Acht Cógaisíochta, 2007, cosúil le clárúchán, oideachas agus costais oibríochtúla eile.

Tá táillí i bhfigiúirí 2022 a bhaineann le himeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a bhaineann le Rialacha Rreachtúla a bheartaítear a dhéileálann le hasláithreacht shealadach cógaiseoirí i ngnólachtaí cógaslainne miondíola cláraithe.

Tháinig na híocaíochtaí socraíochta aníos ó dhá chás agus níor íoc árachóirí CCÉ aon chostais.

11. Cánachas

Tá CCÉ díolmhaithe ó dhliteanas i leith Cáin Chorparáide faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

12. Sócmhainní seasta inláimhsithe

	Talamh agus foirgnimh ruílse	Feabhsúcháin áitribh	Portráidí, boinn agus suaitheantas	Daingneáin agus feistis oifige	Trealamh agus bogearraí ríomhaire	Iomlán
	€	€	€	€	€	€
Costas						
An 1 Eanáir 2023	17,700,000	40,808	10,431	269,359	1,644,747	19,665,345
Breisiúcháin	-	3,025	-	20,152	247,915	271,092
Athluacháil	(5,300,000)					(5,300,000)
Costas Diúscartha	-	-	-	-	-	-
An 31 Nollaig 2023	12,400,000	43,833	10,431	289,511	1,892,662	14,636,437
Dímheas agus lagú						
Amhail an 1 Eanáir 2023	-	21,469	-	239,585	599,095	860,149
Dímheas díbeartha ar dhiúscairtí	-	-	-	-	-	-
Dímheas a gearradh sa bhliain	-	5,038	-	8,367	302,582	315,987
An 31 Nollaig 2023	-	26,507	-	247,952	901,677	1,176,136
Suim ghlanluacha						
An 1 Eanáir 2023	**17,700,000**	**19,339**	**10,431**	**29,774**	**1,045,652**	**18,805,196**
An 31 Nollaig 2023	**12,400,000**	**17,326**	**10,431**	**41,559**	**990,985**	**13,460,301**

13. Sócmhainní Infheistíochta

Sócmhainní infheistíochta

	2023	2022
	€	€
Nótaí Státchiste	**13,182,685**	**12,000,000**
	13,182,685	**12,000,000**

Costas	2023 €	2022 €
Ag tús na bliana	12,000,000	7,200,000
Ath-infheistithe/ceannaithe i rith na bliana	1,182,685	4,800,000
Diúscairtí i rith na bliana	-	-
Ag deireadh na bliana	**13,182,685**	**12,000,000**

Cheannaigh agus d'ath-infheistigh CCÉ iomlán breise €1,182,685 isteach i Nótaí Státchiste i rith na bliana, a raibh dátaí aibíochta acu uile in 2024. Ba é an cóirluach an 31 Nol. 2023 €13,182,685 (2022: €12,000,000). Áirítear leis na sócmhainní infheistíochta €5,413,650 de chistí aoisliúntais. Infheistíodh cistí €2,500,000 an Chúlchiste Ainmnithe Dlí chomh maith i Nótaí Státchiste.

14. Ionstraimí airgeadais

	2023	2022
	€	€
Sócmhainní airgeadais		
Iarmhéideanna bainc agus airgid thirim	5,467,540	7,176,843
Sócmhainní infheistíochta		
	13,182,685	12,000,000
	18,650,225	**19,176,843**
Dliteanais Airgeadais		
Creidiúnaithe trádála	**393,146**	**572,918**

15. Féichiúnaithe

	2023	2022
	€	€
Féichiúnaithe Trádála	28,410	65,359
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	192,983	118,854
Féichiúnaithe Eile	8,187	8,187
	229,580	**192,400**

16. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

	2023	2022
	€	€
Airgead sa bhanc agus ar láimh	5,467,540	7,176,843

17. Airgead Tirim

	2023 €	2022 €
Airgead ar láimh	163	309
Cuntais reatha	4,269,513	5,398,038
Cuntas taisce cistí aoisliúntais	200,950	536,964
Cuntais taisce téarma sheasta	996,914	1,241,532
	5,467,540	**7,176,843**

18. Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

	2023 €	2022 €
Creidiúnaithe trádála	393,146	572,918
Creidiúnaithe eile	15,774	12,827
ÍMAT/ÁSPC	133,984	162,244
CBL	111	-
PSWT	44,557	29,353
Ioncam iarchurtha	6,133,958	6,023,678
Fabhruithe	713,504	764,838
Scéim aoisliúntais CCÉ	5,942,870	5,585,823
	13,377,904	**13,151,681**

19. Cúlchistí

Cheadaigh an Chomhairle Beartas Cúlchistí nua in 2022 mar chuid d'Athbhreithniú Straitéiseach ar Mhaoiniú CCÉ, a ndearnadh nuashonrú breise air in 2023. Is éard atá sa bheartas nua cur chuige i leith cúlchistí comhdhlúite, a imfhálaíonn an Cúlchiste Ainmnithe Dlí agus a chomhdhlúthaíonn na cúlchistí uile eile mar Chúlchistí Comhdhlúite amháin singil neamhdhifreáilte téarma acmhainne.

Le leordhóthanacht na riachtanas cúlchiste a chinntiú do riachtanais áirithe a sainaithníodh, cosúil lena bheith cumhdaithe ag na uasteorainneacha a dtugtar cuntas orthu i mír 19.3, socraítear suim na tairsí íosta do gach cúlchiste (gan an Cúlchiste Athluachála a áireamh) ar leibhéal 50 faoin gcéad de

láimhdeachas/ioncam ó tháillí. Cinnteoidh seo go gcuirtear cistiú leordhóthanach ar leataobh do theagmhais a sainaithníodh.

D'aontaigh an Chomhairle leis na teorainneacha ar na cúlchistí seo agus leantar le hathbhreithniú bliantúil a dhéanamh orthu lena chinntiú go leanann siad de bheith oiriúnach don fheidhm. Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar an mBeartas Cúlchistí an 14 Nollaig 2023.

19.1 Cúlchiste athluachála

Rinne Murphy Mulhall, Suirbhéirí Cairte, luacháil ar an réadmhaoin ruílse an 5 Deireadh Fómhair 2023 ar luach cóir €12,400,000, anuas ón luacháil €17,700,000 faoinar tugadh in 2019. Léirigh CCÉ an luacháil leasaithe seo sna cuntais leasaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

19.2 Cúlchiste ainmnithe dlí

I gcomhréir le straitéis airgeadais CCÉ, bunaíodh cúlchiste ainmnithe dlíthiúil mar chúlchiste chun íoc as aon chostais mhóra a eascraíonn as agóidí dlíthiúla le haon chuid den Acht Cógaisíochta, 2007 agus ó aon rialáil a dhéanann CCÉ. I gcomhréir le beartas cuntasaíochta CCÉ, nuair nach dteastaíonn na cistí siúd a thuilleadh, scaoilfear ar ais iad leis an gCúlchiste Ginearálta.

19.3 Cúlchistí comhdhlúite

Tá an méid seo a leanas i gceist leis na cúlchistí comhdhlúite:

- Cúlchiste ioncaim agus caiteachais
- Cúlchiste cuspóirí straitéiseacha
- Cúlchiste infheistíochta i dteicneolaíocht amach anseo
- Cúlchiste cothabhála foirgneamh
- Cúlchiste um fheidhmiúlacht chun cleachtadh

19.3.1 Cúlchiste ioncaim agus caiteachais

Is ionann an Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais barrachas agus easnaimh charnacha a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam, glan ar aistrithe go dtí agus ó chúlchistí eile.

19.3.2 Cúlchiste Cuspóirí Straitéiseacha

Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar leithdháileadh cistithe atá tiomnaithe do chistiú ar bhonn bliantúil, tionscadail straitéiseacha a sainaithníodh amhlaidh mar chuid den phróiseas pleanála bliantúil, an 14 Nollaig 2010 agus socraítear an uasteorainn faoi láthair ag a mhéid le €500,000 sa bhliain. Sainítear na tionscadail straitéiseacha amhail iad siúd a shásaíonn na critéir seo a leanas:

- tionscadail atá aonuaire i dtaobh cineáil agus tá siad ar aon dul le spriocanna straitéiseacha fadtéarmacha CCÉ, agus
- tionscadail nach bhfuil bliantúil ó thaobh cineáil de ach a thiteann amach chomh minic le gach cúig bliana, nó níos faide, ar a laghad.

19.3.3 Cúlchiste infheistíochta i dteicneolaíocht amach anseo

Cúlchiste a leithdháiltear go sonrach le tionscadal forbartha infheistíochta i dteicneolaíochtaí nua agus amach anseo do CCÉ ag a bhfuil uasteorainn €1.2m a chistiú.

19.3.4 Cúlchiste cothabhála foirgneamh

Cúlchiste a leithdháiltear go sonrach le cothabháil saolré leanúnach Theach CCÉ agus riachtanais athchóirithe úsáide amach anseo a chistiú ag a bhfuil uasteorainn €1.5m.

19.3.5 Cúlchiste rollach um fheidhmiúlacht chun cleachtadh

Cúlchiste a leithdháiltear go sonrach chun bainistíocht an chóais gearán a chistiú, atá faoi stiúir éilimh d'fhonn buaiceanna agus loig bliain ar bhliain a sheach-chur. Cúlchiste rollach é seo ag a bhfuil teorainn €300,000.

19.4. Gluaiseachtaí i gCúlchistí

Sonraítear thíos na gluaiseachtaí i gcúlchistí:

	An 1 Eanáir 2023	Ioncam	Caiteachas	Aistrithe	An 31 Nollaig 2023
Cúlchiste ioncaim agus caiteachais	8,409,123	8,435,537	(8,811,386)	(384,707)	**7,648,567**
Cúlchiste cuspóirí straitéiseacha	-	-	(198,116)	198,116	**-**
Cúlchiste infheistíochta i dteicneolaíocht amach anseo	1,200,000	-	-	-	**1,200,000**
Cúlchiste cothabhála foirgneamh	1,500,000	-	-	-	**1,500,000**
Cúlchiste um fheidhmiúlacht chun cleachtadh	-	-	(186,591)	186,591	**-**
Cúlchistí comhdhlúite iomlána	**11,109,123**	**8,435,537**	**(9,196,093)**	**-**	**10,348,567**
Cúlchiste athluachála	**11,413,635**	**-**	**-**	**(5,300,000)**	**6,113,635**
Cúlchiste ainmnithe dlí	**2,500,000**	**-**	**-**	**-**	**2,500,000**
Cúlchistí iomlána	**25,022,758**	**8,435,537**	**(9,196,093)**	**(5,300,000)**	**18,962,202**

20. Ceangaltais Phinsin

Scéim Aoisliúntais Chumann Cógaiseoirí na hÉireann 2016

Faoi Sceideal 1 den Acht Cógaisíochta, 2007, ceanglaítear ar CCÉ scéim a sholáthar chun sochair aoisliúntais a dheonú do agus maidir lena chomhaltaí foirne, faoi réir faomhadh Aire.

Shínigh an tAire Sláinte Scéim Aoisliúntais Chumann Cógaiseoirí na hÉireann 2016 (I.R. Uimh. 136 de 2016) le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an 10 Márta 2016 agus chuir CCÉ tús le hoibriú na Scéime ag an dáta sin. Glactar leis na Rialacha a leagtar amach sa Sceideal leis na Rialacha um Chomhaltaí na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Réamhbheitheacha, 2014 (I.R. Uimh. 582 de 2014) mar Scéim chun sochair aoisliúntais a dheonú do nó maidir le comhaltaí foirne atá incháilithe ballraíocht a ghlacadh den Scéim seo. Cuimsítear i nglacadh leis an Ionstraim Reachtúil agus ina faomhadh an Scéim Aoisliúntais Foirne agus Scéimeanna Pinsin Ranníocacha na gCéilí agus na Leanaí faoi aon phríomhscéim amháin, i.e. Scéim Aoisliúntais Chumann Cógaiseoirí na hÉireann 2016. Dúnadh an scéim d'iontrálaithe nua san earnáil phoiblí amhail an 31 Nollaig 2012.

Déanann CCÉ ranníocaíochtaí fostóra lena gcomhaontaítear leis an scéim a fhabhraítear sa bhliain de réir mar a bhíonn siad le híoc. Níor cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an mheicníocht chistithe don Scéim go fóill. Dá bharr, tá na ranníocaíochtaí a bailíodh á gcoimeád ag CCÉ faoi láthair thar ceann an Stáit i gcuntas taisce ainmnithe go dtí an tráth sin go gceadófar an mheicníocht chistithe go foirmiúil.

Faoi na cúinsí seo agus de bharr an mhéid thuas, measann CCÉ nach bhfuil forálacha Mhír 28 de FRS 102, Cuntasaíocht do Shochair Fostaithe cuí faoi láthair. Cuntasaíocht dá ranníocaíochtaí atá ann, dá réir, faoi mar a bheadh scéim le ranníocaíocht shainithe i gceist leis an Scéim.

Bhí sochair aoisliúntais iníoctha amhail an 31 Nollaig 2023 maidir le triúr ball. B'ionann sochair iomlána agus €13,763 (gan aon chnapshuim a íocadh san áireamh).

Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí

Tháinig Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013, faoi mar a bhforáiltear dó san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Baineann an Scéim Aonair le gach iontrálaí céaduaire inphinsin chuig an tseirbhís phoiblí anuas ar iar-fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá ag filleadh ar an tseirbhís phoiblí i ndiaidh sos breis agus 26 seachtain a ghlacadh. Scéim le sochar sainithe bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime is ea an Scéim.

Tá CCÉ freagrach as ranníocaíochtaí don scéim seo a bhailiú agus a aisíoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá gné fostóra agus fostaí araon sna ranníocaíochtaí seo. Tá CCÉ freagrach as na sochair scéime uile a maoiníodh ó na ranníocaíochtaí atá iníoctha leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a íoc agus i gcomhréir lena treorú. Tá sochar amháin iníoctha faoi láthair faoin scéim. Measann CCÉ go bhfuil an éifeacht chéanna airgeadais ag na socruithe pinsin faoi mar a ndéantar cur síos thuas orthu ó dhearcadh CCÉ atá ag scéim le ranníocaíocht shainithe. Ceapann CCÉ nach bhfuil forálacha Mhír 28 de FRS 102, Cuntasaíocht do Shochair Fostaithe cuí faoi láthair a thagann aníos scéimeanna le sochar sainithe faoi na cúinsí seo.

21. Imeachtaí tar éis dháta an chláir chomhardaithe

Níor tháinig aon chúinsí nó imeachtaí eile aníos i ndiaidh dheireadh na bliana, óna dteastaíonn coigeartú ar, nó nochtadh i, na ráitis airgeadais nó sna nótaí leo.

22. Páirtithe Gaolmhara

Ní dhearnadh aon idirbhearta le páirtithe gaolmhara ar gá iad a nochtadh.

23. Páirtí Rialaithe

Tá CCÉ á rialú ag an gComhairle faoi réir fhorálacha an Achta Cógaisíochta, 2007.

24. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh agus d'údaraigh an Chomhairle na ráitis airgeadais seo lena n-eisiúint an 21 Márta 2024.

PSI

The Pharmacy Regulator

An Rialtóir Cógaisíochta

Cumann Cógaiseoirí na hÉireann

CCÉ – an Rialtóir Cógaisíochta

Teach CCÉ, Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2, D02 TD72
+353 1 218 4000
info@psi.ie
www.psi.ie